




Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean
National Pensions Reserve Fund Commission

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

Tuarascáil Bhliantúil agus
Ráitis Airgeadais 2012





Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean
National Pensions Reserve Fund Commission

28 Meitheamh 2013

An tUasal Michael Noonan, T.D.,
An tAire Airgeadais,
Tithe an Rialtais,
Sráid Mhuirfean Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Tá sé d'onóir agam Tuarascáil agus Cuntais Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 a chur faoi do bhráid.

Is mise le meas,

Paul Carty,
Cathaoirleach

Clár na nÁbhar

7 An Tuarascáil

4. Focal ón gCathaoirleach

6 Achoimre Fheidhmeach

9 Sainordú agus Straitéis Infheistíochta CNP

12 Athbhreithniú Margaidh

14 Feidhmíocht

18 Athbhreithniú ar an bPunann Lánroghnach

30 Athbhreithniú ar an bPunann Stiúrtha

32 Infheistíocht Fhreagrach

34 Rioscaí, Maoirseacht agus Rialúcháin

36 Táillí agus Costais

37 Coimisinéirí

38 Rialú Cistí

41 Na Ráitis Airgeadais

77 Punann na nInfheistíochtaí

110 Gluais

111 Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Faisnéis Chorparáideach

Focal ón gCathaoirleach



Ba bhliain dhúshlánach é 2012 don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ("CNP" nó an "Ciste") agus don Choimisiún mar gheall ar an athrú leantach i dtreo sainordú an Chiste a athdhíriú ar infheistíochtaí in Éirinn.

Straitéis Infheistíochta

Is é sainordú reachtúil an Chiste ná an toradh fadtréimhseach a uasmhéadú, faoi réir rioscaí atá inghlactha don Choimisiún. Tá an sainordú seo léirithe i Straitéis Infheistíochta an Chiste ó cuireadh ar bun é sa chaoi a ndearnadh punann an-éagsúlaithe a chur le chéile, ó thaobh chineál na sócmhainne agus shuíomh na sócmhainne de.

Tá sé soiléir ó 2011 áfach, go bhfuil fonn ar an Rialtas sainordú an Chiste a athrú chun acmhainní CNP a athdhíriú ar infheistíochtaí i réimsí a bhfuil tábhachtach straitéiseach ag baint leo ar mhaithe le Geilleagar na hÉireann, faoin Tionscnamh um Infheistíocht Straitéiseach in Éirinn (TISÉ).

Ó shin i leith, tá an Coimisiún i mbun comhrá leis an Aire Airgeadais agus le hoifigigh ina Roinn i ndáil leis an Tionscnamh um Infheistíocht Straitéiseach in Éirinn agus leis na leasuithe reachtaíochta a bheidh ag teastáil chun an tionscnamh seo a chur i gníomh.

Is iomaí na dúshláin a cuireadh fúinne i gcaitheamh 2012 agus muid ag obair i dtreo an reachtaíocht leasaitheach a achtú chun freagracht reachtúil an Choimisiúin a chur in oiriúint le hintinn shonraithe an Rialtais go méadóidh an Ciste infheistíocht in Éirinn.

Ar an gcéad dul síos, thug an Coimisiún faoin dúshlán seo trí ghné shuntasach caomhnaithe caipitil a chur le straitéis infheistíochta an Chiste. Cuireadh an Straitéis Caomhnaithe Caipitil i bhfeidhm trí ghnáth-scair-roghanna agus trí dhíolacháin gnáthscaireanna aron.

De bharr an ghanntanais chaipitil atá ann faoi láthair agus an geilleagar ag cobhsú agus ag téarnamh, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil deiseanna tarraingteacha infheistíochta ann in Éirinn a bhféadfadh torthaí

suntasacha a bheith de thoradh orthu. Dá bhrí sin, agus ar an dara dul síos, tháinig an Coimisiún ar thuairim go bhféadfadh suas le 20% den Phunann Lánroghnach a chur i leataobh go stuama d'infheistíochtaí tráchtála in Éirinn chun leas a bhaint as na deiseanna sin gan dochar a dhéanamh don sainordú atá ag an gCiste faoi láthair i leith infheistíochtaí reachtúla.

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an cur chuige dériain seo idir stuama agus ciallmhar i dtaobh straitéis infheistíochta fadtréimhseach an Chiste, rud a léiríonn a fhreagrachtaí reachtúla, a nascadh le straitéis a léiríonn intinn an Rialtais chun sainordú an Chiste a athdhíriú ar Éirinn. Tá an Coimisiún den tuairim chomh maith go gcabhróidh luaineacht níos lú an Chiste de bharr na Straitéise Caomhnaithe Caipitil lena chinntiú nach laghdóidh mórgluaiseachtaí an mhargaidh an méid a bheidh ar fáil le hinfeistiú in Éirinn tráth a mbeidh sé ag teastáil.

I bhfianaise na straitéise infheistíochta seo, agus in oirchill an leasaithe reachtaíochta ar an sainordú infheistíochta, tá obair déanta ag an gCoimisiún i dtreo píblíne infheistíochtaí féideartha a fhorbairt faoi scáth an Chiste Infheistíochta Straitéisí. Tá roinnt tionscadal fógartha go dtí seo, lena n-áirítear ceangaltais i réimsí ar nós an infreastruchtúir, an uisce, an mhaoinithe fhadtréimhsigh do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus an airgid fiontraíochta.

An Phunann

Tá an Ciste roinnte ina dhá phunann chun críche cuspóirí bainistíochta – Punann na nInfheistíochtaí Lánroghnacha (a bhfuil freagracht ar an gCoimisiún as a hinfeistiú go fóill) agus Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha (infheistíochtaí beartais phoiblí sna bainc a dhéantar de réir thoil an Aire Airgeadais).

Amhail ar an 31 Nollaig 2012, b'ionann luach CNP agus €14.7 billiún, €6.1 billiún sa Phunann Lánroghnach agus €8.6 billiún sa Phunann Stiúrtha.

Tugtar anseo thíos achoimre ar na hathruithe ar luach an Chiste i rith na bliana:

Tábla 1

Athrú ar Luach CNP 2012

	€bn
CNP amhail ar an 31 Nollaig 2011	13.4
Ranníocaíocht leis an / aistarraingt ag an Státchiste	-
Glanghnóthachan i Luach na Punainne Lánroghnaí	0.5
Glanghnóthachan i Luach na Punainne Stiúrtha	0.8
Iomlán amhail ar an 31 Nollaig 2012	14.7

Feidhmíocht

B'ionann an toradh iomlán ar an gCiste in 2012 agus +9.4%, na Punanna Lánroghnacha agus Stiúrtha san áireamh. Cuimsíonn an figiúr seo an toradh ar an bPunann Lánroghnach de +7.8% agus an toradh ar an bPunann Stiúrtha de +10.5%.

Baineadh amach an toradh ar an bPunann Lánroghnach de +7.8% de bharr méaduithe foisteanacha a tháinig ar an luach i gcaitheamh na bliana mar aon le riosca laghdaithe, rudaí a léiríonn chuspóirí na Straitéise Caomhnaithe Caipitil. Ní ghlacann an Ciste an leas céanna as feidhmíocht dhearfach an mhargaidh chothromais a thuilleadh de dheasca na straitéise áfach, agus tá sé seo soiléir nuair a chuirtear torthaí na bliana seo i gcomparáid leis na torthaí a baineadh amach in 2012. Ina ainneoin sin, táimid an-sásta leis an toradh coigeartaithe de réir riosca a bhain an Phunann Lánroghnach amach le linn na tréimhse tar éis an Straitéis Chaomhnaithe Caipitil a chur i ngníomh.

Anois agus cur chun críche CNP agus cur ar bun an Chiste Infheistíochta Straitéisí in Éirinn ag druidim linn, is tráthúil súil siar a chaitheamh ar fheidhmíocht fhadtréimhseach an Chiste.

Ó cuireadh an Ciste ar bun in Aibreán 2001, tá bainte amach ag an bPunann Lánroghnach toradh bliantúlaithe de +3.7% in aghaidh na bliana i gcomparáid le toradh tagarmhairc an Chiste de +3.1% in aghaidh na bliana agus le meántoradh cistí bainistithe pinsean Éireannacha de +2.2% in aghaidh na bliana. B'ionann an ráta boillsithe in Éirinn thar an tréimhse agus +2.5% in aghaidh na bliana.

Mar gheall ar na deacrachtaí airgeadais atá ag cur as don Státchiste faoi láthair, ghlac an Coimisiún cuspóir tánaisteach in Eanáir 2010 a bhfuil sé mar aidhm aige

torthaí níos fearr ná costas fhiachas an Rialtais a bhaint amach thar thréimhsí rollacha cúig bliana. Ó shin i leith, tá bainte amach ag an bPunann Lánroghnach toradh de +7.1% in aghaidh na bliana, figiúr ar mó é ná meántoradh bhannaí Rialtas na hÉireann thar an tréimhse chéanna de +6.3% in aghaidh na bliana.

Comhaltaí Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Bail Foirne

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo Chomhchoimisinéirí agus le comhaltaí ár gcoistí comhairleacha as ucht a dtiomantais agus a ndíograise le 12 mhí anuas.

Ba mhaith liom nótaíl gur éirigh John Canning as bheith ina chomhalta den Choimisiún agus den Choiste Comhairleach Cothromais Phríobháidigh ar an 17 Eanáir 2013 agus ba mhaith liom chomh maith aitheantas a thabhairt don mhéid suntasach a rinne John don eagraíocht agus don tacaíocht a chur sé ar fáil i gcaitheamh na n-ocht mbliana anuas.

Is mian liom buíochas a ghabháil chomh maith le foireann GBCN as an obair chrua a rinne siad agus as an ngairmiúlacht le linn tréimhse dhúshlánach inar tharla athruithe suntasacha don Chiste.

Na Chéad Chéimeanna Eile

An 13 Meitheamh 2013, d'fhógair an Rialtas tograí reachtaíochta chun an Ciste Infheistíochta Straitéisí in Éirinn a chur ar bun, agus táthar ag súil leis go n-achtófar an reachtaíocht bhainteach i dtreo dheireadh 2013.

Tar éis achtú na reachtaíochta nua, déanfar Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean a dhíscaoileadh agus cuirfear struchtúr rialachais nua i bhfeidhm laistigh de GBCN. Tá an Coimisiún tiomanta do thrasdul ordúil a chinntiú ó CNP go dtí CISÉ, agus ón gCoimisiún go dtí na socruithe rialachais nua laistigh de GBCN agus déanfaidh an Coimisiún ar féidir leis chun tacú leis an trasdul seo.



Paul Carty

Cathaoirleach

27 Meitheamh 2013

Achoimre Fheidhmeach

Forbhreathnú

- Bunaíodh CNP in 2001 d'fhonn costais pinsin leasa sóisialta agus seirbhíse poiblí a chlúdach, oiread agus is féidir, ó 2025 go dtí 2055 ar a laghad.
- Tá CNP faoi rialú Choimisiún CNP. Comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, arb é an ghníomhaireacht a dhéanann bainistíocht ar an gCiste.
- Is é sainordú reachtúil an Chiste ná an toradh fadtréimhseach a uasmhéadú, faoi réir rioscaí atá inghlactha don Choimisiún. Tá an sainordú seo léirithe i Straitéis Infheistíochta an Chiste ó cuireadh ar bun é sa chaoi a ndearnadh punann an-éagsúlaithe a chur le chéile, ó thaobh chineál na sócmhainne agus shuíomh na sócmhainne de.
- In 2009, athraíodh creat reachtaíochta agus oibriúcháin an Chiste go suntasach nuair a thug an tAire Airgeadais treoir don Chiste cúnamh a thabhairt d'fhonn dul i ngleic leis an ngéarchéim airgeadais in Éirinn trí Bhanc na hÉireann agus trí Bhainc-Aontas Éireann ("AIB") a athchaipitliú. In Mí na Samhna 2010, d'fhógair an Rialtas go soláthródh an Ciste €10 billiún de ranniocaíocht €17.5 billiún an Stáit le Clár Tacaíocht Airgid AE/CAI d'Éirinn, arb ionann a luach iomlán agus €85 billiún, agus in 2011 rinneadh an tsuim seo a infheistiú i mBanc na hÉireann agus i mBainc-Aontas Éireann. Tá infheistithe ag an gCiste, de réir threoir an Aire Airgeadais, €20.7 billiún sa dá bhanc, €4.7 i mBanc na hÉireann agus €16.0 billiún i mBainc-Aontas Éireann.
- I Meán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas go raibh sé beartaithe aige Ciste Infheistíochta Straitéisí a chur ar bun "a bhainfeadh leas as acmhainní CNP chun infheistíochtaí a dhéanamh i nGeilleagar na hÉireann... agus a dhireodh isteach ar réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar mhaithe le Geilleagar na hÉireann amach anseo".
- I bhfianaise na n-athruithe suntasacha atá déanta ar an gCiste ó 2009, na n-éileamh leachtachta atá i ndán don Choiste, agus na neamhchinnteachta i leith chuspóir agus sainordú an Chiste as seo amach, chuir an Coimisiún tús le Straitéis Chaomhnaithe Caipitil a chur i ngníomh in 2011 agus leanadh den chur i ngníomh seo in 2012, d'fhonn méid áirithe cosanta ar an taobh thíos


a sholáthar i gcoinne aon mheatha a thiocfaidh ar an margadh cothromais agus chun roinnt rannpháirtíochta a éascú má éireoidh go maith leis na margaidh.

- Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil deiseanna tarraingteacha infheistíochta le tapú in Éirinn faoi láthair, arna spreagadh ag an nganntanas caipitil. Sa chomhthéacs seo, tháinig an Coimisiún ar thuairim go bhféadfadh suas le 20% den Chiste a chur i leataobh go stuama d'infheistíochtaí tráchtála in Éirinn chun leas a bhaint as a leithéid de dheiseanna gan dochar a dhéanamh don sainordú atá ag an gCiste faoi láthair i leith infheistíochtaí reachtúla. Tá infheistithe nó tiomnaithe ag an gCiste go dtí seo thart ar €1 billiún i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar mhaithe le Geilleagar na hÉireann, lena n-áirítear infreastruchtúr, maoiniú fadtréimhseach do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus airgead fiontraíochta.
- Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an cur chuige dériain seo idir stuama agus ciallmhar i dtaobh straitéis infheistíochta fadtréimhseach an Chiste, rud a léiríonn a fhreagrachtaí reachtúla, a nascadh le straitéis a léiríonn intinn an Rialtais chun sainordú an Chiste a athdhírú ar Éirinn.
- An 13 Meitheamh 2013, d'fhógair an Rialtas tograí reachtaíochta chun an Ciste Infheistíochta Straitéisí in Éirinn a chur ar bun, agus táthar ag súil leis go n-achtófar an reachtaíocht sin i dtreo dheireadh 2013.

Infheistíochtaí CNP

Amhail ar an 31 Nollaig 2012, b'ionann luach iomlán an Chiste agus
€14.7 billiún:

- B'ionann luach na Punainne Lánroghnaí, rud a bhfuil an Coimisiún fós freagrach as a infheistiú, agus €6.1 billiún (41% den iomlán).
- B'ionann luach na Punainne Stiúrtha, eadhon na hinfeistíochtaí a dhéantar in institiúidí airgeadais Éireannacha ar chúiseanna beartas poiblí de réir threoir an Aire Airgeadais, agus €8.6 billiún (59% den iomlán).

Cairt 1**CNP amhail ar an 31 Nollaig 2012 – Luach Iomlán****Leithdháileadh Sócmhainní**

Bhí leithdháileadh sócmhainní an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2012 mar seo a leanas:

Tábla 2**Achoimre ar Leithdháileadh Sócmhainní CNP¹**

	Sócmhainní €m	% den Phunann Lánroghnach	% den Iomlán an Chiste
Gnáthscaireanna Luaite	2,052	33.7	14.0
Bannaí agus Airgead Tirim	1,956	32.2	13.3
Sócmhainní Malartacha ¹	2,076	34.1	14.1
Iomlán na Punainne Lánroghnaí	6,084	100.0	41.4
Bainc-Aontas Éireann	6,402		43.6
Banc na hÉireann	2,198		15.0
Iomlán na nInfheistíochtaí Stiúrtha	8,600		58.6
Iomlán an Chiste	14,684		100.0

Nótaí

¹ Cuimsíonn Sócmhainní Malartacha Réadmhaoin, Cothromas Príobháideach, Cistí Dearbhthorthaí, Tráchtearraí agus Infreastruchtúr.

- Rinneadh an Straitéis Chaomhnaithe Caipitil a chur i bhfeidhm trí ghnáth-scair-roghanna innéacsaithe a cheannach agus trí ghnáthscaireanna a dhíol. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na straitéise seo ar bhonn leanúnach agus rinneadh athruithe uirthi le linn 2012 chun cur i bhfeidhm éifeachtach a áirithiú.

Tugtar anseo thíos achoimre ar cheangaltais infheistíochta an Chiste in Éirinn amhail ar an 31 Bealtaine 2013:

Tábla 3**Ceangaltais Infheistíochta CNP in Éirinn**

Amhail ar an 31 Bealtaine, 2013	€m
Ciste Nuálaíochta Éireann	125
Cistí Áitiúla Caipiteal Fiontair	69
Bannaí Corparáide Éireannacha	83
Foraoisí na hÉireann	35
Ciste Infreastruchtúir Éireannaigh	250
Saoráid Teannta CPP	29
Ciste Cothromais do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide - Carlyle Cardinal	125
Ciste Cothromais do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide - Better Capital	50
Ciste Creidmheasa do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide - Bluebay	200
Gealltanas tugtha go dtí an Dáta	966
Ceangaltais Ionchais	
Uisce Éireann	250
Idirbhearta Ceadaithe Eile	80
Iomlán na gCeangaltas	1,296
Luach Phunann Lánroghnach CNP	6,489
% de Luach na Punainne Lánroghnaí	20.0%


¹ Léiríonn an tábla leithdháilte sócmhainní neamhchosaint eacnamaíoch sócmhainní an Chiste. Ní hionann na figiúirí seo agus na figiúirí sna Ráitis Airgeadais (i) de bharr staid thodhchaíochtaí innéacs gearrchothromais an Chiste, a bhfuil a luach ainmniúil dealaithe ó Iomlán na nGnáthscaireanna agus curtha le hairgead tirim i Leithdháileadh na Sócmhainní agus (ii) de bharr gnáthscaireanna infreastruchtúir luaite an Chiste, atá breactha síos faoi Shócmhainní Malartacha i Leithdháileadh na Sócmhainní.

Feidhmíocht

- B'ionann an toradh iomlán ar CNP in 2012 agus +9.4%, figiúr a chuimsíonn:
 - An Phunann Lánroghnach +7.8%.
 - An Phunann Stiúrtha +10.5%.
- Ó dháta tionscanta an Chiste in 2001 go dtí deireadh 2012, tá baint amach ag an bPunann Lánroghnach feidhmíocht bhliantúil de +3.7% in aghaidh na bliana.
- Féadtar é seo a chur i gcomparáid le meántoradh cisti bainistithe pinsean Éireannacha de +2.2% in aghaidh na bliana, leis ráta boilscithe na hÉireann de +2.5% in aghaidh na bliana agus toradh tagarmhairc an Chiste de +3.1% in aghaidh na bliana.
- Tugtar i gCairt 2 breac-chuntas ar fheidhmíocht an Chiste ó bhliain go bliain ó bunaíodh é.

Cairt 2

Feidhmíocht Phunann Lánroghnach CNP 2001 go dtí 2012



- Athraíodh an straitéis infheistíochta i dtaca leis an bPunann Lánroghnach as an 1 Eanáir 2010 amach agus leagadh amach cuspóir tánaisteach infheistíochta a raibh sé mar aidhm aige torthaí níos fearr a bhaint amach ná costas fhiachas cúig bliana an Rialtais thar thréimhsí rollacha cúig bliana.
- Thuill an Phunann Lánroghnach toradh de +7.1% sa tréimhse ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2012, i gcomparáid le meántoradh de +6.3% in aghaidh na bliana ar fhiachas cúig bliana Rialtas na hÉireann.

- Ó cuireadh an Straitéis Chaomhnaithe Caipitil i bhfeidhm in 2011, tá baint amach ag an gCiste toradh maith coigeartaithe de réir riosca. Tá méadú stuama tagtha air ó shin ach tá baint amach laghdú suntasach ar a luaineacht ag an am céanna.
- Baineadh amach toradh de +7.8% ar an bPunann Lánroghnach in 2012, i gcomparáid le toradh tagarmhairc an Chiste de +13.7%. Bhí an tearcfheidhmíocht seo i gcomparáid leis an toradh tagarmhairc de thoradh ar chur i bhfeidhm na Straitéise Caomhnaithe Caipitil (rud a chosnaíonn i gcoinne laghduithe ar mhargáí cothromais, ach a chuireann teorainn leis an bpáirt a fhéadann an Ciste a ghlacadh i margáí éiritheacha agus a thabhaíonn costais bhisigh scair-roghanna), agus ar thearcfeidhmíocht sócmhainní leachtacha an Chiste (réadmhaoin agus cothromas príobháideach) i gcomparáid lena dtorthaí tagarmhairc.
- Léirigh an toradh de +10.5% ar an bPunann Stiúrtha in 2012 an bborradh a tháinig i luachálacha ghnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta Bhainc-Aontas Éireann agus Banc na hÉireann araon agus an díbhinn airgid de €188 milliún a d'eisigh Banc na hÉireann i leith na scaireanna tosaíochta.

Sainordú agus Straitéis Infheistíochta CNP

An Creat Reachtaíochta

Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ("CNP" nó "an Ciste") in Aibreán 2001, faoi *Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* ("Acht CNP") agus ba é an cuspóir reachtúil a bhí aige ag an tráth sin ná costais pinsin leasa sóisialta agus seirbhíse poiblí a chlúdach, oiread agus is féidir, ó 2025 go dtí 2055 ar a laghad. Déantar foráil sa reachtaíocht atá mar bhonn agus thaca ag CNP go n-íocfaidh an tAire Airgeadais, gach bliain ó 2001 go dtí 2055, an choibhéis le 1% den olltáirgeacht náisiúnta leis an gCiste chun tacú leis an gcuspóir seo.

Tá CNP faoi rialú Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. I measc na bhfeidhmeanna atá ag an gCoimisiún, déanann sé Straitéis Infheistíochta CNP a shocrú agus a chur i bhfeidhm de réir a bheartais infheistíochta reachtúla. Comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, arb é an gníomhaireacht a dhéanann bainistíocht ar an gCiste. I Márta 2011, d'athcheap an Coimisiún GBCN mar an mBainisteoir go ceann tréimhse cúig bliana eile go dtí Aibreán 2016 de réir na reachtaíochta a bhaineann leis an gCiste agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

De réir Acht CNP, éilítear ar an gCoimisiún sócmhainní an Chiste a infheistiú ionas go mbainfear amach an toradh airgeadais is fearr agus is féidir, ag féachaint do chuspóir an Chiste agus do riachtanais an Chiste chun íocaíochtaí a dhéanamh leis an Státchiste as 2025 amach, ar chuntar go mbeidh leibhéal an riosca don airgead i seilbh nó infheistithe inghlactha don Choimisiún.

I bhfianaise an chuspóra fhadtréimhsigh a leagtar amach don Chiste sa reachtaíocht, rinne an Coimisiún straitéis infheistíochta fhadtréimhseach a fhorbairt, rud atá léirithe ina leithdháileadh sócmhainní straitéiseacha.

Athruithe ar an Reachtaíocht

In 2009, rinne an tAire Airgeadais cinneadh chun úsáid a bhaint as cuid de shócmhainní an Chiste chun cabhrú le dul i ngleic leis an ngéarchéim airgeadais in Éirinn.

Leis an *Acht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009* ("Acht 2009"), rinneadh leasú ar Acht CNP chun úsáid CNP a chumasú chun críche bainc a athchaipitliú. Cuireann sé ar chumas an Aire Airgeadais treoir a thabhairt don Choimisiún infheistiú in urrúis shonraithe de chuid forais chreidmheasa, má chinneann sé, tar éis dó dul i ndáil chomhairle le Gobharnóir an Bhanc Ceannais agus leis an Rialtóir Airgeadais, go bhfuil

an treoir sin riachtanach, ar leas an phobail, chun críche ceachtar den dá chuspóir seo a leanas, nó an dá cheann acu:

- corraíl thromchúiseach i nGeilleagar an Stáit a thabhairt chun réitigh;
- damáiste a d'fhéadfadh bheith tromchúiseach do chóras airgeadais an Stáit a chosc agus cobhsaíocht leanúnach an chórais sin a chinntiú.

Rinneadh Acht CNP a leasú chomh maith chun Infheistíochtaí Stiúrtha CNP a bhaint as feidhm ina bheartas infheistíochta reachtúla (chun an toradh is fearr agus is féidir a bhaint amach ar chuntar go bhfuil an riosca inghlactha don Choimisiún).

Ag deireadh mhí na Samhna 2010, d'fhógair an Rialtas go gcuirfeadh an Ciste ar fáil suas le €10 billiún den ranníocaíocht €17.5 billiún a dhéanfaidh an Stát le Clár Tacaíocht Airgid AE/CAI d'Éirinn ("an Clár").

Rinneadh leasú suntasach ar an reachtaíocht a rialaíonn an Ciste leis an *Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010* ("Acht FCC").

Tugadh cumhachtaí suntasacha don Aire Airgeadais de bhua Acht FCC, lena n-áirítear na cumhachtaí seo a leanas:

- ranníocaíocht bhliantúil an Státchiste le CNP a laghdú nó a chur ar fionraí in 2012 agus/nó in 2013;
- treoir a thabhairt don Choimisiún infheistiú in urrúis de chuid Rialtas na hÉireann;
- treoir a thabhairt don Choimisiún íocaíochtaí a dhéanamh go díreach leis an Státchiste sna blianta 2011, 2012 nó 2013, sa chás go bhfeictear dó go mbeadh a leithéid de bheart inmhianaithe ar mhaithe le caiteachas caipitil an Státchiste a mhaoiniú.

D'fheidhmigh an tAire na cumhachtaí seo i ndáil le ranníocaíocht an Státchiste leis an gCiste agus i ndáil leis an gCiste íocaíochtaí a dhéanamh go díreach leis an Státchiste.

Fógairt an Chiste Infheistíochta Straitéisí

I Meán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas go raibh ar intinn aige an Ciste Infheistíochta Straitéisí a bhunú, rud a bhí ina chuid de Chlár an Rialtais arna bhfoilsíú ag an Rialtas i Márta 2011. Chuir an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in iúl agus an pleán á fhógairt:

"Déanfaidh an Ciste Infheistíochta Straitéisí..., tar éis roinnt athruithe reachtaíochta a dhéanamh ar bheartas infheistíochta CNP, acmhainní ó CNP a dhíriú i dtreo infheistíochtaí fiúntacha a dhéanamh i nGeilleagar na hÉireann. Mar aon leis an airgead ó CNP, lorgóidh CNP infheistíochtaí tráchtála meaitseála ó infheisteoirí príobháideacha, agus díreoidh sé isteach ar réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar mhaithe le Geilleagar na hÉireann amach anseo."

Tá an Coimisiún i mbun comhrá leis an Aire Airgeadais agus lena oifigigh ó shin i ndáil leis an leasú beartaithe ar an reachtaíocht. An 13 Meitheamh 2013, d'fhógair an Rialtas tograí reachtaíochta chun an Ciste Infheistíochta Straitéisí in Éirinn a chur ar bun, agus táthar ag súil leis go n-achtófar an reachtaíocht bhainteach i dtreo dheireadh 2013.

Straitéis Infheistíochta

De thoradh ar na hInfheistíochtaí Stiúrtha sna bainc in 2009, bheartaigh an Coimisiún an Ciste a dheighilt ina dhá phunann leithleacha:

- An Phunann Lánroghnach – a bhfuil an Coimisiún freagrach as a hinfheistiú, agus
- An Phunann Stiúrtha – a bhaineann le hinfheistíochtaí beartais phoiblí sna bainc a rinneadh de bhun threoir an Aire Airgeadais.

Leithdháileadh Fadtréimhseach, Straitéiseach Sócmhainní

Bainistíonn an Coimisiún an Phunann Lánroghnach de réir na straitéise infheistíochta a bhí aige ar an gcéad dul síos, rud atá léirithe ina leithdháileadh straitéiseach sócmhainní. Is é seo an meascán is fearr is féidir a bhaint amach idir na catagóirí éagsúla sócmhainní, ag féachaint do chuspóirí riosca agus toraidh, d'amscálaí agus do shriantaí infheistíochta an Chiste. Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar infheistíochtaí i bpunann atá éagsúlaithe ar bhonn domhanda, lena n-áirítear gnáthscaireanna luaite, bannaí, cothromas príobháideach, tráchtearraí agus cistí dearbhthorthaí. Tá sé mar aidhm ag an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní feidhmíocht fhadtréimhseach a uasmhéadú agus foinsí riosca don Chiste a éagsúlú i bhfianaise a ionchais fhadtréimhsigh. Mar infheisteoir fadtréimhseach, tá sé d'acmhainn ag an gCiste luaineacht níos gearrthréimhsí i margaí a shárú agus infheistíochtaí a dhéanamh i sócmhainní leachtacha a ghineann torthaí níos fearr san fhadtréimhse.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a leithdháileadh straitéiseach sócmhainní in Eanáir 2010 agus thug sé faoi dearna, d'ainneoin na n-athruithe a rinneadh in Acht 2009, nach raibh aon athrú déanta ar an reachtaíocht a bheadh

ina chúis le hathbhreithniú a dhéanamh ar chuspóir reachtúil bunaidh an Choimisiúin i dtaca le Punann Lánroghnach CNP.

Cuspóir na hInfheistíochta

Mar gheall ar na deacrachtaí airgeadais atá ag cur as don Státchiste faoi láthair, rinne an Coimisiún cinneadh in Eanáir 2010 chun cuspóir tánaisteach a ghlacadh a bhfuil sé mar aidhm aige torthaí níos fearr ná costas fhiachas an Rialtais a bhaint amach thar thréimhsí rollacha cúig bliana. Glacadh an cuspóir tánaisteach seo toisc gur féidir a áitiú go léiríonn costas fhiachas an Rialtais an deis chostas ar chóir an toradh a ghineann CNP a chur i gcomparáid leis. Cinneadh, dá bhrí sin, aitheantas foirmiúil a thabhairt do na costais iasachta i gcuspóir infheistíochta an Chiste agus go luafaí go follasach é sa leibhéal riosca a raibh sé sásta glacadh leis.

Dá réir sin, leag Coimisiún CNP a Chuspóir Infheistíochta amach mar seo a leanas:

Is é an príomhchuspóir saibhreas deiridh an Chiste a uasmhéadú laistigh den amscála atá leagtha síos san Acht, trí straitéis infheistíochta a thugann aird mar is cuí ar chuspóir an Chiste.

Beidh sé ina chuspóir forlíontach den Chiste feidhmíocht chostas cúig bliana fhiachas an Rialtais a shárú thar thréimhsí rollacha cúig bliana ar ráta dóchúlachta de 75%.

Chun freastal ar an gcuspóir tánaisteach seo, rinne an Coimisiún athbhreithniú agus nuashonrú ar a leithdháileadh straitéiseach sócmhainní in Eanáir 2010.

D'fhéadfadh corraíolacha margaí bheith ina gcúis le deiseanna laistigh de chatagóirí áirithe sócmhainní nach bhfuil faoi scáth an leithdháilte straitéisigh sócmhainní. Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún le beartas leithdháilte dhinimiciúil sócmhainní a chuirfidh ar a chumas na deiseanna seo a thapú trí imeacht ó ualaí an leithdháilte straitéisigh sócmhainní. Tá údarás tarmiligthe ag Coimisiún CNP chuig GBCN chun leibhéal leithdháileadh lánach, straitéiseach na sócmhainní a athrú laistigh de raonta ceadaithe. Tá na raonta seo bunaithe ar an mbonn gur chóir do na hathruithe ar leithdháileadh dinimiciúil na sócmhainní bheith mór go leor chun tionchar ábharach a imirt ar riosca agus ar thoradh an Chiste ach gan teacht salach ar leithdháileadh straitéiseach na sócmhainní ná ar ról muiníneach an Choimisiúin i ndáil le CNP.

An Straitéis um Chaomhnú Caipítíl

I gcomhthéacs (i) na n-athruithe suntasacha a rinneadh maidir leis an gCiste ó 2009 i leith maidir le hinfheistíocht dhírithe i mbainc na hÉireann, (ii) na n-athruithe radacacha

sa Phunann Lánroghnach i ndiaidh réadú €10 billiún ón gCiste do Chlár Tacaíochta Airgeadais AE / CAI d'Éirinn, (iii) na n-éileamh leachtachta a bhí os comhair an Chiste, agus (iv) na héiginnteachta maidir le feidhm agus mandáid an Chiste amach anseo dá dtagraítear i gClár an Rialtais, cheannaigh an Ciste céadroghanna ar dhíol innéacs cothromais i mí an Mheithimh 2011. Mheas an Coimisiún gur infheistíocht chiallmhar é seo i gcomhthéacs na strusuntasach maicreacnamaíoch agus margaidh ag an am.

D'aithin an Coimisiún chomh maith, maidir le bunú molta an Chiste Infheistíochta Straitéisí, gur ghá caipiteal a chaomhnú d'fhonn a áirithiú go mbeadh sócmhainní CNP ar fáil nuair a dhéanfaí deiseanna cuí infheistíocht tráchtála a fhorbairt nó a fhoinsiú in Éirinn, ach go mbeadh inniúlacht éigin fós ag CNP páirt a ghlacadh i ngnóthachain dá n-éireadh go maith leis na margaí. D'fhorbair an Coimisiún "Straitéis um Chaomhnú Caipitil" chun éifeacht a thabhairt dá chuspóir déach.

Úsáideadh roghanna cothromais mar aon le díol cuid de shuíomhanna cothromais an Chiste chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Déantar faireachán ar an straitéis ar bhonn leanúnach le háirithiú go bhfuil sí á cur i bhfeidhm ar bhealach chomh cost-éifeachtúil agus is féidir, agus rinneadh athruithe ar an straitéis in 2012 a bhí ag teacht leis seo.

Mar achoimre, mheas an Coimisiún go raibh sa Straitéis um Chaomhnú Caipitil modh chun prionsabal "duine stuama" a chur i bhfeidhm agus í (i) ag cloí le straitéis infheistíochta fadtéarmaí an Chiste agus leithdháileadh sócmhainní ar aon dul, a bheag nó a mhór, le leithdháileadh straitéiseach sócmhainní agus le hinniúlacht ar an taobh thuas nuair a éiríonn leis na margaí, agus (ii) cur chuige gnáthchéille i leith luaineacht a laghdú, ag féachaint do ráitis agus ceanglais dhóchúla an Rialtais go n-athrófaí mandáid an Chiste. Sa chomhthéacs sin, chabhródh an straitéis chun a áirithiú nach laghdódh gluaiseachtaí móra margaidh go míchuí na méideanna a bheadh ar fáil sa gharthearma le haghaidh infheistíochta in Éirinn.

Bhíothas ar intinn i dtosach na roghanna cothromais a leachtú i lár 2012 ar an mbonn tuiscena go mbeadh na leasuithe reachtaíochta a rabhthas ag súil leo curtha i bhfeidhm faoin tráth sin. Ach ag féachaint don éiginnteacht leantach maidir le beartas infheistíochta fadtéarmaí an Chiste agus cé gur aithin sé na costais leantacha bhisigh, chinn an Coimisiún leanúint de neamhchosaintí cothromais agus roghanna a choimeád ag leibhéal atá comhsheasmhach leis an Straitéis um Chaomhnú Caipitil le linn 2012.

Infheistíochtaí in Éirinn

I Mí Mheán Fómhair 2011, leag an Rialtas amach a thogra maidir le bunú an Chiste Infheistíochta Straitéisí. Agus é ag breithniú infheistíochta in Éirinn, creideann an Coimisiún go bhfuil deiseanna tarraingteacha infheistíochta ann atá á mbrú ag an nganntanas caipitil. Tá sé ar cheann de bhunchreidiúintí infheistíochta an Choimisiúin féachaint le hinfeistíocht a dhéanamh nuair a bhíonn luach maith sna praghsanna, agus tá féidearthachtaí suntasacha in Éirinn óna thaobh sin de. Sa chomhthéacs sin, i ndiaidh dó an t-ábhar a bhreithniú i dtosach i Mí Mheán Fómhair 2011 agus é aireach ar a fhreagrachtaí reachtúla brabús fadtéarmach a uasmhéadú faoi réir rioscaí a bheith inghlactha dó, tháinig an Coimisiún ar thuairim in 2012 go bhféadfadh suas le 20% den Chiste bheith tiomanta d'infheistíochtaí tráchtála in Éirinn chun leas a bhaint as na deiseanna seo.

Tá roinnt réimsí infheistíochta a bhfuil tábhacht straitéiseach leo aitheanta go dtí seo, lena n-áirítear bonneagar, uisce, maoiniú fadtéarmach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (idir chreidmheas agus chothromas) agus caipiteal fiontair. Tá tacaíocht tugtha ag an gCoimisiún do roinnt tionscadal faoi bhrat an Chiste Infheistíochta Straitéisí sna réimsí seo in 2012 agus ar aghaidh go dtí 2013. De thoradh na n-infheistíochtaí seo, tá an teorainn de 20% ar neamhchosaint na hÉireann, arna cinneadh ag an gCoimisiún mar uasleibhéal cuí inghlactha riosca i gcomhthéacs reachtaíocht reatha an Chiste, nach mór tiomanta ag an bPunann Lánroghnach anois.

Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ)

Ar 13 Meitheamh 2013, d'fhógair an Rialtas go mbunódh sé Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann a chomhghabhfaidh CNP agus a mbeidh mandáid reachtúil aige infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn. Áireofar chomh maith i CISÉ infheistíochtaí dírithe CNP i mBanc na hÉireann agus i mBainc-Aontas Éireann.

Mhaígh an Rialtas go ndéanfadh GBCN bainistiú agus rialú ar CISÉ agus go ndiscaoilfí Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean mar chuid de na tograí. Bunófar Coiste Infheistíochta laistigh de GBCN le lánrogha cinntí infheistíochta, diúscartha agus bainistíochta sócmhainní a dhéanamh i leith gach infheistíochta de chuid CISÉ, laistigh de raon na straitéise infheistíochta a shocródh Bord GBCN. Beidh sé mar aidhm ag CISÉ bheith ina infheisteoir mionlaigh bunchloiche agus féachfaidh sé le hinfeisteoirí tríú páirtí a mhealladh. Ar an gcaoi seo, is féidir sócmhainní an Chiste a úsáid mar chatalaíoch le scairbhisigh a mhealladh ar son infheistíochtaí i ngeilleagar na hÉireann.


Athbhreithniú Margaidh

Thacaigh soláthar leantach leachtachta substaintiúla ag bainc cheannais an mhargaidh is mó forbartha le héileamh ar shócmhainní airgeadais in 2012.

Thit torthaí ar bhannaí rialtais na Stát Aontaithe, bhunlimistéar an euro agus na Ríochta Aontaithe go híospointí fadtéarmacha in 2012 agus rátaí úis á mbrú síos ag beartas airgeadaíochta agus éileamh mór fós ar shócmhainní tearmainn shábháilte. Mar shampla, mar a léirítear i gCairt 3, ag deireadh 2012 bhí torthaí Stáitchiste 10 mbliana na Stát Aontaithe ag an leibhéal is ísle le breis is céad bliain anuas. Ina dhiaidh sin, de thoradh na dtorthaí an-íseal a bhí ar fáil do shócmhainní 'sábháilte', bhí éileamh mór ar chreidmheas corparáideach agus sócmhainní eile a raibh beagán níos mó de riosca ag baint leo agus infheisteoirí ag iarraidh torthaí leordhóthanacha chun freastal dá riachtanais bhrabúis.

Cairt 3

**Torthaí Stáitchiste 10 mbliana na Stát Aontaithe:
1900 - 2012**




Foinse: *Sonraí Airgeadais Domhanda*

An Eoraip

Mar a léirítear i gCairt 4, bhí torthaí maithe ag margáí airgeadais san Eoraip in 2012 i gcothromais, i mbannaí rialtais agus i gcreidmheas corparáideach. Théarnaigh margáí cothromais, go háirithe, go láidir i ndiaidh bliain chrua in 2011. Cé go raibh torthaí dearfacha ar an gcuid is mó d'aicmí sócmhainne, d'aistrigh margáí le linn na bliana idir tréimhsí soirbhíochais agus tréimhsí doirbhíochais, mar gheall ar na hathruithe i mbeartas airgeadaíochta agus forbairtí i ngéarchéim fiachais limistéar an euro. Dá thoradh sin bhí diallais mhóra feidhmiúcháin le linn na bliana.

Cairt 4

Feidhmiúchán Mhargáí Airgeadais na hEorpa



I dtreo dheireadh 2011 thionscain an Banc Ceannais Eorpach (BCE) clár maoinithe trí bliana do bhainc Oibríochtaí Athmhaoinithe Fhadtéarmaigh (OAFanna). Go luath in 2012 lean leachtacht ó na hOAFanna de chóras baincúireachta limistéar an euro a chobhsú agus d'fhaoiseamh a chur ar fáil do rialtais i bhfiacha agus bainc ag athinfheistiú róleachtacht i margáí banna rialtais áitiúil. Faoi mhí Aibreáin, áfach, bhí éifeachtaí na nOAFanna imithe i léig beagán agus laghdaiodh seintimint infheisteoirí ar shonraí drocheacnamaíochta agus eagla go bhfágfadh an Ghréig limistéar an euro. Sa dara ráithe bhí méadú mór ar luas eis-seafraí caipitil ón Spáinn agus ón Iodáil agus méadú substaintiúil ar thorthaí rialtais do na tíortha seo.

I Mí Iúil ba ábhar suaimhnis thábhachtaigh do rannpháirtithe sa mhargadh gealltanais Uachtarán BCE, Mario Draghi, go ndéanfadh BCE 'pé rud is gá' chun an Euro a chaomhnú. Ina dhiaidh seo fógraíodh Idirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach (IAGanna) le ceadú do BCE fiacha rialtais is lú aibíochta i margáí tánaisteacha tíortha a raibh iarratas foirmiúil déanta acu ar chúnamh. Thosaigh torthaí i dtíortha forimill limistéar an euro ag titim go gairid ina dhiaidh sin agus lean siad ar aghaidh á dhéanamh sin go dtí deireadh na bliana.


Lean sonraí eacnamaíochta i limistéar an euro de bheith go dona in 2012. Chrap OTI le -0.6% agus léirigh sí éagsúlacht leantach idir na 'tíortha croíláir' agus na 'tíortha forimill'; chuaigh an leibhéal dífhostaíochta sa Ghearmáin suas go dtí an leibhéal is airde riamh agus bhí an óg-dhífhostaíocht sa Spáinn an-ard.

Stáit Aontaithe Mheiriceá

Murab ionann agus an Eoraip, bhí fás OTI na Stát Aontaithe ag +2.3% in 2012 agus lean an leibhéal dífhostaíochta ar aghaidh ag titim go réidh, mar a léirítear i gCairt 5. Bhí comharthaí feabhais freisin ar mhargadh tithíochta na Stát Aontaithe agus caiteachas agus fostaíocht foirgníochta

ag luathú agus praghsanna tithe ag cobhsú. I Mí na Nollag, gheall an Cúlchiste Feidearálach rátaí a choimeád cóngarach do náid agus leanúint de bhannaí státhchiste agus de bhannaí eile a cheannach ar fiú \$85 billiún in aghaidh na míosa iad go dtí gur thit an leibhéal difhostaíochta síos faoi 6.5%. Ba é seo an chéad uair a cheangail an Cúlchiste Feidearálach a bheartas go soiléir le rátaí difhostaíochta, agus agus tuigtear ó luas reatha an fháis fostaíochta go bhfanfaidh rátaí ag na leibhéil ísle seo go dtí deireadh 2014.


Cairt 5
Feidhmiú Eacnamaíoch na Stát Aontaithe



An tSeapáin

Sa tSeapáin, i ndiaidh thoghcháin na Nollag 2012 tháinig an tUas. Shinzo Abe ar ais i réim, agus gheall sé go saothródh sé beartais airgeadaíochta agus fhioscacha ab ionsaithí d'fhonn geilleagar na Seapáine a shaoradh ón timthriall díbhóilscithe ina bhfuil sé ó thit an bolgán sócmhainní sna 1990í. Mar fhreagairt, chuaigh cothromais na Seapáine in airde go mór agus thit an Yen fad is a bhí na margáí ag súil le rabharta mór leachtachta ón mbanc ceannais.

Cairt 6
Feidhmiú Nikkei agus Yen na Seapáine



Margáí Éiritheacha

Ba iad Margáí Éiritheacha go príomha a bhrúigh fás geilleagrach domhanda in 2012 agus díghiaráil fiachais phríobháidigh ag leanúint ar aghaidh i margáí forbartha. Bhí drochfheidhmiú chothromais na margáí éiritheacha go luath in 2012 ar aon dul leis na buarthaí faoin bhféidearthacht le fás is maille sa tSín, ach de réir mar a lagaiódh na buarthaí seo sa dara cuid den bhliain, d'éirigh ní b'fhearr le cothromais na margáí éiritheacha ná mar a d'éirigh lena gcuid margáí forbartha comhchéime. Lean fiachas na margáí éiritheacha d'insreafaí láidre a mhealladh in 2012 agus thairbhig sé de chuardach an domhain ar thorthaí is airde.

Forbairtí in 2013

D'éirigh go maith le sócmhainní riosca sna chéad chúpla mí de 2013, ach chrap siad i Míonna na Bealtaine agus an Mheithimh nuair a éiríodh ní ba bhuarthaí faoi aistarraingt leachtachta sna Stáit Aontaithe.

Tháinig buarthaí faoi chobhsaíocht pholaitíochta i limistéar an euro chun cinn arís i ndiaidh olltoghcháin neamhchonclúideacha san Iodáil i Mí Feabhra. Ba ábhar buartha freisin láimhseáil tharrtháil na Cipire i Mí an Mhárta. Léirigh sonraí geilleagracha gur lean limistéar an euro de chrapadh, agus OTI ag titim le -0.2% sa chéad ráithe, agus de thoradh figiúirí fostaíochta gan sárú sa Spáinn agus sa Fhrainc tá brú polaitíochta méadaitheach athmhachnamh a dhéanamh ar an gclár déine fioscaí atá á shaothrú i dtíortha easnaimh.

Ar fud an domhain tháinig ardú substaintiúil ar thorthaí bannaí rialtais i Mí na Bealtaine fad is a thosaigh na margáí ag díriú ar thráthúlacht chaolú chlár éascaithe chainníochtúil Chúlchiste Feidearálach na Stát Aontaithe. Tháinig ardú 50 bonnphointe ar an toradh ar bhanna 10 mbliana tagarmhairc na Stát Aontaithe le linn na míosa. Lean na buarthaí seo ar aghaidh i Mí an Mheithimh nuair a tháinig meath ar mhargáí cothromais agus ar shócmhainní margáí éiritheacha go háirithe.

Sa tSeapáin lean stoic d'éirí go luath in 2013 i ndiaidh nochtadh pacáiste spreagtha gheilleagraigh ar fiú \$116 billiún é agus plean Bhanc na Seapáine díriú ar ráta boilscithe de 2% trí chlár ceannaigh bannaí rialtais fadtéarmacha a méadóidh a chlár comhardaithe faoi dhó sa dá bhliain atá amach romhainn. Bhí leasú géar, áfach, i Mí na Bealtaine/Mí an Mheithimh nuair a tháinig meath 20% ar an Nikkei óna uasphointí.

Feidhmíocht

Forbhreathnú

Déantar tuairisc ar fheidhmíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ar thrí leibhéal: (i) an Phunann Lánroghnach, (ii) an Phunann Dhírithe, agus (iii) an Ciste Iomlán.

Bhí luach €14.7 billiún ag CNP ar 31 Nollaig 2012, idir an Phunann Lánroghnach €6.1 billiún agus an Phunann Dhírithe €8.6 billiún.

Ar an iomlán bhí toradh +9.4% ag CNP in 2012, idir an Phunann Lánroghnach agus an Phunann Dhírithe.


Feidhmíocht Fhadtéarmach na Punainne Lánroghnaí

Ó tionscnaíodh an Ciste in 2001 go dtí 31 Nollaig 2012, tá toradh bliantúlaíthe de +3.7% sa bhliain bainte amach ag an bPunann Lánroghnach.

- Cuirtear é seo i gcomparáid le toradh bliantúlaíthe don chiste pinsean meánach in Éirinn de +2.2% sa bhliain agus an ráta boilscithe in Éirinn de +2.5% le linn na tréimhse céanna.
- Tá a thagarmharc (+3.1% sa bhliain) sáraithe ag feidhmíocht an Chiste le +0.6% ó tionscnaíodh é.

Cairt 7

Feidhmíocht Phunann Lánroghnach CNP 2001 go 2012




Feidhmíocht ó 1/1/2010

Rinneadh mionathrú ar straitéis infheistíochta na Punainne Lánroghnaí i Mí Eanáir 2010 agus, ag féachaint do chruachás fíoscach an Stáitchiste, sonraíodh cuspóir infheistíochta tánaisteach, a fhéachfadh le feidhmiú níos fearr ó thaobh costais de ná fiachas cúig bliana Rialtas na hÉireann thar thréimhsí rollacha cúig bliana.

Is é +7.1% sa bhliain an toradh bliantúlaíthe ar an bPunann Lánroghnach ó sonraíodh an cuspóir breise in 2010, ar mó é ná costas an toraidh mheánaigh ar fhiachas cúig bliana Rialtas na hÉireann le linn na tréimhse sin le +6.3% sa bhliain. Is maith an toradh é seo don Chiste, ag féachaint go háirithe do chostais ardaithe fhiachas na hÉireann le linn na tréimhse sin. Thit an toradh ar fhiachas cúig bliana Rialtas na hÉireann go dtí 3.3% ag deireadh 2012.


Cairt 8

Toradh ar Fhiachas Cúig Bliana Rialtas na hÉireann



Le linn na tréimhse céanna, a chuimsíonn an díriú méadaithe ar chaomhnú caipitil, cé go raibh feidhmíocht bhliantúlaíthe an Chiste, +7.1% sa bhliain, faoi thoradh Thagarmharc an Chiste (+8.6% sa bhliain), sháraigh sí ráta boilscithe na hÉireann (+1.1% sa bhliain).

Caírt 9 Feidhmíocht Phunann Lánroghnach CNP 2010-2012




Feidhmíocht in 2012

Dearbh-Fheidhmíocht

Bhí toradh +7.8% ag an bPunann Lánroghnach in 2012.

Léiríonn sé seo éifeacht na Straitéise um Chaomhnú Caipitil. Léirítear i gCaírt 10 thíos an luachmhéadú cuibheasach socair ar an gCiste le linn 2012 agus léirítear inti chomh maith gur bhain an Straitéis um Chaomhnú Caipitil amach a dhá cuspóir - páirt a ghlacadh i bhfeidhmíocht margadh cothromais agus luaineacht a theorannú ag an am céanna.

Caírt 10 Feidhmíocht na Punainne Lánroghnaí 2012



Leagtar amach thíos ranníocóirí le toradh na Punainne Lánroghnaí in 2012 de +7.8%:

Tábla 4 Toradh Aicme Sócmhainne Phunann Lánroghnach CNP 2012

	Fáltas Sócmhainne	Ranníocáíocht le Fáltas na Punainne Lánroghnaí ⁻¹
Cothromas	16.5%	3.1%
Bannaí	26.5%	1.8%
Cothromas Príobháideach	12.8%	1.7%
Infreastruchtúr	14.9%	0.8%
Dearbh-Fháltas	6.8%	0.2%
Airgead Tirim	0.1%	0.0%
Tráchtarraí	-0.6%	0.0%
Réadmhaoin	-2.0%	-0.1%
Fálú Airgeadra		0.3%
Iomlán		7.8%

Nótaí:

¹ Riomhtar ranníocáíocht le fáltas punainne trí chéatadán an ualaigh laistigh den Phunann Lánroghnach agus fáltas gach aicme sócmhainne a iolrú agus a chumas gach lá.

- D'éirigh go maith le cothromais in 2012 le fáltas +16.5%.
- Ba iad bannaí an aicme sócmhainne ab fhearr sa Phunann Lánroghnach le fáltas +26.5% agus torthaí ag leanúint de thitim le linn na bliana.
- D'éirigh go maith le bonneagar agus cothromas príobháideach le fáltas +14.9% agus +12.8% faoi seach.
- Bhí fáltas +6.8% ag Cistí an Dearbh-Thoraidh.
- Thit fáltas airgid thirim go dtí leibhéil isle gan sárú de +0.1% le linn 2012.
- Bhí fáltas dhiúltacha ag réadmhaoin -2.0% agus tráchtarraí -0.6%.

Feidhmíocht choibhneasta


Cuireadh feidhmíocht na Punainne Lánroghnaí in 2012 +7.8% i gcomparáid le meánchostas fiachas cúig bliana rialtais in 2012 +5.0% agus le fáltas thagarmharc fadtéarmach an Chiste +13.7%.

De thoradh na Straitéise um Chaomhnú Caipítíl is dóchúil go dtiocfaidh athrú is leithne ná mar is gnách ar fheidhmíocht an Chiste óna thagarmharc straitéiseach fadtéarmach. I gcomhthéacs na dtosca agus na gcreataí amháin nua don Chiste agus fhógra Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, is lú i bhfad ábharthacht Thagarmharc Straitéiseach Fadtéarmach an Chiste anois.

Ba chóir tabhairt do d'aire chomh maith coimeádfaidh roghanna an Chiste ar dhíol luach punainne nuair a thagann meath ar mhargaí. Ach laghdóidh costais an bhisigh céadrogha, a bhíonn suntasach de ghnáth, agus an rannpháirtíocht laghdaithe i margáí cothromais atá ag éirí an éifeacht dhearfach ar fheidhmíocht a dtairbheofaí astu má éiríonn na margáí.

Léirítear i gCairt 11 thíos gur éirigh ní b'fhearr leis an gCiste ná a thagarmharc sa chuid luath den Straitéis um Chaomhnú Caipítíl (ó lár 2011) ach nár bhain sé amach an tagarmharc fadtéarmach in 2012 nuair a d'éirigh go maith le margáí cothromais. Le linn na tréimhse, áfach, ba lú luaineacht an Chiste ná luaineacht an tagarmhairc, rud a fhágann gur baineadh amach ceann de phríomhaidhmeanna na Straitéise um Chaomhnú Caipítíl. Léirítear an gaol idir fáltas agus riosca i gCóimheas Sharpe an Chiste - ² - a thomhaiseann fáltas curtha in oiriúint don riosca. Thar an tréimhse ó cuireadh an Straitéis um Chaomhnú Caipítíl i bhfeidhm, sháraigh Cóimheas Sharpe an Chiste a thagarmharc maidir leis seo go suntasach, rud a léiríonn gur baineadh amach cuspóir na Straitéise um Chaomhnú Caipítíl ar shlí éifeachtúil ó thaobh riosca de; is é sin páirt a ghlacadh i bhfeidhmíocht dhearfach margaidh agus rialú a dhéanamh ar riosca ar an taobh thíos ag an am céanna.

Cairt 11
Luaineacht na Punainne Lánroghnaí 2012



2. Caihdeán tionscail is ea Cóimheas Sharpe a thomhaisíonn, maidir le punann, cóimheas an rófháltais thar an ráta gan riosca chuig luaineacht fáltas. Féachann sé, mar sin, le leibhéal an rófháltais a thomhas i gcoibhneas leis an leibhéal riosca arna ghlacadh.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas aitreabúideacht fheidhmíocht an Chiste i gcoibhneas lena thagarmharc straitéiseach fadtéarmach:

Tábla 5
Fáltas Coibhneasta Phunann Lánroghnach CNP
Ranniocóirí 2012

Punann lánroghnach - Ranniocóirí i leith feidhmíocht chomparáideach i gcoinne Thagarmharc 2012

An Straitéis um Chaomhnú Caipítíl	-3.1%
Cinntí Infheistíochta	-0.2%
Sócmhainní Malartacha	-2.5%
Eile	-0.1%
Iomlán	-5.9%

Déantar achoimre sa tábla thíos ar na ranniocaíochtaí faoi seach le feidhmíocht choibhneasta:

- Ba í ba mhó a bhain d'fheidhmíocht an Straitéis um Chaomhnú Caipítíl (-3.1%), lenar áiríodh roghanna cothromais (costais bhisigh) agus staid gannalaithe i gcothromais, a laghdaíodh de réir a chéile le linn na bliana. Ach ós rud é gur fheidhmigh cothromais go dearfach in 2012, níor bhain an staid seo amach an tagarmharc.
- Áiríodh i gcinntí infheistíochta éifeacht ghlan feidhmíochta bainisteoir infheistíochta, feidhmíocht punainne creidmheasa, agus éifeacht chinntí oirbheartaíochta leithdháileadh sócmhainní an Chiste.
- Ba chóir bheith aireach nuair a léirítear feidhmíocht na bpunann maoinne agus cothromais phríobháidigh in aghaidh a dtagarmharcanna in aon bhliain ar leith. Beidh éagsúlachtaí suntasacha feidhmíochta ann de thoradh ceistanna uainiúcháin nuair a fhéachtar orthu thar thréimhse is giorra.
 - Bhain an phunann cothromais phríobháidigh -1.3% den fheidhmíocht i gcoibhneas lena tagarmharc in 2012. Ní liostaítear infheistíochtaí cothromais phríobháidigh agus níos bhain siad a dtagarmharc amach. Tá an tagarmharc bunaithe ar fheidhmíocht margáí liostaithe agus léirítear ann arduithe luachála níos tapúla ná mar a dhéanann infheistíochtaí neamhliostaithe an Chiste (nach mbíonn praghas orthu go minic agus a bhíonn i riaráiste).
 - Bhain an phunann réadmhaoine -1.2% den fheidhmíocht i gcoibhneas lena tagarmharc i ndiaidh feidhmíocht maoinne Eorpaí ar laige í in 2012 i gcoibhneas le margáí na Stát Aontaithe agus RA.

An Phunann Stiúrtha

Bhí fáltas +10.5% ar an bPunann Stiúrtha in 2012. Cuimsíonn an fáltas seo an t-ardú luachála d'infheistíochtaí i mBainc-Aontas Éireann agus i mBanc na hÉireann agus rannann airgid thirim de €188 milliún ar scaireanna tosaíochta 2009 arna n-eisiúint ag Banc na hÉireann.

Punann Tagarmhairc

Faoi Acht CNP éilítear ar an gCoimisiún tagarmharcanna cuí a dheimhniú ar féidir fáltas infheistíochta CNP a thomhas ina gcoinne.

Déantar feidhmíocht NP a thomhas i gcoinne punann tagarmhairc atá comhsheasmhach lena leithdháileadh straitéiseach sócmhainní faoi réir leasuithe le haghaidh baic leachtachta in aicmí sócmhainne neamhleachtach an Chiste.

Déantar feidhmíocht gach aicme sócmhainní a thomhas i gcoinne tagarmharc sainmhínithe (m.sh. tomhastar infheistíochtaí cothromais limistéar Euro de chuid CNP i gcoinne Innéacs Domhanda Eurobloc FTSE). Is ionann toradh foriomlán tagarmhairc CNP agus suim na dtorthaí le haghaidh gach aicme sócmhainní meáite de réir a scaire i gcéatadán de leithdháileadh straitéiseach sócmhainní CNP. Is minic nach mbíonn praghas ar infheistíochtaí neamhliostaithe an Chiste i bpunanna cothromais phríobháidigh agus maoiné agus is minic a bhíonn siad i riaráiste, agus, dá bhrí sin, is minic nach bhfeidhmíonn siad chomh maith is a fheidhmíonn tagarmhairc atá níos freagraí don mhargadh. Beidh éagsúlachtaí suntasacha feidhmíochta ann de thoradh ceisteanna uainiúcháin nuair a fhéachtar orthu thar thréimhse is giorra.

I ndiaidh fhógraí an Rialtais maidir le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, áiríodh gné shuntasach caomhnaithe caipitil i straitéis infheistíochta an Chiste go sealadach. Ní áirítear an ghné caomhnaithe caipitil seo sa Tagarmharc agus, dá bhrí sin, beidh athrú is leithne ar fheidhmíocht ghearrthéarmach an Chiste i gcoibhneas lena thagarmharc ná mar a bhí roimhe seo.

Athbhreithniú ar an bPunann Lánroghnach

Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní

D'fhonn a chuspóirí infheistíochta a chur i bhfeidhm, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a straitéis infheistíochta go luath in 2010 agus shocraigh sé a Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní mar a shonraítear sa tábla thíos.

Tábla 6

Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní Phunann Lánroghnach CNP

	%
Gnáthscaireanna Luaite	
Mórchaidhp Dhomhanda	29
Mionchaidhp Dhomhanda	10
Margaí Éiritheacha Domhanda	10
Cothromais Luaite Iomlána	49
Bannaí	
Bannaí Rialtas i Limistéar an Euro	6
Bannaí Corparáide i Limistéar an Euro	6
Bannaí Limistéar an Euro atá bainteach le Boilsciú	5
Airgead Tirim	1
Sócmhainní Airgeadais Iomlána	18
Sócmhainní Malartacha	
Cothromas Príobháideach	10
Réadmhaoin	8
Tráchtearraí agus Foraoiseacht	5
Infreastruchtúr	5
Infheistíochtaí Dearbh-Fháltais	5
Sócmhainní Malartacha Iomlána	33
Iomlán na Punainne Lánroghnaí	100

Tá leithdháileadh straitéiseach sócmhainní bunaithe ar chuspóirí fadtéarmacha riosca agus torthaí agus ar ionchais infheisteoirí maidir le torthaí na n-aicmí sócmhainní, luaineacht agus comhghaolmhaireacht.

Ba iad na príomhthosca a bhrúigh an leithdháileadh seo:

- Éagsúlú Aicme Sócmhainne: leithdháileadh chuig raon leathan aicmí sócmhainne, a éagsúlaíonn an riosca don phunann de thearcfheidhmíú aicmí aonair sócmhainne;
- Éagsúlú Aicme Sócmhainne: leithdháileadh chuig raon leathan aicmí sócmhainne, a éagsúlaíonn an riosca don phunann de thearcfheidhmíocht aicmí aonair sócmhainne;
- Biseach Neamhleachtachta: leithdháiltí chuig aicmí sócmhainne atá de chineál neamhleachtach ach a bhfuiltear ag súil go mbeidh fáltais is fearr acu thar thréimhse fhada, comhsheasmhach le CNP;
- Fás: leithdháiltí chuig aicmí sócmhainne a bhfuiltear ag súil go bhfaighidh siad fás geilleagrach lena n-áirítear cothromas margaí éiritheacha, cothromas beag agus cothromas príobháideach;
- Cosaint in aghaidh Boilsciú: leithdháiltí chuig aicmí sócmhainne ar dóchúla go gcosnóidh siad in aghaidh boilsciú is fadtéarmaí lena n-áirítear bannaí atá bainteach le boilsciú, tráchtearraí agus bonneagar.

Leithdháileadh Dinimiciúil Sócmhainní

Tagraíonn leithdháileadh dinimiciúil sócmhainní do dhiallais ó na meáchain straitéiseacha chun leas a bhaint as aon deis praghsála margaidh a bhraitear.

Tá údarás tarmligthe ag Coimisiún CNP chuig GBCN le leibhéal leithdháileadh lánroghnach straitéiseach na sócmhainní a athrú taobh istigh de raoin cheadaithe mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

Tábla 7

Raoin Leithdháileadh Dinimiciúil Sócmhainní CNP

Aicme sócmhainne	% den Phunann Lánroghnach
Gnáthscaireanna Luaite	+ / - 10%
Bannaí Ainmniúla agus Bannaí atá bainteach le Boilsciú	+ / - 10%
Airgead Tirim	+ 10%
Maoin / Cothromas Príobháideach	+ / - 2%
Tráchtearraí	+ / - 2%
Infreastruchtúr	+ / - 2%

Tá an beartas leithdháilte dhinimiciúil sócmhainní bunaithe ar staideanna suntasacha a thógáil i gcás ina n-athraíonn staideanna margaidh go háit fhoircneach, seachas staideanna neamhshuntasacha a thógáil ar bhonn leanúnach nó iarracht a dhéanamh an margadh a amú.

Ar 31 Nollaig 2012, bhí na staideanna leithdháilte dhinimiciúil sócmhainní seo a leanas coimeáda ag an gCiste:

- Staid gannualaithe shuntasacha i mbannaí rialtais limistéar an euro, idir bhannaí ainmniúla agus bhannaí a bhaineann le boilsciú.
- Gannualú beag i gcothromais dhomhanda d'fhonn na brúnna is fadtéarmaí ar shócmhainní riosca agus margáí forbartha féichiúnaithe ag leanúint de dhíghiaráil. Laghdaíodh an gannualú i gcothromais dhomhanda de réir a chéile le linn 2012.

Cur i bhFeidhm na Straitéise um Chaomhnú Caipitil

Áiríodh gné caomhnaithe caipitil i dtosach i Mí an Mheithimh 2011 trí ghannualú leithdháilte dhinimiciúil sócmhainní i gcothromais agus ceannach céadroghanna ar dhíol innéacs cothromais a thugann cosaint ar an taobh thíos in aghaidh meathanna ar mhargáí cothromais agus ag leanúint de pháirt a ghlacadh má thagann feabhas ar mhargáí. Déantar faireachán ar phraghsáil margaidh ar bhonn leanúnach le háiritiú go gcuirtear an Straitéis um Chaomhnú Caipitil i bhfeidhm ar shlí chomh éifeachtúil agus is féidir.

Ar an mbonn seo, rinneadh athruithe ar an Straitéis um Chaomhnú Caipitil in 2012. Agus laghdú tagtha ar ghannualú leithdháilte dhinimiciúil sócmhainní chuig margáí cothromais, d'fhonn an Straitéis um Chaomhnú Caipitil a chothú, theastaigh ón gCoimisiún céadroghanna ar dhíol breise innéacs cothromais a cheannach. Ina theannta sin, chun cur i bhfeidhm is cost-éifeachtaí den straitéis a chumasú, i Mí Iúil 2012 dhíol an Coimisiún todhchaíochtaí breise innéacs cothromais agus cheannaigh sé céadroghanna cothromais ar dhíol.

Leachtacht an Chiste

Tá béim mhéadaithe curtha ag an gCoimisiún ar leachtacht na Punainne Lánroghnaí agus, seachas i leith infheistíochtaí in Éirinn nó maidir le hÉirinn, níl aon infheistíocht déanta aige a laghdódh leachtacht an Chiste ó 2010 i leith.

Ar 31 Nollaig 2012, measadh go raibh €4.2 billiún (2011: €3.7 billiún) i sócmhainní ag an gCiste atá inréadaithe ag costais ísle bheartaíochta agus laistigh d'achar gairid.

Sa chomhthéacs seo, bhain an Coimisiún leas chomh maith as tosca fabhracha, dá mba ann dóibh, sa mhargadh tánaisteach chun a chuid sealúchas sna haicmí sócmhainne neamhleachtaí de mhaoin agus cothromas príobháideach a dhíol agus a fhuascailt. In 2012, dhíol an Ciste €148 milliún dá neamhchosaint iomlán ar chistí cothromais phríobháidigh dhomhanda. Tá díol faille déanta trí phróisis margaidh iomaíoch agus, d'ainneoin chineál neamhleachtach na sócmhainní seo, tá an díol déanta ag praghsanna inghlactha agus gan lascaí suntasacha a thabhuí i gcomparáid le luacháil i réim.

Leithdháileadh Sócmhainní

Ag féachaint do na tosca seo ar fad, is mar seo a bhí leithdháileadh sócmhainní na Punainne Lánroghnaí ar 31 Nollaig 2012:

Tábla 8
Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní Phunann Lánroghnach CNP an 31 Nollaig 2012

	Sócmhainní % den Phunann	
	€m	Lánroghnach
Mórchaidhp Dhomhanda	1,252	20.6
Mionchaidhp Dhomhanda	203	3.3
Margáí Éiritheacha Domhanda	510	8.4
Roghanna Cothromais	87	1.4
Cothromais Luaite Iomlána	2,052	33.7
Bannaí Rialtas i Limistéar an Euro	–	0.0
Boilsciú i Limistéar an Euro		
Bannaí Nasctha	135	2.2
Bannaí Corparáide i Limistéar an Euro	401	6.6
Airgead Tirim	1,420	23.4
Sócmhainní Airgeadais Iomlána	1,956	32.2
Cothromas Príobháideach	736	12.1
Réadmhaoin	454	7.5
Tráchtarraí agus Foraoiseacht	270	4.4
Infreastruchtúr	372	6.1
Infheistíochtaí Dearbh-Fháiltas	244	4.0
Sócmhainní Malartacha Iomlána	2,076	34.1
Iomlán na Punainne Lánroghnaí	6,084	100.0

Gnáthscaireanna

Amhail ar an 31 Nollaig 2012, bhí CNP infheistithe i 3,462 cuideachta ar fud margáí domhanda forbartha agus éiritheacha (tá liosta iomlán de na cuideachtaí seo curtha ar fáil in aonad eile den Tuarascáil Bhliantúil seo). Ní raibh seilbh ag Punann Lánroghnach an Chiste ar níos mó ná 0.38% de na scaireanna in aon chuideachta agus ní raibh aon stoc aonair níos mó ná 0.58% den Phunann Lánroghnach.

Tábla 9

Ualuithe Chothromais CNP

% den Phunann Lánroghnach - an 31 Nollaig 2012

	Leithdháileadh Ciste	% Tagarmharc %
Limistéar an Euro	3.3	9.3
Meiriceá Thuaidh	12.9	11.7
An Eoraip gan Limistéar an Euro a áireamh	1.8	3.3
An tSeapáin	0.9	1.7
Imchuach an Aigéin Chiúin	1.7	2.1
Mórchaidhp Iomlán	20.6	28.1
Mionchaidhp	3.3	9.7
Margáí Éiritheacha	8.4	9.7
Roghanna Cothromais	1.4	0.0
Iomlán	33.7	47.5

Bhí fáltas +16.5% ag punann chothromais an Chiste in 2012 lenar áiríodh cothromais mhóra +16.2%, cothromais bheaga +19.1% agus cothromais margáí éiritheacha +16.5%.

Is mar seo a leanas na tráchtanna ar Phunann Chothromais an Chiste:

- De thoradh an fhoinne fheabhsaithe riosca ar fud an domhain tháinig méadú ar mhargáí cothromais sa dara leath de 2012, agus bhí críoch dhearfach ag formhór na dtíortha, na n-earnálacha agus na stíleanna dá bharr. Leis an bhfoinne feabhsaithe riosca, d'fheidhmigh margáí éiritheacha ní b'fhearr ná margáí forbartha.
- Agus rátaí úis agus torthaí bannaí ag leibhéal ísle gan sárú, dhírigh infheisteoirí ar mhargáí cothromais le haghaidh toradh maith, agus dá bharr sin d'fheidhmigh stoic a raibh ardtoradh díbhinne acu ní b'fhearr ná stíleanna agus gnéithe eile cothromais.

Bannaí

Éagsúlaítear leithdháileadh straitéiseach sócmhainní an Chiste chuig bannaí le bannaí rialtais, bannaí a bhaineann le boilsciú agus bannaí corparáide. Ar 31 Nollaig ba ionann na hinfeistíochtaí seo agus 8.8% den Phunann Lánroghnach agus bhí fáltas +26.5% acu in 2012.

10

Ualuithe Chothromais CNP

% den Phunann Lánroghnach - an 31 Nollaig 2012

	Leithdháileadh Ciste	% Tagarmharc %
Bannaí Rialtais i Limistéar an Euro	–	6.1
Bannaí Limistéar an Euro atá bainteach le Boilsciú	2.2	5.1
Bannaí Corparáide i Limistéar an Euro	6.6	6.1
Iomlán	8.8	17.3

Le linn 2012, chothaigh an Coimisiún staid gannualaithe i mbannaí rialtais, idir bhannaí ainmniúla agus bhannaí a bhaineann le boilsciú, in aghaidh staideanna tagarmhairc, a léiríonn tuairim oirbheartaíoch maidir le torthaí i mbunmhargáí bannaí rialtais, a bhí ag leibhéal ísle gan sárú, nár mhealltach a gcuid torthaí ionchais oiriúnaithe do rioscaí.

Áirítear ar infheistíochtaí banna corparáide an Chiste punann, atá faoi bhainistíocht tríú páirtí, ar bhannaí corparáide ar ghrád infheistíochta ainmnithe in Euro agus roinnt láithrithe príobháideacha Éireannacha nach dtrádáiltear de ghnáth.

Airgead Tirim

Ar 31 Nollaig 2012, bhí sealúchas airgid thirim an Chiste ar €1,420 milliún, nó 23.4% den Phunann Lánroghnach. Ba de thoradh na Straitéise um Chaomhnú Caipítíl agus na staide gannualaithe i mbannaí rialtais an sealúchas cuibheasach mór airgid thirim. Cé gur mhó gannualú airgid thirim na punainne ná an raon 10% arna cheadú ag beartas leithdháileadh dinimiciúil sócmhainní an Chiste, mheas an Coimisiún gur chuí é seo ag féachaint do thosca reatha an Chiste agus ó tharla go raibh an staid ag laghdú riosca.

De bharr go bhfuil mórbhainc cheannais sa tóir ar bheartas forásach airgeadaíochta thit an ráta fáltas a bhí ar fáil d'iarmhéideanna airgid le linn 2012. In 2012 bhí fáltas

+0.1% ag iarmhéideanna airgid an Chiste, atá i dtaisce le Banc Ceannais na hÉireann agus a fhaigheann ráta an Mheáninnéacs Euro Thar Oíche. Chinn an Coimisiún gan aibíocht an Chiste a shíneadh amach ná riosca creidmheasa an Chiste a mhéadú mar gheall ar na himthosca reatha so-athraithe atá os comhair an Chiste, cé go bhfuil sé seo faoi réir athbhreithniú leanúnach.

Tráchtarraí

Bhí fáltas -0.6% ag punann tráchtarraí an Chiste in 2012, agus ar 31 Nollaig 2012 ba ionann iad agus 4.4% de luach na Punainne Lánroghnaí.

Déantar infheistíochtaí tráchtarra an Chiste i gcistí innéacs treisithe leachtacha a thug fáltas bunaithe ar innéacs bunúsach domhanda tráchtarraí. Ar 31 Nollaig 2012, infheistítear an infheistíocht tráchtarra is mó de chuid an Chiste, ar fiú €235 mhilliún í, i gciste tráchtarra, arna bhainistiú ag Morgan Stanley, a thugann leachtacht laethúil. Bainistítear an ciste seo go héighníomhach in aghaidh innéacs a bhfuil mionathrú déanta air chun cuid de na costais a ghabhann le tosaíochtaí tráchtarraí rollacha a laghdú.

Rinne an Coimisiún infheistíocht san fhoraoiseacht in 2009, le infheistíocht €20 milliún i gciste foraoiseachta Éireannaí, “an Chéad Chiste Foraoiseachta”. Cheannaigh an Ciste tuairim is cúig mhilliún crann leathfhásta (gan an talamh ar a raibh siad) ó Coillte, a bheidh fós i gceannas ar bhainistíocht na gcrann ó lá go lá ar son an bhainisteora ciste. Gheofar fáltas infheistíochta an Chéad Chiste Foraoiseachta ó dhíol crann nuair a bheidh siad fásta ó 2025 go 2035. Tá infheistíocht ag CNP chomh maith in Iontaobhas Aonad Foraoiseachta na hÉireann ar fiú €11 mhilliún í.

Infheistíochtaí Dearbh-Fháltais

Is straitéisí iad Infheistíochtaí Dearbh-Fháltais a bhfuil mar aidhm acu fáltas dearfach a fháil beag beann ar threo an mhargaidh. Tá infheistíocht ag an gCiste in dhá straitéis dearbh-fháltais arna seachadadh trí chistí comhthiomsaithe. Déanann ceann amháin de na straitéisí seo infheistíocht i raon leathan aicmí sócmhainne, agus déanann an straitéis eile infheistíocht i margáí airgeadra amháin. Ar 31 Nollaig 2012 ba ionann na hinfeistíochtaí seo agus 4.0% den Phunann Lánroghnach agus bhí fáltas +6.8% acu in 2012.

Infreastruchtúr

Tá an infheistíocht bonneagair is mó de chuid an Chiste, ar fiú €326 mhilliún í, trí chothromais liostaithe a bhainistítear go héighníomhach in aghaidh tagarmharc cothromais bonneagair. D'éirigh go han-mhaith le bonneagar in 2012, le fáltas +14.9% agus infheisteoirí ag tabhairt gnéithe fáltais

chobhsaí ar shócmhainní.

Faoi bhrat an Chiste Infheistíochta Straitéisí, tá €250 milliún tiomanta ag an gCiste do Chiste Bonneagair na hÉireann, ar tarraingíodh €44 mhilliún de go dtí seo. Ar 31 Nollaig 2012 ba ionann na hinfeistíochtaí bonneagair ar fad agus 6.1% den Phunann Lánroghnach.


Réadmhaoín

Bhí feithiclí infheistíochta neamhliostaithe mar bhonn le cur chuige fadtéarmach an Chiste i leith infheistíocht san eastát réadach, agus ar 31 Nollaig 2012 bhí luach €454 mhilliún orthu, arbh ionann é agus 7.5% den Phunann Lánroghnach. Tarraingíonn bainisteoirí ceangaltais mhaoine anuas ar bhonn céimeanna agus iad ag aithint deiseanna cuí infheistíochta. Ar 31 Nollaig 2012 bhí ceangaltais neamhghlaoite ar fiú €58 milliún iad.

Tá an phunann eastáit réadaigh neamhliostaithe éagsúlaithe go maith de réir réigiún geografach, de réir earnála agus de réir bainisteoir infheistíochta. Ar bhonn geografach, is é leithdháileadh eastáit réadaigh CNP 50% chuig an Eoraip, 35% chuig Meiriceá Thuaidh agus 15% chuig an Áise agus tá infheistíocht aige i 27 dtír.

Cairt 12

Ceangaltais Mhaoine CNP 2012



Mar gheall ar mhéid laghdaithe na Punainne Lánroghnaí, thionscain an Coimisiún straitéis chun a neamhchosaint eastáit réadaigh a laghdú go héighníomhach le dhá bhliain anuas. Tá sealúchais díolta nó fuascailte ag an gCoimisiún in ocht gciste maoine le linn na tréimhse, le fáltas €74 mhilliún. Ba ionann é seo agus lascaine 2.0% don luacháil reatha cistí. In 2008 d'éirigh an Ciste as infheistiú ciste eastáit réadaigh nua.

Bhí fáltas -2.0% ag an bpunann réadmhaoine in 2012. Sna 3 bliana go dtí deireadh mhí na Nollag 2012, bhí fáltas +5.6% sa bhliain ag an bpunann.

Cothromas Príobháideach


Ar 31 Nollaig 2012 bhí luach €736 mhiliún ar infheistíochtaí cothromais phríobháidigh, arbh ionann é agus 12.1% den Phunann Lánroghnach. Ar nós na punainne réadmhaoinne, tarraingíonn bainisteoirí ceangaltais cothromais phríobháidigh anuas ar bhonn céimeanna agus iad ag aithint deiseanna cuí infheistíochta. Ina theannta sin, ar an mbonn sin, tá ceangaltais neamhghlaoite ar fiú €392 mhiliún iad ag an gCiste, a mbaineann €125 mhiliún de le ceangaltas an Chiste le ciste cothromais frontar beag agus meánmhéide arna bhainistiú ag Carlye Cardinal Ireland.

Éagsúlaitear an phunann cothromais phríobháidigh de réir chineál na hinfeistíochta agus de réir réigiúin. Ar bhonn caiteachais iomláin, arb é an sainmhíniú air an luach iomlán móide na ceanglais ar fad gan íoc, is mar seo a leanas a rinneadh an phunann a dheighilt ar 31 Nollaig 2012:

- 57% chuig bainisteoirí a shainfheidhmíonn i margai ceannaigh thar barr amach,
- 23% chuig bainisteoirí a shainfheidhmíonn i gcaipiteal frontair,
- 20% chuig bainisteoirí a shainfheidhmíonn i gcatagóirí eile infheistíochta.

Ar bhonn geografach tá an phunann éagsúlaithe go forleathan mar a léirítear i gCairt 13.

Cairt 13
Neamhchosaint Iomlán Cothromais Phríobháidigh CNP
2012



Áirítear leis an leithdháileadh chuig Éirinn cúig cheangaltas ar fiú €81 mhiliún iad arna ndéanamh le cistí caipiteal frontair Éireannacha a ardaíodh in 2007, 2008 agus 2010. Ar 31 Nollaig 2012, maidir leis na cistí frontair Éireannacha seo, bhí ceangaltais infheistíochta ar fiú €39 milliún iad gan íoc. Ina theannta sin, faoi dheireadh na bliana, bhí cúig cheangaltas ciste déanta ag CNP ar fiú €86 mhiliún iad maidir leis an bpáirt a bhí aige i gCiste Nuálaíochta na hÉireann. Tá €125 mhiliún leithdháilte ag an gCoimisiún chuig Ciste Nuálaíochta na hÉireann agus táthar ag súil le tuilleadh fógraí in 2013.

Tá an phunann cothromais phríobháidigh á hathshuí ag an gCoimisiún i gcomhthéacs mhéid laghdaithe na Punainne Lánroghnaí agus atreorú an Chiste i dtreo deiseanna intíre. Le linn 2012, dhíol an Coimisiún neamhchosaintí ar fiú €148 milliún iad i seacht staid eile ciste cothromais phríobháidigh trí phróisis margaidh iomaíoch ag praghsanna inghlactha.

Léiríonn an luacháil ar 31 Nollaig 2012 feabhas ginearálta ar fheidhmiú bunúsach cuideachtaí punainne, go suntasach nuair a bhíonn neamhchosaint acu in áiteanna a bhfuil téarnamh ar siúl ar nós na Stát Aontaithe nó an cheantair Nordaigh, mar aon le leathnú iolraí luachála margaidh phoiblí sa bhliain. Ba é fáltas infheistíocht cothromais phríobháidigh CNP +12.8% in 2012. Sna 3 bliana go dtí deireadh mhí na Nollag 2012, bhí fáltas +13.9% sa bhliain ag an bpunann.

Gnéithe de Chláir Mhaoine agus Cothromais Phríobháidigh CNP

Ar nós cuid mhaith cistí infheistíochta Stáit, áirítear ar chláir mhaoinne agus cothromais phríobháidigh CNP punann de mheáin infheistíochta indíri, struchtúraithe de ghnáth mar chomhpháirtíochtaí teoranta, a ghnóthaíonn foirgnimh fhisiceacha nó cuideachtaí is iomchuí maidir leis an maoin ar leith nó an straitéis cothromais phríobháidigh ar leith atá á saothrú m.sh. gnóthoidh ciste réadmhaoin oifige infheistíochtaí sna mórchathracha.

Comhdhéantar na meáin seo ar shlí gur infheisteoir ar neamhchomaoin é CNP nach bhfuil aon bhaint aige le bainistiú laethúil na hinfeistíochta. Cistí aonaid is ea na meáin de ghnáth a mbíonn saol seasta idir a hocht agus a deich de bhlianta. Tá comhpháirtí ginearálta freagrach as cur i bhfeidhm na straitéise agus faigheann CNP, mar chomhpháirtí teoranta, tuairiscí rialta ar fheidhmiocht na hinfeistíochta. Féadfar ionadaíocht a dhéanamh do CNP ar bhord comhairleach an mheáin infheistíochta.

Fálú Airgeadra

Is é polasaí an Chiste 50% de neamhchosaintí lasmuigh de limistéar an euro a fhálú i gcothromais luaite (seachas margáí éirítheacha nach bhfálaítear) agus i gcothromas príobháideach, agus 100% de neamhchosaint nach n-ainmnítear in euro a fhálú i gcistí réadmhaoine agus dearbh-fháltais. Is é cuspóir na straitéise fálaíthe seo éifeachtaí luaineachtaí airgeadra ar an gCiste a laghdú, agus tá d'éifeacht aici luach a chur nuair a luachlaghdaítear airgeadraí bhunsócmhainní an Chiste agus luach a laghdú nuair a luachmhéadaítear airgeadraí na mbunsócmhainní. Ba é éifeacht an fhálaíthe airgeadra in 2012 dearbhfhéidhmiú a mhéadú le +0.3%.

Bainistiú Trasdula

Sainseirbhís is ea Bainistiú Trasdula a fhreastalaíonn do thrasdul éifeachtúil agus cost-éifeachtach sócmhainní ar son úinéirí sócmhainní. Is gnách a úsáideann úinéirí sócmhainní an tseirbhís agus iad ag athchothromú sócmhainní idir aicmí sócmhainne, bainisteoir infheistíochta a athsholáthar nó ag tabhairt nó ag aistarraingt suimeanna móra airgid thirim. Is suntasach na buntáistí geilleagracha a ghabhann le seirbhís den saghas sin a úsáid mar go n-íosmhéadaíonn sí na costais, idir chostais intuigthe agus chostais fhollasacha, a ghabhann le díol nó ceannach urrús.

An scéal is déanaí maidir le State Street

I mí na Nollag 2010 ceanglaíodh ar GBCN sócmhainní ar fiú €6.8 billiún iad a leachtú d'fhonn €10 billiún a chur ar fáil faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais AE/CAI d'Éirinn ó 2010. Bhí State Street ar cheann de dhá chomhlacht a ceapadh ó phainéal bainisteoirí trasdula an Chiste, ar a raibh triúr bainisteoirí trasdula a roghnaíodh i ndiaidh próiseas tairisceana in 2007. I ndiaidh conradh a shíniú chun bainistiú a dhéanamh ar an trasdul ar bhonn táille arna ríomh ar luach na sócmhainní, dhiúscair State Street sócmhainní ar fiú €4.7 billiún iad idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2011.

I mí Dheireadh Fómhair 2011 chonspóid GBCN imeacht beirt fheidhmeannach shinsearacha ó aonad bainistithe trasdula State Street i ndiaidh tuairisce gur gearradh praghas ró-ard ar chliant a bhí bunaithe sa Ríocht Aontaithe trí choimisiúin a ghearradh nár aontaíodh roimh ré. Chuir State Street in iúl go mbeadh sé ag plé le comhlacht neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt idirbheart a raibh socruithe cosúla acu maidir le táillí. Ina dhiaidh sin chuir State Street in iúl do GBCN i mí na Samhna go raibh coimisiúin, ar fiú tuairim is €2.65 mhilliún iad agus nach raibh aon socrú conartha ann dóibh, curtha le

hidirbhearta CNP. Gearradh na coimisiúin trí ionramháil praghsanna tuairiscithe do GBCN ar shlí nach raibh sofheicthe. I mí Iúil 2012 chuir State Street in iúl do GBCN go raibh brabúis neamhúdaraíthe eile aitheanta acu ar fiú \$787,000 iad a bhí tuillte aige trí Chiste Trádáilte ar an Malartán a dhíol mar chuid den trasdul. Aisiocadh an dá shuim le GBCN agus chuir State Street socruithe i bhfeidhm chun promhadh neamhspleách na suimeanna seo ag PricewaterhouseCoopers a sholáthar.

Tá scéala curtha ag GBCN chuig an údarás rialála iomchuí, an tÚdarás um Iompar Airgeadais ("FCA"), ar tugadh an tÚdarás um Seirbhísí Airgeadais ("FSA") air roimhe seo, sa Ríocht Aontaithe, faoi róghearradh State Street. Tuigtear go bhfuil FCA ag déanamh imscrúdú faoi láthair ar ghnóthas bainistithe trasdula State Street. Tá athbhreithniú ar leith á dhéanamh ag FCA ar an tionscal is leithne bainistithe trasdula freisin; ina phlean gnó do 2013-14 chuir FCA buarthaí in iúl nach bhfuil an leibhéal trédhearcachta agus iompair margaidh i measc rannpháirtithe bainistithe trasdula "ar an gcaighdeán a theastaíonn uainn". Tá GBCN ag fanacht le cur i gcrích imscrúdú FCA d'fhonn cinneadh ar chóir gníomh breise a dhéanamh i leith theagmhas State Street. Tá tuairisc ar an teagmhas tugtha ag GBCN do na Gardaí agus tá sé ag tacú le himscrúdú Phóilíní Chathair Londan ar an ní faoi láthair.

Tairiscint Bainisteoir Trasdula

Rinne an Coimisiún iarratas ar thogra sa chuid dheireanach de 2012 le haghaidh soláthar seirbhísí bainistithe trasdula don Chiste. Is é an bunús le socrú painéil a choimeád cinntiú go gcuireann gach bainisteoir trasdula isteach togra iomaíoch le haghaidh gach idirbheart aonair, a thugann bonn le haghaidh comparáide do na meastacháin costais réamhthrádála.

Tá GBCN tiomanta do chur chun cinn fhorbairt caighdeán agus cleachtas feabhsaithe margaidh sa tionscal bainistithe trasdula. Agus é ag dréachtú an iarratais ar thairiscint, d'fhéach GBCN le saincheisteanna rialála sa tionscal bainistithe trasdula agus an cuspóir acu trédhearcacht, promhadh birt tríú páirtí agus maoirseacht ghinearálta a fheabhsú. Mar shampla, d'iarr GBCN sonraí feidhmíochta aonair ar bhainisteoirí maidir lena dteist go dtí seo, eolas nach dtugadh bainisteoirí trasdula de ghnáth. D'iarr GBCN socruithe oibríochtúla san eagraíocht bainisteoir trasdula a chinnteodh nach bhféadfaí praghsanna a ionramháil ag an bhfoinse.

Tá an próiseas tairisceana nach mór curtha i gcrích ag GBCN agus tá trí chomhlacht roghnaithe aige mar pháirtithe don phainéal le haghaidh soláthar seirbhísí bainistithe trasdula do GBCN. Táthar ag súil go gcuirfean an dícheall cuí deiridh agus an doiciméadúchán dlíthiúil i mí Iúil 2013.

Ceangaltais an Chiste Infheistíochta Straitéisí

Mar a leagadh amach níos luaithe sa Tuarascáil agus i gcomhthéacs an Ciste a atreoshuí i dtreo infheistíocht tráchtála in Éirinn, tá tacaíocht tugtha ag an gCoimisiún do roinnt tionscadal faoi bhrat an Chiste Infheistíochta Straitéisí in 2012 agus in 2013. De thoradh na n-infheistíochtaí seo, tá an teorainn de 20% ar neamhchosaint na hÉireann, arna cinneadh ag an gCoimisiún mar uasleibhéal cuí inghlactha riosca i gcomhthéacs reachtaíocht reatha an Chiste, nach mór tiomanta ag an bPunann Lánroghnach anois.

Tá tábla mionsonraithe de cheangaltais CNP le hinfeistíochtaí Éireannacha i dTábla 11.

Airgeadas Fadtéarmach d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Go luath in 2013, d'fhógair an Coimisiún ceangaltais infheistíochta le sraith trí chiste fhadtéarmacha a thabharfaidh cothromas, creidmheas agus infheistíocht athstruchtúraithe / téarnaimh d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann agus do chomhlachtaí corparáideacha meánmhéide. Ghlac CNP páirt shuntasach i bhforbairt na dtrí chiste le linn 2012 agus beidh sé ina infheisteoir bunchloiche iontu ar fad mar aon le hinfeistíocht bhreise ó infheisteoirí tríú páirtí. Beidh gealltanais ó CNP ar fiú €375 mhilliún é i gceist leis na trí chiste le chéile.

Is iad seo a leanas na sonraí maidir leis na cistí:

- **Díreoidh Ciste Cothromais FBM** (méid iomlán an chiste: €300 - €350 milliún / ceangaltas CNP: €125 mhilliún) ar infheistiú i ngnóthais rathúla atá ag iarraidh fás, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil clár chomhardaithe róghiaráilte acu. Tá an ciste, a bhfuil ceangaltais chéad bhabhta faighte aige ó infheisteoirí tríú páirtí, i bhfeidhm agus déanann Carlye Cardinal Ireland i mBaile Átha Cliath. Tá margú le hábhair infheisteora agus forbairt píblíne beart ag leanúint ar aghaidh.
- **Déanfaidh an Ciste Téarnaimh FBM** (méid iomlán an chiste: €100 milliún / ceangaltas CNP: €50 milliún) infheistíocht i ngnóthais nach bhfuil ag feidhmiú de réir a n-acmhainneachta ach ar féidir leo tabhairt faoi athstruchtúru airgeadais agus oibríochtúil. De ghnáth úsáidfear 40% den chaipiteal a infheistíonn an ciste chun an gnóthas a cheannach agus úsáidfear 60% de chun an plean téarnaimh a mhaoiniú d'fhonn inbhuanaitheacht fhadtéarmach an ghnóthais a bhaint amach. Tá an ciste i bhfeidhm agus déanann Better Capital bainistiú air. Comhinfeisteoidh an ciste infheistíochta, BECAP12 Fund, atá liostaithe ar Stocmhalartán Londan agus atá a bhainistiú ag Better Capital, céatadán nach lú ná 51%

den infheistíocht i ngach beart agus tabharfaidh CNP an chuid eile. Tá oifig bunaithe ag Better Capital i mBaile Átha Cliath óna bhfoinseofar sreabhadh trádála.

- **Iasachtóidh an Ciste Creidmheasa FBM** (méid tosaigh an chiste: €450 milliún / ceangaltas CNP: €200 milliún) le FBManna is mó agus comhlachtaí corparáideacha meánmhéide agus déanfaidh BlueBay Asset Management bainistiú orthu. Féadfaidh an Ciste Creidmheasa FBM iasachtaí atá nach mór lánaibí a fháil agus a athmhaoiniú sa chás nach mbíonn iasachtóirí a bhí ann cheana sásta línte nua creidmheasa a sholáthar. Is ar rátaí margaidh iomaíoch a thabharfaidh an ciste iasachtaí; beidh méideanna na n-iasachtaí idir €5 mhilliún go dtí €50 milliún agus meánmhéid mheasta ar €15 mhilliún.

Infreastruchtúr

Sa chuid dheireanach de 2011 d'fhógair an Coimisiún ceangaltas ar fiú €250 milliún é le Ciste nua Infheistíocht Bonneagair in Éirinn atá ag iarraidh €1 billiún ar infheisteoirí institiúideacha in Éirinn agus thar lear agus a dhéanfaidh infheistíocht i sócmhainní bonneagair in Éirinn, lena n-áirítear sócmhainní atá ceaptha bheith diúscartha ag an Rialtas agus fiontair stáit tráchtála agus tionscadail nua bhonneagair. Bhunaigh Bainisteoirí Infheistíochta Irish Life Ciste Bonneagair na hÉireann (CBÉ), agus ceapadh AMP Capital mar bhainisteoir infheistíochta lánroghnaí an chiste.

I mí an Mheithimh 2012, chuir CBÉ a chéad sealbhú i gcrích nuair a fuair sé bun tromlaigh i bpunann sócmhainní gaoithe ar le Viridian Power agus Energy Holdings iad. Tá an infheistíocht seo ag feidhmiú de réir ionchas agus luacháil luachálaí tríú páirtí é ar 31 Nollaig 2012 ag praghas is airde ná an praghas íoctha i mí an Mheithimh 2012.

Tá tiomsú airgid agus forbairt moltaí infheistíochta ag leanúint ar aghaidh. Tá dul chun cinn le CBÉ fós ag brath go mór ar infheictheacht birt agus ar infhaighteacht sócmhainní.

Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPPanna)

● Saoráidí Teannta

Chuir CNP saoráidí teannta ar fáil ar bhonn tráchtála i leith tráinsí fiachais shinsearaigh do dhá thionscadal CPP, Beartán Scoileanna 3 agus tionscadal an N11. Bhí gá le rannpháirtíocht CNP sna tionscadail seo d'fhonn maoiniú a fháil ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI). Cuireadh beart Bheartán Scoileanna 3 i gcrích i mí na Samhna 2012 agus thosaigh obair ar na scoileanna láithreach ina dhiaidh sin. Cuireadh beart an N11 i gcrích i mí Aibreáin 2013 agus thosaigh an obair ar an láthair i mí na Bealtaine 2013.

● Pacáiste Spreagtha

I mí Iúil 2012, d'fhógair an Rialtas spreagadh bonneagair intíre ar fiú €2.25 billiún é, agus €1.4 billiún de sin ag teacht ó CPP. Táthar ag súil le maoiniú ó roinnt foinsí, eadhon an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) / Banc Chomhairle na hEorpa agus bainc intíre agus d'fhéadfadh go n-áireofaí suas le €700 milliún ar bhonn tráchtála ó CNP, i ndiaidh athrú a mhandáide. Tionscadail CPP sna hearnálacha oideachais, sláinte, iompair agus cirt is ea an chuid is mó den Phacáiste Spreagtha.

Uisce

I mí Aibreáin 2012, d'fhógair an Rialtas go gcruthófaí fónas uisce phoiblí, Uisce Éireann, atá freagrach as córas méadraithe uisce theaghlaigh a dhearadh, a mhaoiniú, a shuiteáil, a chothabháil agus a uasghrádú. Tá an creat rialála don uisce á fhorbairt faoi láthair. Sa chuid dheireanach de 2010, d'aontaigh an Coimisiún saoráid iasachta fhadreatha a fhrithghealladh le hUisce Éireann, faoi réir réamhchoinníollacha áirithe, maidir le nithe rialála agus le cur i gcrích anailís costais is tairbhe go príomha. Idir an dá linn, tá athruithe tagtha ar thosca agus ar chreataí ama, agus samhlaítear anois go gcuirfidh CNP saoráid eatrachach maoinithe idirlinne, ar fiú €250 milliún í, ar fáil ar choinníollacha tráchtála d'Uisce Éireann chun tionscnamh an chláir méadraithe agus costais nuathionscanta Uisce Éireann a mhaoiniú.

Airgead Fiontraíochta

● Banc Silicon Valley (SVB)

I mí an Mheithimh 2012, d'fhógair an Ciste caidreamh comhoibríoch le Banc Silicon Valley (SVB) a bhfuil mar aidhm aige tacú leis an earnáil nuálaíocht teicneolaíochta. Tá sé geallta ag CNP go ndéanfaidh sé infheistíocht i gcistí teicneolaíochta arna mbainistiú ag SVB Capital, agus tá láthair ag Banc Silicon Valley anois in Éirinn agus tá sé ag súil \$100 milliún (dollar na Stát Aontaithe) a iasacht thar chúig bliana le gnóthais Éireannacha teicneolaíochta, eolaíochtaí beatha agus caipiteal fiontair atá ag fás go tapa. Tá Stiúrthóir um Chaidreamh le hÉirinn ceaptha ag SVB. Le tacaíocht óna fhoireann i Londain, tá SVB ag féachaint go géar faoi láthair ar roinnt deiseanna agus chuir sé a chéad iasach ti gcrích i mí na Bealtaine 2013.

● Ciste Nuálaíochta na hÉireann (CNÉ)

Tionscnamh rialtais is ea clár Chiste Nuálaíochta na hÉireann - arna stiúradh ag Fiontraíocht Éireann agus CNP - chun bainisteoirí cistí caipiteal fiontair atá chun tosaigh go hidirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn agus chun infhaighteacht caipitil do chuideachtaí Éireannacha luathchéime agus ardfháis a mhéadú. Tá chúig cheangaltas infheistíochta déanta ag CNP go dtí seo ar fiú €86 mhilliún iad as a leithdháileadh de €125 mhilliún.

Cuireadh críoch rathúil leis an dara glao ar léiriú spéise ó ábhair bhainisteoirí de chuid an Chiste Nuálaíochta i mí an Mheithimh 2012 agus aithníodh roinnt deiseanna nua. Cuireadh deireadh leis an gceangaltas le Highland Europe, infheisteoir caipiteal fiontair Eorpaigh i gcuideachtaí teicneolaíochta ag céim an fháis, agus tá deiseanna eile i ndán dúinn.

Cás-Staidéar ar Chiste Nuálaíochta na hÉireann – Ciste DFJ Esprit II

Fiontar Pan-Eorpach agus Comhlacht Fáis is ea DFJ Esprit atá lonnaithe i Londain. Déanann sé infheistíocht i gcuideachtaí luathchéime agus caipiteal fáis in earnáil na teicneolaíochta. Tá €20 milliún tiomnaithe ag CNP do chiste iomlán €90 milliún.

Tá oifig oscailte ag DFJ Esprit i mBaile Átha Cliath mar a bhfuil sé ag foinsíú agus ag déanamh infheistíochtaí go gníomhach i gcuideachtaí Éireannacha atá ag fás go tapa.

Is iad na hinfeistíochtaí Éireannacha atá déanta go dtí seo:

- Mobile Travel Technology - a chuireann ardán feidhmchlár fón póca ar fáil do na hearnálacha taistil, aerlíní agus óstáin go príomha, chun cur ar chumas cuideachtaí leas a bhaint as aistriú na dtomhaltóirí go dtí an bealach soghluaiste le haghaidh feidhmchláir seirbhísí do chustaiméirí agus díolacháin.
- Datahug - a úsáideann sonraí tráchtála cumarsáide (ríomhphost, taifid glaonna teileafóin, iontrálacha féilire srl.) chun caidreamh le custaiméirí a fheabhsú d'eagraíochtaí.
- Movidius - a tháirgeann teicneolaíocht leathsheoltóra a chabhraíonn chun gléasanna soghluaiste atá i bhfad níos tanaí agus modúil cheamara atá laistigh de na gléasanna sin a chumasú, agus a chuireann feabhas mór ar fheidhmíocht íomháiithe ag an am céanna.

Comhinfheisteoirí an Chiste Infheistíochta Straitéisí

Tá sé ar cheann de ghnéithe rithábachtacha an Chiste Infheistíochta Straitéisí comhinfheistíocht tráchtála a mhealladh in éineacht le CNP. D'fhéadfaí seo a bhaint amach trí infheistíochtaí institiúideacha eile i gcistí nó i gcomhpháirtithe sindeacáite i mbearta airgeadais tionscadail. Oibríonn an Ciste go dlúth freisin le Fiontraíocht Éireann chun nuálaíocht agus tionscadail a bhfuil na cuspóirí céanna acu a bhrú.

Is é cur chuige CNP teagmháil a dhéanamh le hinfeisteoirí tríú páirtí agus iad a mhealladh go díreach agus i gcomhar le bainisteoirí a chistí. Próiseas ilbhlianta is ea é seo atá luathaithe leis na caidrimh atá déanta ag GBCN le blianta beaga anuas.

Trí theagmháil a dhéanamh leis an margadh is leithne infheistíochta le linn 2012, léiríodh san aiseolas a fuarthas dearcadh an-dearfach i leith na hÉireann agus na ndeiseanna infheistíochta ann agus mar mhargadh ar an iomlán. Ba léir, áfach, gur dhúshlán é d'infheisteoirí mórsála modh a aimsiú chun rochtain ar d'heiseanna i ngeilleagar beag. Bhí mar thosaíocht acu deiseanna a aimsiú le bainisteoirí ardchaighdeán i réimsí atá oiriúnach dá gcuid straitéisí domhanda leithdháilte sócmhainní. Is chun críocha freastal don riachtanas seo atá infheistíochtaí CNP in Éirinn agus tá sé ag méadú líon agus chineál na ndeiseanna d'infheisteoirí caipiteal a imlonnú in Éirinn cheana féin.

Tábla 11
Ceangaltas Tríú Páirtí agus CNP le
An Ciste Infheistíochta Straitéisí
An 31 Bealtaine 2013

	Caipiteal Tiomnaithe CNP (€m)	Caipiteal Tríú Páirtí (€m)	Méid Iomlán Tionscadail (€m)	Iolra de Ceangaltas CNP
Ciste Nuálaíochta Éireann ¹	125	125	250	2.0x
Cistí Áitiúla Caipiteal Fiontair	69	320	389	5.6x
Bannaí Corparáide Éireannacha	83	0	83	1.0x
Foraoisí na hÉireann	35	187	222	6.3x
Ciste Infreastruchtúir Éireannaigh	250	50	300	1.2x
Saoráid Teannta CPP ²	29	287	287	9.9x
Ciste Cothromais do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide - Carlyle Cardinal	125	30	155	1.2x
Ciste Cothromais do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide - Better Capital	50	50	100	2.0x
Ciste Creidmheasa do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide - Bluebay	200	250	450	2.3x
Iomlán Tiomnaithe	966	1,299	2,236	2.3x
Ceangaltas Ionchais				
Uisce Éireann	250	0	250	1.0x
Idirbhearta Eile	80	246	326	4.1x
Iomlán na gCeangaltas	1,296	1,545	2,812	2.2x

Nótaí

1. Tionscnamh de chuid rialtas na hÉireann is ea Ciste Nuálaíochta na hÉireann, a seoladh in 2010, atá ceaptha bainisteoirí cistí caipiteal fiontair atá chun tosaigh go hidirnáisiúnta a mhealladh chun oibríochtaí bainistithe caipiteal fiontair a bhunú in Éirinn, rud a chinnteoidh go mbeadh rabharta mór caipitil ar fáil do chuideachtaí Éireannacha luathchéime. Áirítear le maoiniú Chiste Nuálaíochta na hÉireann €125 mhilliún ó CNP, ar choinníoll go gcomhlíontar a chritéir infheistíochta tráchtála, mar aon le maoiniú ón Státchiste ar fiú €125 mhilliún é, a dhéanann Fiontraíocht Éireann bainistiú air, agus tabharfaidh bainisteoirí caipiteal fiontair rannpháirteacha an méid céanna ar a laghad. Is féidir le cistí faoi thionscnamh Chiste Nuálaíochta na hÉireann infheistíocht a dhéanamh in Éirinn agus lasmuigh di.

2. Chuir CNP Saoráidí Teannta ar fáil ar fiú €128 milliún iad do Bheartán Scoileanna 3 agus do thionscadal an N11. Tá laghdú de €13 mhilliún tagtha anois ar an gceangaltas teannta seo go dtí €115 mhilliún. Ag féachaint do chineál teagmhasach na saoráidí arna gcur ar fáil agus an dóchúlacht iséal go dtarraingeofar anuas iad, tá sé measta gurb é 25% de na ceangaltas theannta seo an ceangaltas caipitil atá i gceist.

Ranníocaíochtaí an Státchiste

Ní bhfuair an Ciste aon ranníocaíocht ón Státchiste in 2012 agus ní bhfaighfear aon ranníocaíocht in 2013.

In 2009 agus 2010 fuair an Ciste ranníocaíochtaí ar fiú €2,072 mhilliún iad ó 16 scéim pinsin a bhí urraithe ag ollscoil agus an stát. Mhaoinigh na ranníocaíochtaí seo an ranníocaíocht bhliantúil de 1% ón Státchiste le CNP suas go dtí an chuid luath de 2012.

Thug an tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsú) i mí na Nollag 2010 cumhacht don Aire Airgeadais an ranníocaíocht bhliantúil de 1% le CNP a laghdú nó a chur ar fionraí i gceann ar bith de na blianta 2012 nó 2013.

Ar 21 Nollaig 2012 d'eisigh an tAire Airgeadais buanordú agus cumhachtaí á bhfeidhmiú aige faoi alt 18(2B) den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000* (curtha isteach ag alt 76 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsú)) le hordú:

(i) nach n-íocfaidh an Státchiste aon suim isteach sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2012, agus

(i) nach n-íocfaidh an Státchiste aon suim isteach sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2013.

Bainisteoirí CNP ar 31 Nollaig 2012

Stíl Infheistíochta	Mandáid	Bainisteoir	Luach (€m)
Cothromais Mórchaidhpe			
Éighníomhach	Limistéar an Euro	State Street Global Advisors Ireland	225
Gníomhach	Pan-Eorpach	Infheistíochtaí Stiúrtha	112
Gníomhach	Pan-Eorpach	Oechsle International Advisors	104
Éighníomhach	An Eoraip gan Limistéar an Euro a áireamh	State Street Global Advisors Ireland	125
Éighníomhach	Meiriceá Thuaidh	Blackrock	745
Gníomhach	Meiriceá Thuaidh	Goldman Sachs Asset Management International	122
Éighníomhach	An tSeapáin	Blackrock	113
Gníomhach	Imchuach an Aigéin Chiúin gan an tSeapáin a áireamh	Schroders Investment Management	155
Gníomhach	Domhanda	Schroders Investment Management	97
Mórchaidhp Iomlán			1,800
Cothromais Margai Éiritheacha			
Gníomhach	Domhanda	Batterymarch Financial Management	148
Gníomhach	Domhanda	Principal Global Investors	175
Éighníomhach	Domhanda	State Street Global Advisors Ireland	185
Iomlán - Margai Éiritheacha			509
Cothromas Mionchaidhpe			
Gníomhach	EAFE	Acadian Asset Management	105
Éighníomhach	Stáit Aontaithe Mheiriceá	Blackrock	110
Iomlán na Mionchaidhpe			214
Cothromas na hÉireann			
Éighníomhach	Éire	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	6
Iomlán Cothromas na hÉireann			6
Roghanna Cothromais			
Roghanna Cothromais		Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	87
Roghanna Iomlána			87
Cothromas Iomlán			2,616
Ioncam Seasta			
Gníomhach	Bannaí Corparáide i Limistéar an Euro	DB Advisors	268
Gníomhach	Bannaí Corparáideacha bainteach le Boilsciú i Limistéar an Euro	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	135
Gníomhach	Bannaí Corparáide i Limistéar an Euro	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	133
Ioncam Seasta Iomlán			537
Airgead Tirim			
Airgead Tirim		Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	776
Airgead Tirim Iomlán			776
Eile			
Réamhchonarthai Airgeadra		Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	5
Bainisteoir Trasdula		Nomura International	41
Bainisteoir Trasdula		Citigroup	34
Iomlán Eile			80
Sócmhainní Airgeadais Iomlána			1,392
Infreastruchtúr			
Éighníomhach	Domhanda	State Street Global Advisors Ireland	326
Gníomhach	Gaeilge	Irish Infrastructure Trust	46
Bonneagar Iomlán			372
Dearbh-Fháiltas			
Gníomhach	Airgeadra	JP Morgan Asset Management	76
Gníomhach	Global Marco	Bridgewater Associates	168
Dearbh-Fháiltas Iomlán			243

Stíl Infheistíochta	Mandáid	Bainisteoir	Luach (€m)
Tráchtarra			
Tráchtarra	Domhanda	Fund Logic - Morgan Stanley	235
An Fhoraoiseacht	Éire	Irish Forestry Unit Trust	11
An Fhoraoiseacht	Éire	Bainisteoirí Infheistíochtaí Bhainc-Aontas Éireann	24
Tráchtarra Iomlán			270
Cothromas Priobháideach			
Ceannach thar barr amach	Domhanda	CVC Capital Partners	33
Ceannach thar barr amach	Domhanda	Providence Equity Partners	70
Ceannach thar barr amach	Domhanda	TPG	37
Ceannach thar barr amach	Domhanda	Vestar Capital Partners	18
Ceannach thar barr amach	Éire	Carlyle Cardinal Ireland	-
Ceannach thar barr amach	Pan-Eorpach	Charterhouse Capital Partners	29
Ceannach thar barr amach	Pan-Eorpach	Nordic Capital Partners	70
Ceannach thar barr amach	Stáit Aontaithe Mheiriceá	Madison Dearborn Capital Partners	34
Ceannach thar barr amach	Stáit Aontaithe Mheiriceá	New Mountain Capital Partners	33
Ceannach thar barr amach	Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Eoraip	Clayton, Dubilier & Rice	115
Eile	Pan-Eorpach	Palamon Capital Partners	18
Eile	Stáit Aontaithe Mheiriceá	Fortress Investment Group	90
Eile	Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Eoraip	Summit Partners	26
Eile	Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Eoraip	HIG Capital	14
Eile	Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Eoraip	OCM Opportunities Fund	15
Airgead Fiontraíochta	Domhanda	SVB Capital	3
Airgead Fiontraíochta	Domhanda	Greenspring Associates	52
Airgead Fiontraíochta	Domhanda	Weathergate Capital	18
Airgead Fiontraíochta	Éire	Atlantic Bridge	4
Airgead Fiontraíochta	Éire	Delta Partners	8
Airgead Fiontraíochta	Éire	Fountain Healthcare Partners	6
Airgead Fiontraíochta	Éire	Seroba Kernel Life Sciences	6
Airgead Fiontraíochta	Éire	NCB	7
Airgead Fiontraíochta	Ciste Nuálaíochta	Draper, Fisher, Jurvetson	6
Airgead Fiontraíochta	Ciste Nuálaíochta	DFJ Esprit	12
Airgead Fiontraíochta	Ciste Nuálaíochta	Highland Europe	2
Airgead Fiontraíochta	Ciste Nuálaíochta	Polaris Ventures	10
Airgead Fiontraíochta	Ciste Nuálaíochta	Sofinnova Venture Partners	1
Iomlán an Choithromais Phriobháidigh			736
Réadmhaoin			
Core	An Eoraip	Grosvenor	27
Core	Éire	IPUT	11
Core	Éire	Bainisteoirí Infheistíochta Irish Life	7
Core	Éire / an Ríocht Aontaithe	State Street Global Advisors	13
Faillle	An Áise	Composition Capital	12
Faillle	An Áise	MGPA	12
Faillle	An Eoraip agus an Áise	Forum Partners	52
Faillle	An Eoraip agus Stáit Aontaithe Mheiriceá	Pramerica REI	19
Faillle	Domhanda	Morgan Stanley REI	55
Faillle	Domhanda	Silverpeak	18
Faillle	An Ríocht Aontaithe	Aviva	6
Faillle	Stáit Aontaithe Mheiriceá	Broadway Partners	15
Faillle	Stáit Aontaithe Mheiriceá	Capital Trust	2
Faillle	Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Eoraip	Tishman Speyer	52
Value Add	An Eoraip	Rockspring PIM Ltd	29
Value Add	An Eoraip agus Stáit Aontaithe Mheiriceá	CBRE Investors	18
Value Add	Stáit Aontaithe Mheiriceá	LIMISTÉAR	34
Value Add	Stáit Aontaithe Mheiriceá	Berkshire	33
Value Add	Stáit Aontaithe Mheiriceá	Madison Marquette	39
Eile	Éire / an Ríocht Aontaithe	Ilchineálach	1
Maoin Iomlán			454
Sócmhainní Malartacha Iomlána			2,076
Iomlán na Punainne Lánroghnaí			6,084

Athbhreithniú ar an bPunann Stiúrtha

Ó 2009 i leith rinneadh €20.7 billiún de shócmhainní an Chiste a infheistiú i mBainc-Aontas Éireann (AIB) agus i mBanc na hÉireann ar ordachán ón Aire Airgeadais ar chúiseanna beartais phoiblí, trí mheascán de ghnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta agus ranniocaíocht chaipitil (AIB amháin). Tá gach infheistíocht agus diúscairt sa Phunann Stiúrtha faoi ordachán ón Aire Airgeadais. Tá freagracht ar an gCoimisiún ordacháin ón Aire a chur i bhfeidhm agus na hurrúis a luacháil chun críocha ráitis airgeadais CNP.

Forbairtí in 2012

Ní dhearnadh aon infheistíocht sna bainc ná diúscairt sealúchais Ciste in 2012. Ar 31 Nollaig 2012, bhí céatadán seilbhe CNP ar AIB ag 99.8% agus ag 15.1% ar Bhanc na hÉireann.

I mí Feabhra 2012, fuair CNP díbhinn airgid ar fiú €188 milliún í i leith na scaireanna tosaíochta a bhí ag an gCiste i mBanc na hÉireann. Creidiúnaíodh an t-ioncam díbhinne seo, de bhun ordú ón Aire Airgeadais, don Phunann Lánroghnach.

I mí na Bealtaine 2012, fuair CNP díbhinn 3,624 milliún i ngnáthscaireanna in ionad díbhinn airgid ar a scaireanna tosaíochta in AIB a coimeádadh sa Phunann Stiúrtha.

Idirbhearta sna blianta roimhe seo

Sa bhliain 2009, de bhun a chumhachtaí faoi Acht 2009, d'ordaigh an tAire Airgeadais don Choimisiún €7 billiún a infheistiú i scaireanna tosaíochta a d'eisigh Banc na hÉireann agus Banc-Aontas Éireann, d'fhonn na forais seo a athchaipitliú.

I mí Aibreáin 2010, de bhun ordú ón Aire, ghlac an Ciste páirt i láithriú scaireanna agus in eisiúint chearta ag Banc na hÉireann, mar ar aistríodh timpeall leath na scaireanna tosaíochta ina ngnáthscaireanna, agus d'athcheannaigh Banc na hÉireann barántais a bhí i seilbh an Chiste. Tar éis an idirbhirt seo bhí úinéireacht cothrom le 36.0% de chaipiteal gnáthscaireanna an bhainc ag an gCiste.

I mí na Nollag 2010 rinneadh infheistíocht bhreise ar fiú €3.7 billiún í i ngnáthscaireanna Bhainc-Aontas Éireann de bhun ordú ón Aire Airgeadais. Mhéadaigh sé seo seilbh an Chiste ar Bhainc-Aontas Éireann go dtí 92.8%.

Clár Tacaíochta Airgeadais AE/CAI d'Éirinn

Ag druidim le deireadh mhí na Samhna 2010, d'fhógair an Rialtas go gcuirfeadh an Ciste suas le €10 billiún de chionroinnt €17.5 billiún an Stáit ar fáil do Chlár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF d'Éirinn ar fiú €85 billiún é.

Ina dhiaidh sin, de dhroim orduithe ón Aire Airgeadais, réadaíodh €10 billiún ón bPunann Lánroghnach trí dhiolachán sócmhainní de €5.5 billiún i mí Feabhra 2011 agus €4.5 billiún i mí Aibreáin 2011.

I mí Iúil 2011 d'ordaigh an tAire Airgeadais go ndéanfaí an €10 billiún d'airgead tirim a infheistiú mar seo a leanas:

- €1.2 billiún i ngnáthscaireanna Bhanc na hÉireann
- €5.0 billiún i ngnáthscaireanna Bhanc na hÉireann
- €3.8 billiún i ranniocaíocht caipitil €3.8 billiún le Banc-Aontas Éireann.

De bhun Ordú Aire a eisíodh i mí Iúil 2011, dhíol an Ciste cuid dá scairshealbhú i mBanc na hÉireann ar €1 billiún (glan ar tháillí) san iomlán thar thréimhse chéimíúil de roinnt seachtainí. De bhun ordú eile ón Aire, tarchuireadh fáltais ghlana na ndíolachán seo (i ndiaidh táillí) chuig an Státchiste.

I ndiaidh do na hidirbhearta seo a bheith curtha i gcrích, bhí céatadán seilbhe CNP ar AIB ag 99.8% agus ag 15.1% ar Bhanc na hÉireann.

Luacháil

Bhí luach phraghas margaidh shealúchas an Chiste i ngnáthscaireanna de Bhanc na hÉireann cothrom le €0.114 (11.4 cent) in aghaidh na scaire ar an 31 Nollaig 2012 (2011: €0.082 in aghaidh na scaire).

Ós rud é nach bhfágann sealúchas gnáthscaireanna an Chiste i mBainc-Aontas Éireann de 99.8% ach comhlúthacht shaor de 0.2% agus ós rud é go bhfuil a chuid infheistíochtaí gnáthscaireanna tosaíochta in AIB agus i mBanc na hÉireann neamhliostaithe, chun críocha na hinfeistíochtaí seo a luacháil, i gcomhréir le cleachtas cuntasaióchta cleachtas cuntasaióchta a bhfuil glacadh leis, rinne an Coimisiún teagmháil le Goodbody Corporate Finance chun luacháil margaidh chothrom neamhspleách a sholáthar.

Mar a bhí sé ag deireadh 2012, tá luach €0.0079 (0.79 cent) in aghaidh na scaire curtha ag AIB ar na gnáthscaireanna in AIB (2011: €0.0076 in aghaidh na scaire) agus tá luacháil déanta aige ar na hinfheistíochtaí scaireanna tosaíochta mar seo a leanas:

- Bainc-Aontas Éireann: 66.4% den chostas (2011: 63.5% den chostas);
- Banc na hÉireann: 91.7% den chostas (2011: 80.2% den chostas).

Feidhmíocht

Bhí toradh +10.5% ar an bPunann Stiúrtha in 2012 (2011: -58.1%).

Taispeántar feidhmíocht na Punainne Lánroghnaí go dtí seo sa tábla seo a leanas:

Tábla 12

Achoimre ar infheistíocht baincéireachta CNP an 31 Nollaig 2012

	Glanin- fheistíocht €bn	Airgead Tirim Faighte €bn	Luach Reatha €bn
Scaireanna Tosaíochta	1.8	1.0	1.7
Gnáthscaireanna	2.9	1.0	0.5
Banc na hÉireann	4.7	2.0	2.2
Scaireanna Tosaíochta	3.5	–	2.3
Gnáthscaireanna	8.7	–	4.1
Ranníocaíocht chaipitiúil	3.8	–	–
Bainc-Aontas Éireann	16.0	0.0	6.4
Iomlán	20.7	2.0	8.6

Go hachomair: ón tús tá €20.7 billiún infheistithe sa dá bhanc, tá €2.0 billiún in airgead tirim faighte ó ioncam agus ó dhíol infheistíochtaí, agus bhí luacháil na n-infheistíochtaí a bhí fágtha, ar bhonn luach cóir margaidh, cothrom le €8.6 billiún ar 31 Nollaig 2012.

Forbairtí in 2013

I mí Feabhra 2013, fuair CNP díbhinn airgid ar fiú €188 milliún í ar scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann.

I mí na Bealtaine 2013, fuair CNP díbhinn 4,144 milliún i ngnáthscaireanna in ionad díbhinn airgid ar a scaireanna tosaíochta in AIB.

Infheistíocht Fhreagrach

Aithníonn an Coimisiún go bhfuil an tslí a ndéanann cuideachtaí bainistiú ar thosca timpeallachta, sóisialta agus rialachais ar féidir leo dul i gcion ar a bhfeidhmíocht fhadtéarmach, agus tá bearta déanta aige chun na tosca seo a áireamh ina chleachtas cinnteoireachta úinéireachta agus infheistíochta. Tá glactha aige Beartas Foirniúil Infheistíochta Freagraí agus bhí sé ar cheann de na chéad ghrúpaí a shínigh na Prionsabail um an Infheistíocht Fhreagrach (PIF) arna n-urruá ag na Náisiúin Aontaithe.

Na Prionsabail um an Infheistíocht Fhreagrach (PIF)

Is é PIF an creat dea-chleachtas a éascaíonn d'infheisteoirí tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chur san áireamh i gcinntí maidir le hinfeistíochtaí agus i gcleachtas úinéireachta.

Ó seoladh in Aibreán 2006 é, tá borradh tagtha i líon na sínitheoirí go dtí breis is 1,000 anois, líon a léiríonn sócmhainní faoi bhainistiú de luach US \$31 trilliún.

Mar shínitheoir de PIF, ní mór do Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean sé phrionsabal a chomhlíonadh, a threoraíonn na gníomhaíochtaí agus an tuairisciú a bhaineann leis an infheistíocht fhreagrach.

Gealltanais na Síntheoirí

1. Tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chur san áireamh in anailís ar infheistíochtaí agus sa phróiseas cinnteoireachta.
2. Bheith ina n-úinéirí gníomhacha agus tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chur san áireamh i mbeartais agus i gcleachtas úinéireachta.
3. Nochtadh cuí a lorg maidir le tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais ó na haonáin a ndéanann siad infheistiú iontu.
4. Glacadh le PIF agus a chur i bhfeidhm a chur chun cinn laistigh den earnáil infheistíochta.
5. Obair as láimh a chéile chun éifeachtúlacht PIF a fheabhsú laistigh den earnáil infheistíochta.
6. Tuairiscí a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le PIF agus ar obair i dtreo a fheidhmithe.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na Prionsabail um an Infheistíocht Fhreagrach (PIF) le fáil ag www.unpri.org


Seirbhís Seachvótála agus Teagmhála

Comhionannas Tá ceaptha ag an gCoimisiún Hermes Equity Ownership Services (Hermes EOS) chun seachvótaí a chaitheamh thar ceann an Chiste agus chun dul i dteagmháil le cuideachtaí maidir le saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais thar a phunann cothromais dhomhanda.

Tá cur chuige Hermes bunaithe ar an mbonn go mbeidh ar chuideachta a caidreamh le fostaithe, le soláthraithe agus le custaiméirí a bhainistiú go héifeachtach, bheith eiticíúil agus aird a thabhairt ar an gcomhshaoil agus ar an tsochaí araon ar mhaithe le leas fadtréimhseach na scairshealbhóirí. I measc na ndaoine atá ar Fhoireann Hermes, tá iar-phríomhoifigigh feidhmiúcháin agus comhaltaí de bhoird cuideachtaí poiblí, mar aon le straitéisithe sinsearacha, le saineolaithe sa rialachas corparáideach, le bainisteoirí cistí, le hanailísithe airgeadais, le dlíodóirí agus le cuntasóirí. De ghnáth, téann Hermes i dteagmháil le cuideachtaí ar bhonn discrídeach, rud a éascaíonn rochtain ar bhoird agus ar an lucht bainistíochta.

Vótáil

In 2012, vótáil Hermes thar ceann CNP i 40,635 rún ag 3,926 cruinniú agus chuir sé i gcoinne rún amháin nó ní ba mhó ag 2,022 de na cruinnithe sin. Vótáil Hermes leis an lucht bainistíochta de réir eisceachta (i gcásanna ina raibh sé sásta go ndéanfadh lucht bainistíochta na cuideachta bearta chun dul i ngleic le haon ábhar imní dá éis sin) ag 63 cruinniú agus staon sé sa vótáil ag 47 cruinniú. Thacaigh sé le seasamh an lucht bainistíochta ag na 1,794 cruinniú eile.

Cairt 14**Gníomhaíocht Vótála i CNP in 2012****Cruinnithe ag ar vótáil ina choinne 51%**

Cruinnithe ag ar vótáil leis an lucht bainistíochta de réir eisceachta 2%

Cruinnithe ag ar staon sa vótáil 1%

Cruinnithe ag ar vótáil ina fhabhar 46%

Tacaíonn Hermes le moltaí boird cuideachtaí de ghnáth ach amháin i gcásanna ina bhfuil údar maith aige gan tacú leo. Coimeádann an Coimisiún an ceart aige féin chun gabháil treise ar mholtaí vótála de chuid Hermes.

I leith aon scairsheilbhe de chuid na Punainne Lánroghnaí i mBanc na hÉireann nó i mBainc-Aontas Éireann, vótáil an Coimisiún ar aon dul leis an treoir a thug an tAire Airgeadais i leith na n-infheistíochtaí de chuid na Punainne Stiúrtha.

Lean an Coimisiún dá thaifead seachvótála a fhoilsiú ar shuíomh Idirlín an Chiste ar bhonn ráithiúil i riaráiste in 2012.


Teagmháil le Cuideachtaí

Tá an teagmháil bunaithe ar an gcoincheap gur chóir go bhféadfadh scairshealbhóirí ábhair is cúram dóibh a chur in iúl do lucht bainistíochta agus do bhoird cuideachtaí ar bhealach dearfach chun tabhairt faoi na hábhair sin agus chun athruithe a bhaint amach. I bhformhór na gcásanna, bíonn an teagmháil níos oiriúnaí ná stoc a eisiáimh as punanna ar an gcéad dul síos, rud a chiallóidh nach bhféadfai aon tionchar dearfach a imirt ar an gcuideachta dá éis sin.

I measc na ngníomhaíochtaí teagmhála, tá:

- Cruinnithe le stiúrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin cuideachta;
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh in éineacht le hinfeisteoirí eile;
- Rúin scairshealbhóirí a chur faoi bhráid cruinnithe ginearálta.

- I rith 2012, chuaigh Hermes i dteagmháil le 373 cuideachta maidir le 945 ábhar a bhain le réimsí sóisialta, comhshaoil agus rialachais. Tugtar sna cairteacha anseo thíos breac-chuntas ar an gcineál teagmhála a rinneadh i ndáil le gach ceann de na réimsí seo. Chuaigh Hermes i dteagmháil le cuideachtaí maidir le hábhair eile chomh maith ar nós na straitéise gnó, an riosca, luach saothair, agus na cumarsáide le scairshealbhóirí.

Cairt 15**Líon na dteagmhais teagmhála in 2012**

Nuair a dhéantar teagmháil le cuideachta ar leith, is iondúil nach dtagann an dá pháirtí le cheile ach uair nó dhó thar thréimhse cúpla mí, ach in amanna caithfear cruinnithe a eagrú le comhaltaí éagsúla den bhord thar thréimhse roinnt blianta. Foilsíonn CNP achoimre ar na cuideachtaí a bhfuil Hermes i mbun teagmhála leo ar a shuíomh Idirlín ar bhonn ráithiúil (<http://www.nprf.ie/ResponsibleInvesting/engagement.htm>).

An Tionscadal Nochtá Carbóin (CDP)

Chuir CNP a lámh leis an Tionscadal Nochtá Carbóin in 2007, ar tionscadal é a dtugtar "CDP" air anois. Tionscnamh infheisteoirbhunaithe is ea CDP a iarrann ar chuideachtaí faisnéis a nochtadh maidir lena gcuid astúchán carbóin. Bhí an t-iarratas ba dhéanaí ar fhaisnéis a seoladh chuig na mílte cuideachta ar fud an domhain sínithe ag infheisteoirí arb ionann luach a sócmhainní nuair a chuirtear le chéile iad agus \$87 trilliún. Ba é 2012 an ceathrú bliain do CDP in Éirinn agus thug 29 den 40 cuideachta is mó atá liostaithe ar innéacs cothromais ISEQ freagra ar an iarratas ar fhaisnéis. Tugann CNP tacaíocht do thionscnaimh bhreise de chuid CDP chomh maith, lena n-áirítear an Tionscadal Nochtá Úsáid Uisce – clár infheisteoirbhunaithe a bhfuil sé mar aidhm aige tuairisciú bríoch, córasach a spreagadh maidir le húsáid agus le caomhnú uisce; agus an Tionscadal Nochtá Lorg Foraoiseachta – iarratas ar fhaisnéis a sheoltar chuig cuideachtaí faoi láthair thar ceann infheisteoirí ar mian leo an méid difhoroaisithe a bhfuil baint ag a bpunanna leis a thuiscint.

Cnuasmhuinisin

Éilíonn an tAcht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra, 2008 ar CNP infheistíochtaí i ndéantúsóirí cnuasmhuinisean nó mianaigh frithphearsanra a sheachaint. I rith 2012, rinne CNP dhá chuideachta – Doosan Corporation agus Aryt Industries Ltd – a chur ar liosta na gcuideachtaí coiscthe, rud a chiallaíonn gurb ionann líon na n-urrús coiscthe agus 13 anois. Leagtar amach anseo thíos an liosta nuashonraithe:

Tábla 13

Liosta Urrús Coiscthe CNP

Cuideachta	Tír
Aryt Industries Ltd	Iosrael
Doosan Corporation	An Chóiré Theas
Hanwha Corporation	An Chóiré Theas
Poongsan Holdings Corporation & Poongsan Corporation	An Chóiré Theas
Aerostar	An Rómáin
Singapore Technologies Engineering	Singeapór
Alliant Techsystems	Stáit Aontaithe Mheiriceá
General Dynamics	Stáit Aontaithe Mheiriceá
L-3 Communications	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Lockheed Martin	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Northrop Gruman	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Raytheon	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Textron	Stáit Aontaithe Mheiriceá

Gradam Infheistíochta Freagraí

Chun aitheantas a thabhairt do CNP i leith a bheartais tuairiscithe infheistíochta freagraí, chuir an foilseachán domhanda Responsible Investor CNP leis an ngearrliosta, i dteannta 7 gciste pinsean eile, le haghaidh an Ghradaim Dhomhanda don Tuairiscíú Infheistíochta Freagraí is Fearr ag ciste pinsean beag nó meánmhéide. Is í aidhm an ghradaim ná aitheantas a thabhairt do na Cisté a bhíonn is follasaí faoin gcaoi a gcuireann siad prionsabail na hinfeistíochta freagraí i ngníomh. Chuir Responsible Investor breis is 1,000 ciste faoi chaibidil ar fud an domhain le linn an phróisis.



Rioscaí, Maoirseacht agus Rialúcháin

Maoirseacht

Is iomaí na rioscaí a bhfuil CNP faoina lé agus tá sé ar cheann de phríomhthascanna an Choimisiúin na rioscaí seo a bhainistiú.

Is ar GBCN atá an phríomhfhreagracht as rioscaí an Chiste a bhainistiú ar bhonn laethúil.

Glacann Coiste Iniúcháireachta an Choimisiúin páirt ghníomhach sa phróiseas bainistithe riosca chomh maith.

- Gach bliain, déanann an Coiste Iniúcháireachta spíonadh ar athbhreithniú bliantúil GBCN ar rioscaí ina ndéantar sainiú ar réimse leathan foinsí féideartha rioscaí agus measúnú ar dhealraitheacht agus ar iarmhairtí na rioscaí sin, agus díríonn sé isteach go háirithe ar na rioscaí a bhfuil comhmheasúnú ard ag baint leo.
- Ina theannta sin, déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar thorthaí na n-iniúchtaí a dhéanann Aonad Rialúcháin GBCN, Iniúchóir Inmheánach GBCN (PwC) agus Iniúchóir Seachtrach Reachtuil GBCN, agus déanann sé na tuarascálacha a phlé leo dá éis sin.
- Éilítear ar phearsanra sinsearach, ainmnithe laistigh de GBCN sraith tuairiscí scríofa caighdeánacha a chur faoi bhráid gach cruinniú den Choiste Iniúcháireachta ina leagtar amach sonraí maidir le haon sárú ar rialúcháin nó aon cheist rialaithe eile a thagann chun solais.

Riosca Margaidh

Dearbhriosca

Is é an dearbhriosca margaidh an phríomhfhoinsé riosca do CNP. Eascaíonn sé de thoradh ar gur féidir laghdú teacht ar luach shócmhainní an Chiste de dheasca laghduithe ar phraghsanna na sócmhainní.

- Cuimsíonn an riosca margaidh luainiú praghsanna cothromais, tráchtearraí ioncaim sheasta agus réadmhaoine mar aon le hathruithe ar na rátaí airgeadraí eachtracha.
- Is léir go gcaithfear plé a dhéanamh leis an riosca margaidh chun an toradh a ghiniúint, áfach. De réir a shainordaithe reachtuil infheistíochta, tá gach iarracht déanta ag an gCoimisiún chun an toradh féideartha a uasmhéadú ach chun an luaineacht a choinneáil laistigh de theorainneacha réasúnacha ag an am céanna.

Déanann an Coimisiún é seo trí infheistíochtaí de chuid CNP a éagsúlú agus trí luaineacht ionchais gach catagóir sócmhainní agus aon nasc ionchais idir catagóirí éagsúla sócmhainní a chur san áireamh.

- Tá an Coimisiún dírithe ar an dearbhriosca a bhainistiú ar leibhéal na Punainne Lánroghnaí den chuid is mó. Cé gur féidir méadú nó laghdú teacht ar luach catagóir sócmhainní ar leith, is é an comhthoradh iomlán an rud is tábhachtaí de bharr straitéis éagsúlaithe an Chiste.
- Déanann an Bainisteoir monatóireacht ar dhearbhríosca margaidh an Chiste (tomhas ex-ante) agus ar fheidhmíocht an Chiste (tomhas ex-post). Is é seo an rialú rithábhachtach i leith maoirsiú a dhéanamh ar an riosca iomlán a eascraíonn sa Chiste.
- Tá leithdháileadh straitéiseach sócmhainní CNP bunaithe ar CNP bheith ina infheisteoir fadtréimhseach agus mar sin, ar CNP bheith in ann luaineacht luachanna sócmhainní a iompar ar chuntar go bhféadfaidh na sócmhainní sin a luach a fháil ar ais le himeacht ama. De bhrí na n-athruithe atá beartaithe ar an reachtaíocht a bhaineann leis an gCiste áfach, tá tréimhse an Chiste laghdaithe. Ag féachaint do na hathruithe seo, chuir an Coimisiún an Straitéis Chaomhnaithe Caipitil i bhfeidhm d'fhonn cosaint i gcoinne caillteanais chaipitil agus na luaineachta. D'éirigh le Straitéis Chaomhnaithe Caipitil an Chiste ráta riosca margaidh an Chiste a choinneáil faoi bhun na ngnáthrátaí fadtréimhseacha in 2012.

Riosca Coibhneasta

Eascraíonn an riosca margaidh coibhneasta as (i) feidhmíocht bainisteoirí infheistíochtaí CNP i gcomparáid lena dtagarmharcanna; agus as (ii) aon chinneadh beartach a dhéantar maidir le leithdháileadh sócmhainní nach bhfuil in oiriúint le leithdháileadh straitéiseach sócmhainní an Chiste. Méadú ar riosca margaidh coibhneasta na punainne a bhí de thoradh ar chinneadh an Choimisiúin chun an Straitéis Chaomhnaithe Caipitil a chur i ngníomh. Mar a cuireadh in iúl cheana sa Tuarascáil seo áfach, níl tagarmharc fadtréimhseach an Chiste chomh bainteach sin a thuilleadh de bharr na n-athruithe atá á ndéanamh ar chúinsí agus ar amscála an Chiste.

Riosca Creidmheasa

Is éard atá i gceist leis an riosca creidmheasa ná an riosca go dtabhódh an Ciste caillteanas dá dteipfeadh ar chontrapháirtí a oibleagáidí i leith an Chiste a chomhlíonadh go cuí. Déantar an riosca creidmheasa a mhaolú trí teorainneacha neamhchosanta cuí a shocrú trí thagairt do rátálacha airgeadais agus do thimpeallachtaí

rialála, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar mhéid na neamhchosaintí creidmheasa i gcomparáid leis na teorainneacha seo agus trí chomhaontuithe conarthacha a rialaíonn an gcaoi a ndéantar sócmhainní a bhainistiú sa chás go mainníonn contrapháirt.

Riosca Leachtachta

Is éard atá i gceist leis an riosca leachtachta ná an riosca go mbeadh deacrachtaí ag an gCiste i leith a oibleagáidí a chomhlíonadh tráth a mbeadh siad dlite. Déanann GBCN monatóireacht ar leachtacht phunann infheistíochtaí an Chiste go rialta chun a chinntiú go mbíonn leibhéal chuí sócmhainní leachtacha ar láimh i gcónaí.

Riosca Oibriúcháin

Is éard atá i gceist leis an riosca oibriúcháin ná an riosca go mbeadh próisis agus rialacháin inmheánacha, daoine nó córais atá neamhimleor nó teipthe, nó teagmhais sheachtracha ina gcúis le caillteanais. Is í aidhm an Choimisiúin ná an riosca oibriúcháin a íoslaghdú.

Chun na críche seo, rinne GBCN córais teicneolaíocht faisnéise a shuiteáil agus nósanna imeachta rialaithe mionsonraithe a fhorbairt de réir an dea-chleachtais san earnáil. Déantar athbhreithniú ar na rialacháin seo go rialta chun a chinntiú go bhféadann siad dul i ngleic leis na rioscaí a mbíonn GBCN faoina lé agus go mbíonn siad oiriúnach dóibh go fóill chomh maith. Déanann Aonad Rialúcháin GBCN faireachán ar fheidhmiú na rialachán. Bíonn an obair seo forlíoanta ag gnólacht seachtrach, PwC i láthair na huaire, a thugann faoi obair iniúchóireachta inmheánaí. Ní mór don Aonad Rialúcháin agus don ghnólacht seachtrach aird a tharraingt ar aon easnamh sna rialacháin nó i gcásanna ina bhfuil siad den tuairim gur ceart na rialacháin a threisiú ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus moltaí iomchuí a dhéanamh chun na hathruithe sin a bhaint amach.

Riosca Rialála

Is éard atá i gceist leis an riosca rialála ná an riosca go dteipfeadh ar CNP cloí le dlíthe agus le rialúcháin. Tá clár forbartha ag feidhm chomhlíonta GBCN d'fhonn comhairle a thabhairt do choimisinéirí agus do bhaill foirne maidir le dlíthe agus le rialacháin bhainteacha agus maidir lena gcomhlíonadh leantach a bhaint amach agus d'fhonn cabhrú le nósanna imeachta bainistíochta cuí a fhorbairt. Tugann feidhm dhlíthiúil GBCN agus comhairleoirí cánachais an Chiste, KPMG i láthair na huaire, comhairle maidir le hidirbhearta beartaithe chun comhlíonadh reachtaíochta baintí agus rialachán bainteach a chinntiú.

An Taisceánach Domhanda

Cuireann Taisceánach Domhanda CNP, BNY Mellon faoi láthair, feidhmeanna taiscthe agus cuntasaióchta ar fáil do GBCN. Bíonn BNY Mellon freagrach as idirbhearta a thabhairt chun réitigh (airgead tirim nó urrúis a sheachadadh i leith ceannacháin/díolacháin sócmhainní de chuid CNP) agus, i bhformhór na gcásanna, as sócmhainní de chuid CNP a choinneáil i seilbh go neamhspleách ó na bainisteoirí infheistíochtaí.

I measc na ngnéithe rithábhachtacha de sheirbhís BNY Mellon, tá coimeád taifead beacht, tuairiscí a eisiúint do GBCN agus teastais a eisiúint d'iniúcháirí ina ndearbhaítear sonraí maidir leis na sócmhainní atá á gcoinneáil i seilbh. I measc na bhfeidhmeanna eile atá ag an taisceánach, tá bailiú ioncaim agus díbhinní ar shócmhainní, bailiú aisiocaióchtaí cánach atá dlite do CNP, agus soláthar réimse cuimsitheacht tuairiscí cuntasaiócht airgeadais.

Úsáidtear na sonraí a sholáthraíonn an taisceánach go leictreonach gach lá chun luachála CNP agus a thuairiscí riosca, feidhmíochta agus rialaithe a ghiniúint.

Faigheann GBCN tuairiscí rialaithe oibriúcháin seirbhíse, a bhíonn iniúchta go neamhspleách, faoin timpeallacht rialaithe ag BNY Mellon chun a chinntiú go mbíonn na rialacháin ag feidhmiú go héifeachtach agus nach n-eascraíonn aon fhadhb rialaithe.

Ní choinnítear infheistíochtaí réadmhaoine ná cothromais phríobháidigh de chuid CNP ná a chuid infheistíochtaí i gcistí comhthiomsaithe i seilbh an taisceánaigh dhomhanda. De chuid is mó, bíonn infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh CNP struchtúraithe mar chomhpháirtíochtaí teoranta, a mbíonn CNP ar chomhpháirtí teoranta iontu. Bíonn sealúchais CNP i gcistí infheistíochta comhthiomsaithe, in iontaobhais aonad réadmhaoine áirithe agus i dtáirgí cothromais struchtúrtha, cláraithe in ainm CNP leis an ngníomhaire aistrithe bainteach nó leis an iontaobhaí bainteach.

Táillí agus Costais

B'ionann na táillí agus na costais a thabhaigh an Coimisiún i bhfeidhmiú an Chiste mar a leagtar amach i ráiteas airgeadais CNP don bhliain 2012 agus €10.4 milliún. Chomh maith leis sin, b'ionann na costais a thabhaigh GBCN in 2012 ina ról mar Bhainisteoir agus €3.9 milliún, costais a n-íocann an Státchiste iad.

Gach bliain, glacann CNP páirt i suirbhé a réachtálann gnólacht Ceanadach, CEM Benchmarking Inc (CEM), a mheasann costais oibriúcháin cistí pinsean i gcomparáid le cistí pinsean eile, lena n-áirítear na costais a thabhaítear laistigh de mheáin infheistíochta chomhthiomsaithe. Cuireann an suirbhé feidhmíocht costas CNP i leith na Punainne Lánroghnaí i gcomparáid le tagarmharc costas a chuimsíonn piarghrúpa cistí idirnáisiúnta comhchosúla a bhíonn aitheanta ag CEM mar na cistí is iomchuí le cur i gcomparáid le CNP. Cuireann an suirbhé éagsúlachtaí ó thaobh an leithdháilte sócmhainní i ngach piarghrúpa san áireamh.

Baineadh de thátal as an suirbhé ba dhéanaí, a bhain leis an mbliain 2011, go raibh costais an Chiste, costais a thabhaigh GBCN mar an mBainisteoir agus táillí a gearradh laistigh de mheáin infheistíochta tríú páirtí san áireamh, cothrom le 0.53% de mheánluach sócmhainní an Chiste (2010: 0.39% de mheánluach sócmhainní an Chiste). Bhí costais CNP beagán ní ba lú ná meánlíne a phiarghrúpa in 2011. Ba é an laghdú ar mhéid na Punainne Lánroghnaí in 2011 agus na barainneachtaí scála a cailleadh dá bharr sin a bhí ina gcúis dhíreach leis an méadú a tháinig ar na costais mar chéatadán de luach iomlán an Chiste idir 2010 agus 2011

Coimisinéirí



Paul Carty Cathaoirleach

Comhairleach Airgeadais agus Iar-Chomhpháirtí Bainistíochta, Deloitte & Touche, Éire



An Dr. Brian Hillery

Cathaoirleach Providence Resources cpt. agus iarstúirthóir de chuid Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann



Maurice Keane

Stiúrthóir Cuideachta agus Iar-Phríomhfheidhmeannach Grúpa, Banc na hÉireann



Knut N. Kjaer

Cathaoirleach FSN Capital, Iar-Uachtarán de chuid Risk Metrics Group, Iar-Phríomhfheidhmeannach de chuid Norges Bank Investment Management



An tOll. Frances Ruane

Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta



John C. Corrigan

An Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Rialú Cistí

Forbhreathnú

Tá CNP faoi rialú Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, ar comhlacht corparáideach é ar a bhfuil seacht gcomhalta arna gceapadh ag an Aire Airgeadais. De réir Acht CNP, ní féidir leis an Aire Airgeadais daoine a cheapadh mar Choimisinéirí ach amháin sa chás go bhfuil méid suntasach saineolais agus taithí acu ar aon cheann de réimsí liostaithe, lena n-áirítear an infheistíocht nó bainistíocht gnólachta idirnáisiúnta, an t-airgeadas nó an eacnamaíocht, an dlí, an achtúireacht agus an chuntasóireacht, agus an iniúchóireacht

I measc na bhfeidhmeanna atá ag an gCoimisiún, déanann sé Straitéis Infheistíochta CNP a shocrú agus a chur i bhfeidhm de réir a bheartais infheistíochta reachtúla. Éilíonn an beartas seo ar an gCoimisiún sócmhainní an Chiste a infheistiú ionas go mbainfear amach an toradh airgeadais is fearr agus is féidir ar chuntar go mbeidh leibhéal an riosca don airgead i seilbh nó infheistithe inghlactha don Choimisiún.

Níl feidhm ag beartas infheistíochta reachtúla CNP ar Infheistíochtaí Stiúrtha.

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Bainisteoir CNP ar feadh na tréimhse go dtí Aibreán 2016 agus éilítear ar an gCoimisiún a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh tríd an mBainisteoir.

An Coimisiún

Is é an Coimisiún a leagann amach straitéis leithdháilte sócmhainní CNP, na rialacha a bhféadtar sócmhainní de chuid an Chiste a infheistiú faoina réir, agus a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar chur i ngníomh straitéise an Chiste.

Tá curtha ar bun ag an gCoimisiún Coiste Iniúchóireachta, Coiste Comhairleach Réadmhaoine agus Coiste Comhairleach Cothromais Phriobháidigh chun cabhrú leis a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Gan dochar d'fhreagracht an Choimisiúin as a chuid feidhmeanna féin, féadann sé aon cheann de na feidhmeanna sin a tharmligean chun an Bhainisteora de réir mar is iomchuí leis.

Is iad seo a leanas comhaltaí Choimisiún CNP amhail Meitheamh 2013:

Paul Carty – An Cathaoirleach

(arna athcheapadh an 31 Iúil 2010).

Comhairleach Airgeadais agus Iar-Chomhpháirtí Bainistíochta de chuid Deloitte & Touche Éireann.

An Dr. Brian Hillery

(arna athcheapadh an 1 Iúil 2009).

Cathaoirleach Providence Resources cpt. agus iarstiúrthóir de chuid Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.

Maurice Keane

(arna athcheapadh an 5 Feabhra 2012).

Stiúrthóir Cuideachta agus Iar-Phríomhfheidhmeannach Grúpa de chuid Bhanc na hÉireann.

Knut N. Kjaer

(Arna cheapadh an 2 Aibreán 2010).

Cathaoirleach FSN Capital, Iar-Uachtarán de chuid Risk Metrics Group, Iar-Phríomhfheidhmeannach de chuid Norges Bank Investment Management.

An tOll. Frances Ruane

(arna athcheapadh an 1 Iúil 2009).

Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

John C. Corrigan

(Comhalta de bhrí oifige, arna cheapadh an 4 Nollaig 2009),

An Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

D'éirigh an tUas. John Canning, Cathaoirleach Madison Dearborn Partners LLC, as bheith ina chomhalta den Choimisiún an 17 Eanáir 2013.

Maireann tréimhse oifige coimisinéara ar feadh cúig bliana, ach amháin i gcás Phríomhfheidhmeannach an Bhainisteora a fhónann ar an gCoimisiún mar chomhalta de bhrí oifige. Ní féidir le coimisinéir, seachas Príomhfheidhmeannach an Bhainisteora, bheith i seilbh oifige ar feadh níos mó ná dhá tréimhse oifige as a chéile.

De thoradh ar na hathruithe atá á ndéanamh ar shainordú an Choimisiúin faoi láthair, agus cé nach dtagann an Coimisiún le chéile ach ceithre huair in aghaidh na bliana de ghnáth, tháinig an Coimisiún le chéile ocht n-uaire i

rith 2012 agus tionóladh roinnt de na cruinnithe sin faoi ghearrfhógra. Más rud é go raibh comhalta le bheith as láthair, thug an comhalta sin eolas bainteach don Chathaoirleach agus do GBCN le haghaidh an chruinnithe roimh ré i bhformhór na gcásanna.

Tábla 14
Tinreamh Choimisiún CNP 2012

Comhalta den Choimisiún	Cruinnithe a d'fhreastail orthu
Paul Carty	8/8
John Canning	6/8
John Corrigan	8/8
Brian Hillery	8/8
Maurice Keane	7/8
Knut Kjaer	7/8
Frances Ruane	8/8

Cóid Rialachais Chorporáidigh

Tá an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit bunaithe ar ghnáthstruchtúr corparáideach, a chuimsíonn Bord Stiúrthóirí, ar a bhfuil an fhreagracht dhlíthiúil as an gcomhlacht, agus an fhoireann bhainistíocht feidhmiúcháin agus na baill foirne, a chomhlíonann na feidhmeanna a tharmligeann an Bord chucu.

Níl aon fhoireann feidhmiúcháin ag an gCoimisiún, áfach, agus comhlíonann sé a chuid feidhmeanna trí GBCN. Tá an Coimisiún ag cur an Chóid i bhfeidhm faoi láthair, arna chur in oiriúint do struchtúr rialachais CNP agus do riachtanais Acht CNP.

Tá cód iompraíocht ghnó i bhfeidhm do choimisinéirí.

Is comhlacht forordaithe poiblí é an Coimisiún chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Ina theannta sin, leagtar síos in Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean riachtanais ar leith i ndáil le leasanna a nochtadh.

An Coiste Iniúcháireachta

Déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bainistíocht riosca GBCN, ar na próisis iniúchta agus ar phróiseas GBCN i leith monatóireacht a dhéanamh ar Thaisceánach CNP, ar bhainisteoirí infheistíochtaí, agus ar phríomhsholáthróirí seirbhísí eile chun a chinntiú go chomhlíonann siad a n-oibleagáidí conartha don Choimisiún/GBCN.

Fónann triúr comhaltaí ar an gCoiste:

Maurice Keane (Cathaoirleach)

Brian Hillery

Frances Ruane

Bíonn cruinnithe rialta ag an gCoiste leis na bainisteoirí sinsearacha i GBCN atá freagrach as CNP, le Ceann Aonad Dlí GBCN, le Ceann an Aonaid Rialaithe agus le Ceann an Aonaid Comhlíonta, mar aon le hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha CNP. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile cúig huaire i gcaitheamh 2012.

An Coiste Comhairleach Réadmhaoine

Tá cinntí maidir le hinfeistíochtaí réadmhaoine tarmligthe ag an gCoimisiún chun GBCN. Chuir sé an Coiste Comhairleach Réadmhaoine ar bun chun comhairle a thabhairt do GBCN i dtaca le hinfeistíochtaí réadmhaoine, chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise infheistíocht réadmhaoine agus chun tuairiscí a thabhairt don Choimisiún.

Tá ceathrar comhaltaí ar an gCoiste, eadhon beirt choimisinéirí agus beirt chomhaltaí seachtracha.

Is iad Paul Carty (Cathaoirleach) agus Maurice Keane an bheirt choimisinéirí. Is iad seo a leanas an bheirt chomhaltaí seachtracha:

Barden Gale (Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, J.E. Roberts Companies)

John Mulcahy (Ceann na Rannóige Bainistithe Sócmhainní, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní)

An Coiste Comhairleach Cothromais Phríobháidigh

Tá cinntí maidir le hinfeistíochtaí cothromais phríobháidigh tarmligthe ag an gCoimisiún chun GBCN. Chuir sé an Coiste Comhairleach Cothromais Phríobháidigh ar bun chun comhairle a thabhairt do GBCN i dtaca le hinfeistíochtaí cothromais phríobháidigh, chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise infheistíocht cothromais phríobháidigh agus chun tuairiscí a thabhairt don Choimisiún.

Tá ceathrar comhaltaí ar an gCoiste, eadhon beirt choimisinéirí agus beirt chomhaltaí seachtracha.

Is iad Paul Carty (Cathaoirleach) agus Brian Hillery an bheirt choimisinéirí. D'éirigh an tUas. John Canning as bheith ina chomhalta den Choiste an 17 Eanáir 2013. Is iad seo a leanas an bheirt chomhaltaí seachtracha:

Maurice O'Connell (Iarghobharnóir de chuid

Bhanc Ceannais na hÉireann)

Walter O'Hara (Stiúrthóir Bainistíochta, Allen & Co., Nua-Eabhrac)

Luach Saothair agus Costais

Is é an tAire Airgeadais a shocraíonn luach saothair chomhaltaí an Choimisiúin agus d'aontaigh gach comhalta le laghdú toilteanach tar éis don Aire an céanna a iarraidh.

Is mar seo a leanas atá an leibhéal luach saothair faoi láthair:

Cathaoirleach: €51,424 in aghaidh na bliana

Comhaltaí Eile: €34,283 in aghaidh na bliana

Níor íocadh aon chostas le Coimisinéirí in 2012. Ní fhaigheann Príomhfheidhmeannach GBCN aon luach saothair i leith a bhallaíochta sa Choimisiún.

Ní fhaigheann comhaltaí den Choiste Comhairleach Réadmhaoine ná den Choiste Comhairleach Cothromais Phríobháidigh aon luach saothair ach an oiread.

Nochtadh Leasanna

Le linn 2012, nochtadh aon leas amháin de bhun Alt 12 d'Acht CNP.

D'fhógair John Corrigan go raibh leas aige i ndáil le soláthar áiseanna cúltaca fiachais do thionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí Bheart Scoileanna 3, rud a bhí á mheas ag an gCoimisiún ag an am, de bhrí gurbh eisean cathaoirleach Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais ("GNFA"). D'fheidhmigh GNFA mar an údarás soláthair i leith an tionscadail.

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Coinníonn an Coimisiún liosta foirmiúil de na feidhmeanna atá tarmlichte chun GBCN ar bonn leanúnach.

I measc na gcroifheidhmeanna atá ag GBCN ina cháil mar Bhainisteoir CNP, tá:

- comhairle a chur ar fáil don Choimisiún maidir le beartais;
- straitéis infheistíochta CNP a chur i ngníomh;
- cinnteoireacht i leith leithdháileadh dinimiciúil sócmhainní de réir paraiméadar comhaontaithe;
- roghnú bainisteoirí infheistíochtaí agus meáin infheistíochta mar aon le hathbhreithniú feidhmíochta orthu;
- cur i ngníomh treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais i leith Infheistíochtaí Stiúrtha de chuid CNP agus, faoi threoir agus de réir na reachtaíochta baintí, cur i ngníomh feidhmeanna úinéireachta an Chiste i dtaca leis na sócmhainní seo;
- rialúcháin le haghaidh an Chiste a fhorbairt agus a fheidhmiú chun a chinntiú go ndéantar CNP a bhainistiú de réir na bparaiméadar a leagann an Coimisiún síos agus rioscaí oibriúcháin do CNP a íoslaghdú;
- cuntais bhainc a oscailt agus a chothabháil don Chiste, lena n-áirítear cuntais in airgeadraí seachas airgeadra an Stáit; agus
- ráitis airgeadais CNP a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar Thaisceánach Domhanda CNP.

Déantar na feidhmeanna seo a sheachadadh trí aonad tiomnaithe do CNP, agus trí shainfhoireann cuntasaíochta agus oibriúcháin laistigh de Stiúrthóireacht Airgeadais GBCN. Tugann na haonaid TF, Dlí, Rialúcháin, Comhlíonta agus Acmhainní Daonna i GBCN tacaíocht do ghníomhaíochtaí CNP chomh maith.

Tá Comhaontú Bainistíochta i bhfeidhm ina ndéantar cur síos ar an gcaidreamh idir an Coimisiún agus GBCN mar an mBainisteoir, agus ina leagtar amach na freagrachtaí atá ar GBCN.

42
Comhaltaí Choimisiún
an Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean
agus Faisnéis Eile

43
Tuarascáil
Infheistíochta

44
Ráiteas maidir le
Freagrachtaí an
Choimisiúin

45
Ráiteas maidir le
Rialú Inmheánach
Airgeadais

47
Tuairisc an Ard-
Reachtair Cuntas
agus Ciste

48
Beartais
Chuntasaíochta

52
An Cuntas Ciste

53
Ráiteas maidir le
Glansócmhainní

54
An Cuntas
Riaracháin

55
Ráiteas maidir le
Sreabhadh Airgid

57
Nótaí maidir leis na
cuntais

Comhaltaí Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Faisnéis Eile

Comhaltaí an Choimisiúin

An tUas. Paul Carty - An Cathaoirleach
An tUasal John Óg A. Canning (a d'éirigh as an 17 Eanáir 2013)
An tUas. John C. Corrigan (comhalta de bhrí oifige)
An Dr. Brian Hillery
An tUasal Maurice A. Keane
An tUasal Knut N. Kjaer
An tOll. Frances Ruane

Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

An Taisceánach Domhanda

The Bank of New York Mellon (BNYM)
One Canada Square
Londain, E14 5NT

Iníúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2


Bainisteoir

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Foirgneamh an Stáitchiste
Sráid na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil Infheistíochta

Seachas i gcás na nInfheistíochtaí Stiúrtha, is é an Coimisiún a shocraíonn an straitéis infheistíochta don Chiste. Bhí sócmhainní infheistíochtaí an Chiste infheistithe mar seo a leanas amhail ar an 31 Nollaig:

	2012 €m	% den iomlán Sócmhainní Infheistíochtaí	2011 €m	% den iomlán Sócmhainní Infheistíochtaí
Gnáthscaireanna				
Gnáthscaireanna Luaite ar Mhargáí Forbartha	2,223	15.1%	1,943	14.5%
Gnáthscaireanna Luaite i Margáí Éiritheacha	506	3.5%	386	2.9%
Roghanna Cothromais	87	0.6%	264	2.0%
Ciste Cothromais Domhanda	97	0.7%	84	0.6%
Iomlán na nGnáthscaireanna	2,913	19.9%	2,677	20.0%
Bannaí				
Bannaí Corparáide Luaite	263	1.8%	150	1.1%
Bannaí Corparáide Neamhluaite	244	1.7%	194	1.5%
Iomlán na mBannaí	507	3.5%	344	2.6%
Infheistíochtaí Réadmhaoine	454	3.1%	507	3.8%
Infheistíochtaí Cothromais Phriobháidigh	736	5.0%	772	5.8%
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	235	1.6%	241	1.8%
Infheistíochtaí Infreastruchtúir	46	0.3%	-	0.0%
Infheistíochtaí Foraoiseachta	35	0.2%	32	0.2%
Airgeadraí agus Cistí Infheistíochta Eile	244	1.7%	170	1.3%
Taisc, Airgead agus Infheistíochtaí Eile				
Taisc agus Airgead Tirim	870	5.9%	749	5.6%
Gnóthachan / (Caillteanas) Neamhréadaithe ar Chonarthaí Todhchaíochtaí	(4)	0.0%	(1)	0.0%
Gnóthachan / (Caillteanas) Neamhréadaithe ar Chonarthaí i Malairt Eachtrach	20	0.1%	(93)	(0.7%)
Iomlán na dTaisc, an Airgid Thirim agus na nInfheistíochtaí Eile	886	6.0%	655	4.9%
Iomlán na Sócmhainní a bhaineann le hInfheistíochtaí Lánroghnacha	6,056	41.3%	5,398	40.4%
Infheistíochtaí Stiúrtha	8,600	58.7%	7,962	59.6%
Iomlán na Sócmhainní Infheistíochta	14,656	100.0%	13,360	100.0%



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta (mar an
mBainisteoir)

An 27 Meitheamh 2013

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Éilíonn Acht an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú i leith a chuid oibríochtaí i ndáil le gach bliain airgeadais.

Agus an Coimisiún ag ullmhú na Ráiteas Airgeadais seo, déanann sé:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeadh sé neamhfhoirsteanach a leithéid a dhéanamh
- cur síos ar aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe agus tugann sé míniú orthu.

Tá an Coimisiún freagrach, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, as na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé agus as taifid chuntasaíochta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus costais riaracháin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach as sócmhainní an Choimisiúin a chosaint chomh maith agus, mar sin, as gach beart réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta (mar an
mBainisteoir)

An 27 Meitheamh 2013

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Coimisiún freagracht as a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais i dtaca le hoibriúcháin an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ("an Ciste").

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Bainisteoir") Bainisteoir an Chiste agus feidhmíonn sí mar ghníomhaire an Choimisiúin i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Is é an Bainisteoir a chuireann an córas um rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm thar ceann an Choimisiúin.

Ní fhéadann an córas seo ach ráthaíocht réasúnach a thabhairt, ní ráthaíocht absalóideach, go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go mbíonn idirbhearta údairithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar botúin ábharacha nó neamhrialtachtaí eile a chosc nó a bhrath in am is i dtráth.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Rinne an Bainisteoir bearta chun timpeallacht iomchuí rialaithe a bhaint amach:

- trí na freagrachtaí bainistíochta a leagan amach go soiléir
- trí nósanna imeachta foirmiúla a bhunú i leith teipeanna suntasacha rialaithe a thuirisciú don Choimisiún agus bearta ceartaitheacha cuí a áirithiú.

Tá curtha ar bun ag an gCoimisiún próisis chun rioscaí oibriúcháin a shainaithint agus a mheas:

- trí shainaithint a dhéanamh ar chineál, ar mhéid agus ar impleacht airgeadais na rioscaí atá i ndán don Chiste agus trí mhonatóireacht a dhéanamh orthu trí thagairt do chaighdeán a mheasann an Coimisiún atá inghlactha
- trí mheasúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtitfidh na rioscaí sainaitheanta amach
- trí mheasúnú a dhéanamh ar chumas an Chiste chun na rioscaí a dtiteann amach a bhainistiú agus a mhaolú
- trí mheasúnú a dhéanamh ar na costais i leith rialacháin áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear amach dá mbarr.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat faisnéis bhainistíochta rialta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a dheighilt, agus ar chóras tarmhligin agus freagrachta. Cuimsíonn sé go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe i ndáil le costais riaracháin an Chiste, buiséad bliantúil san áireamh, a shocraíonn an Coimisiún
- athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na tuartha
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas

- treoirlínte rialaithe infheistíochtaí atá sainmhínithe go soiléir
- rialúcháin fhoirmiúla bainistíocht tionscadal.

Faoi rialú an Choimisiúin, tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an mBainisteoir, rud a fheidhmítear de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a chuireann tuairiscí faoi bhráid an Choiste tríd an gCoiste Iniúcháireachta. Is í an anailís a dhéantar ar na rioscaí oibriúcháin a bhfuil an Ciste neamhchosanta ina leith a thugann eolas don iniúcháireacht inmheánach, agus bíonn na pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Glacann an Coimisiún leis an anailís ar na rioscaí agus leis na pleananna iniúcháireachta inmheánaí tríd an gCoiste Iniúcháireachta. Uair sa bhliain ar a laghad, cuireann an t-iniúcháir inmheánach (PwC i láthair na huaire) tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, tríd an gCoiste Iniúcháireachta, agus faoi bhráid an Bhainisteora maidir le gníomhaíochtaí iniúcháireachta inmheánaí. Cuimsíonn an tuarascáil tuairim an iniúcháora inmheánaigh maidir le leorgacht agus le héifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Is iad obair an iniúcháora inmheánaigh, feidhmeannaigh an Bhainisteora atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil, agus tráchtanna arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile dá chuid, a thugann eolas don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Coimisiún ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Athbhreithniú Bliantúil ar an gCóras Rialaithe

Tar éis dó dul i ndáil chomhairle le Coiste Iniúcháireachta an Chiste, tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012.



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta (mar an
mBainisteoir)

An 27 Meitheamh 2013

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Rinne mé ráitis airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 a iniúchadh de réir *Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasaióchta a leagtar amach iontu, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ciste, an ráiteas glansócmhainní, an cuntas riaracháin, an ráiteas sreafa airgid agus na nótaí bainteacha. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoi Alt 26 den Acht.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas firinneach, cóir ar thorthaí oibriúcháin an Chiste don bhliain agus ar a iarmhéideanna ag deireadh na bliana, agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt maidir leo de réir an dlí bhaintigh.

Tá m'iniúchadh déanta trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmíthe.

Tá m'iniúchadh déanta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeán Eiticiúla an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a bhailiú maidir leis na suimeanna agus leis na rudaí a nochtadh sna ráitis airgeadais d'fhonn ráthaiócht réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíshonrú ábhartha iontu, cé acu an bhfuil an míshonrú sin de thoradh ar chalaos nó ar bhotún. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cé acu an raibh na polasaithe cuntasaióchta oiriúnach do chás an Chiste, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad, agus ar nochtadh go himleor iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaióchta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- leagan amach na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta chomh maith.

Chomh maith leis an méid sin thuas, léim tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin chun sainathint a dhéanamh ar neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó neamhréir ábhartha faoi deara, déanaim na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.

Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais, léargas firinneach, cóir ar thorthaí oibriúcháin an Chiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 agus ar a iarmhéideanna amhail ar an dáta sin.

I mo thuairimse, choimeád an Coimisiún leabhair iomchuí chuntas. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- gur thug m'iniúchadh aon chás ábhartha faoi deara nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá ann i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin i gcomhréir leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó
- nach léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit comhlíonta ag an gCoimisiún, nó
- go dtugaim faoi deara go bhfuil ceisteanna ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó phoiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair a dtugtar tuairisc orthu de réir eisceachta.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair
Cuntas agus Ciste

An 28 Meitheamh 2013

Beartais Chuntasaióchta

Cuireadh an Ciste ar bun de bhun Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000. Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaióchta ar glacadh leo i leith an Chiste:

(b) Bonn a nUllmhaithe

Ullmháiodh na ráitis airgeadais de réir Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 i bhfoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais.

Déantar sna ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus ar ghlansócmhainní an Chiste.

D'ainneoin an sealúchas suntasach atá ag an gCiste i ngnáthscaireanna de Bhanc na hÉireann agus de Bhainc-Aontas Éireann, níl aon chumhacht ag an gCiste Infheistíochtaí Stiúrtha a rialú ná tionchar ceannasach ná tionchar suntasach a imirt orthu. Dá bhrí sin, ní chuireann an Coimisiún torthaí ná staid airgeadais Bhanc na hÉireann ná Bhainc-Aontas Éireann le ráitis airgeadais an Chiste.

(b) An Tréimhse Thuairiscithe

Is í an tréimhse thuairiscithe an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012.

(c) An tAirgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, airgeadra a chuirtear in iúl leis an tsiombail €. Luaitear suimeanna airgid i €m ach amháin nuair a chuirtear a mhalairt in iúl. I gcásann ina n-úsáidtear iad, seasann '€000' do mhíle euro, 'm' do mhilliún agus 'bn' do bhilliún.

(d) Infheistíochtaí

Tá dhá chineál infheistíochtaí ag an gCiste:

(i) Infheistíochtaí Lánroghnacha

Infheistíochtaí arna ndéanamh de réir *Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*, arb infheistíochtaí iad a dhéanann an Coimisiún a bhainistiú agus a rialú leis an údarás lánroghnach chun straitéis infheistíochta a shocrú agus a chur i bhfeidhm i dtreo ciste airgid a chur ar fáil chun costais pinsin leasa shóisialta agus seirbhíse poiblí a chlúdach amach anseo.

(ii) Infheistíochtaí Stiúrtha

Tá ag an gCoimisiún chomh maith Infheistíochtaí Stiúrtha arna ndéanamh de réir threoir an Aire Airgeadais de bhun Alt 19(B) d'*Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*, (arna leasú). Caithfear sealbhaíocht agus bainistíocht Infheistíochtaí Stiúrtha, cleachtadh cearta vótála agus cearta eile a ghabhann leis na hInfheistíochtaí Stiúrtha ag an gCoimisiún agus diúscairt Infheistíochtaí Stiúrtha ag an gCoimisiún a dhéanamh de réir a leithéid de threoracha.

(e) Luacháil ar Infheistíochtaí Lánroghnacha

Déantar infheistíochtaí a thaifeadadh ar bhonn a ndátaí trádála agus luaitear ar a luachanna córa iad. Is mar seo a leanas a shocraítear an luach cóir le haghaidh infheistíochtaí luaite, neamhluaite agus díorthacha:

(i) Infheistíochtaí Luaite

Is ionann an luach cóir agus an luach am scoir ar an bpríomhmalartán nó ar an bpríomhfhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luaite.

(ii) Infheistíochtaí Neamhluaite

Déanann Bainisteoir an Chiste an luach cóir a mheas agus glacann an Coimisiún leis an luach sin. Is iad seo a leanas na príomhluachála neamhluaite:

Infheistíochtaí i Réadmhaoín agus i gCistí Cothromais Phríobháidigh

Tá an luach cóir le haghaidh infheistíochtaí neamhluaite i réadmhaoín agus i gcistí cothromais príobháidigh nach bhfuil margadh gníomhach ag baint leo bunaithe ar an luacháil iniúchta is déanaí a dhéanann bainisteoir seachtrach an Chiste nó na Comhpháirtíochta ar an gciste nó ar an gcomhpháirtíocht sin. Nuair nach bhfuil fáil ar luacháil iniúchta, nuair nach dtiteann deireadh bliana an Chiste nó na Comhpháirtíochta amach ag an am céanna le deireadh bliana an Chiste mar shampla, úsáidtear an luacháil neamhiniúchta is déanaí.

Úsáideann bainisteoirí seachtracha modhanna luachála a bhfuil glacadh leo san earnáil agus treoirlínte arna bhfoilsíú ag comhlachtaí earnála bainteacha chun teacht ar luachálacha na n-infheistíochtaí seo. Agus na bainisteoirí seachtracha ag úsáid a leithéid de mhodheolaíochtaí luachála, féadann siad tosca éagsúla a chur san áireamh, ar nós iolraithe tuillimh cuideachtaí cosúla a ndéantar trádáil phoiblí ar a gcuid scaireanna, sreabhadh airgid lascainithe, idirbhearta tríú páirtí, agus teagmhais a thugann le fios aon bhearnúchán nó aon feabhsúchán ábharach ar luach cóir na hinfeistíochta. Sa chéad bhliain den úinéireacht, is ionduil go meastar gur meastachán iomchuí ar luachanna córa na n-infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais príobháidigh é an costas ach amháin i gcásanna ina dtugtar le fios go bhfuil buanbhearnúchán ar an luach.

Féadann réimse luachanna féideartha a bheith ann i ndáil leis na hinfeistíochtaí seo agus d'fhéadfadh sé nach nach mbeadh na luachanna córa measta ar aon dul leis na luachanna a d'úsáidfeadh dá mba rud é go mbeadh fáil ar luach margaidh ghníomhaigh dá leithéid d'infheistíochtaí.

Braitheann an Coimisiún ar luachálacha arna ndéanamh ag bainisteoirí seachtracha mar mheastacháin ionadaíocha do luach cóir infheistíochta. Tá bunaithe ag an gCoimisiún, i gcomhar leis an mBainisteoir, nósanna imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ó am go chéile ar luacháil an Chiste nó na Comhpháirtíochta ar infheistíochtaí réadmhaoine nó ar infheistíochtaí cothromais príobháidigh ar leith. De réir bhreithiúnas an Choimisiúin, agus nuair atá faisnéis ábhartha ar fáil dó, féadann sé cinneadh a dhéanamh i gcásanna áirithe gurb iomchuí an luacháil arna déanamh ag bainisteoir seachtrach a choigeartú agus luach cóir na hinfeistíochta á thaifeadadh aige.

Bannaí Neamhluaite

Measann an Bainisteoir luachanna córa na mBannaí Neamhluaite le samhlacha luachála bannaí atá bunaithe ar shonraí ó mhargaí inbhraite.

Cistí Airgeadraí, Cistí Tráchtearraí agus Infheistíochtaí Neamhluaite Eile

Déantar luacháil ar chistí airgeadraí agus ar infheistíochtaí neamhluaite eile de réir an ghlanluacha sócmhainní bhaintigh is déanaí arna fhoilsiú ag riarthóirí na gCistí.

(e) Luacháil ar Infheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

(iii) Díorthaigh

Todhchaíochtaí

Déantar luacháil ar na conarthaí todhchaíochtaí a úsáideann bainisteoirí infheistíochtaí an Chiste trí thagairt do na luachanna am scoir ar an malartán ar a ndéantar iad a thrádáil agus sainaitheann mar shócmhainní infheistíochtaí iad.

Roghanna Cothromais

Nuair atá fáil ar fhaisnéis praghsála, baintear feidhm as na praghsanna am scoir ar an margadh chun an luach cóir a léiriú. Nuair nach bhfuil fáil ar na praghsanna am scoir ar an margadh, úsáidtear samhail Bloomberg i dtaca le luacháil a dhéanamh ar na scair-roghanna cothromais.

(f) Luacháil ar Infheistíochtaí Stiúrtha

Déantar luacháil ar Infheistíochtaí Stiúrtha mar seo a leanas:

Gnáthscaireanna

Déantar luacháil ar na gnáthscaireanna a choinnítear mar chuid de Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha trí thagairt dá luachanna córa. Is ionann an luach cóir agus an luach am scoir ar an bpríomhmalartán nó ar an bpríomhmhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luaite.

I gcásanna ina meastar nach féidir brath ar phraghsanna am scoir ar an margadh mar mheastachán iontaofa ar luachanna córa, déantar luacháil ar ghnáthscaireanna le teicníc iomchuí luachála. I measc na modheolaíochtaí luachála a fhéadtar a úsáid, tá anailís ar an sreabhadh airgid lascainithe, anailís ar an gothromas iomlán, anailís ar chuideachtaí cosúla agus anailís ar idirbhearta fasaigh.

Scaireanna Tosaíochta

Déantar luacháil ar na scaireanna tosaíochta a choinnítear mar chuid de Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha trí thagairt dá luachanna córa. Déantar an luach cóir a chinneadh trí thagairt do mhodheolaíochtaí luachála, lena n-áirítear anailís ar an sreabhadh airgid lascainithe, luacháil ar an mblianacht arna bhunú ar thorthaí cuideachtaí cosúla, anailís ar chuideachtaí cosúla agus anailís ar idirbhearta fasaigh.

(g) Gnóthachain agus Caillteanais ar Infheistíochtaí

Déantar plé le gnóthachain agus le caillteanais chaipitiúla, bíodh siad réadaithe nó neamhréadaithe, sa Chuntas Ciste don bhliain ina n-eascraíonn siad (Athrú ar Luach na nInfheistíochtaí).

(h) Infháiltais Fhadtréimhseacha

Luaitear Infháiltais Fhadtréimhseacha ar a luachanna córa. Déantar luach cóir na n-infáiltais seo a mheas tríd an sreabhadh airgid todhchaí conarthach a lascainiú ar an margadhráta atá ar fáil don Chiste faoi láthair i leith ionstraimí cosúla airgeadais.

(i) Comhthaobhacht Airgid arna heascair as Idirbhearta Díorthach

Déantar airgead a fhaightear/a phostáilítear mar chomhthaobhacht a eascraíonn as idirbhearta díorthach a thaifeadadh mar shócmhainn/dhliteanas ar an gClár Comhardaithe agus déantar luacháil air ar a luach cóir. Breactar síos an oibleagáid chun an chomhthaobhacht a aisíoc mar dhliteanas agus an teidliocht chun an chomhthaobhacht a fháil mar shócmhainn sa chuntas Ciste.

(j) Ioncam Infheistíochta

Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí ar a luach cóir ar bhonn fabhrú. Breactar díbhinní do shochar ioncaim ar na dátaí a liostaítear na hurrúis bhainteacha mar "ex-díbhinn". Léirítear an t-ioncam gan aon cháin shiarchoinneálach neamh-in-aisghabhála a áireamh, cánacha a nochtar sa Chuntas Ciste mar chuid den mhuirear cánachais.

(k) Costais

Déantar plé le costais sa bhliain ina bhfuil siad dlite.

(l) Airgeadraí Eachtracha

Déantar na hidirbhearta uile in airgeadraí eachtracha a shóinseáil go dtí euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar lá an idirbhirt. Déantar sócmhainní agus dliteanas in airgeadraí eachtracha a shóinseáil go dtí euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta dheireadh na bliana.

Déantar plé le héagsúlachtaí malartaithe a eascraíonn as athluacháil a dhéanamh ar infheistíochtaí agus as réiteach infheistíochtaí faoin athrú ar mhargadhluach na n-infheistíochtaí. Déantar plé le héagsúlachtaí malartaithe a eascraíonn as míreanna ioncaim mar chuid den ioncam infheistíochta.

(m) Iasachtú Urrús

Déanann an Ciste socruithe iasachtaithe urrús ina dtugtar urrúis do chontrapháirtithe seachtracha ar iasacht ar feadh tréimhse shocraithe. Faigheann an Ciste comhthaobhacht ar luach níos mó ná na hurrúis a tugadh ar iasacht ar feadh thréimhse na hiasachta agus faigheann sé ús tráth a ndéantar na sócmhainní comhthaobhacha a athinfheistiú. De réir théarmaí na gcomhaontuithe iasachtaithe urrús, coimeádann an Ciste an chuid is mó de na rioscaí agus de na buntáistí a ghabhann le húinéireacht na n-urrús ar iasacht agus coimeádann sé na cearta chun an tsreafa airgid a bhaineann leis na hurrúis. Dá bhrí sin, ní bhaintear na hurrúis ar iasacht de Ghlansócmhainní an Chiste agus ní aithnítear sócmhainní comhthaobhacha i Ráiteas an Chiste maidir le Glansócmhainní.

(n) Cáin Iarchurtha

Déantar foráil do cháin iarchurtha i leith aon cánach eachtraí breise is dealraitheach a bheidh iníochta tar éis gnóthachain neamhréadaithe a réadú ar infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh. Áirítear an cháin iarchurtha de réir na meánrátaí cánach atáthar ag súil a bheidh i bhfeidhm tráth a bhfuiltear ag súil a ndéanfar na gnóthachain a réadú.

An Cuntas Ciste

	Nótaí	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 €m	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 €m
An Phunann Lánroghnach			
- Ioncam ó Infheistíochtaí Lánroghnacha	1	126	203
- Athrú ar Luach na nInfheistíochtaí	7(e)	319	(22)
- Cáin	2	(3)	15
Toradh na nInfheistíochtaí Lánroghnacha		442	196
Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha			
- Ioncam ó Infheistíochtaí Stiúrtha	3	216	503
- Athrú ar Luach na nInfheistíochtaí	10(b)	610	(8,937)
Sochar ó Infheistíochtaí Stiúrtha		826	(8,434)
Toradh Iomlán na hInfheistíochta i ndiaidh na Cánach			
		1,268	(8,238)
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	4.	(10)	(17)
Toradh Iomlán na hInfheistíochta i ndiaidh na Cánach agus na gCostas		1,258	(8,255)
Ranníocaíochtaí / (Aistarraingtí)			
- Aistarraingt ag an Státchiste	5(a)	-	(1,018)
- Sócmhainní Aistrithe chuig an gCiste	5(b)	11	1
Iomlán na Ranníocaíochtaí / (na nAistarraingtí)		11	(1,017)
Méadú/(Laghdú) ar an gCiste le linn na Bliana		1,269	(9,272)
Glansócmhainní an Chiste amhail ag Tús na Bliana		13,415	22,687
Glansócmhainní an Chiste amhail ag Deireadh na Bliana		14,684	13,415



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta (mar an
mBainisteoir)

An 27 Meitheamh 2013

Ráiteas maidir le Glansócmhainní

	Nótaí	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 €m	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 €m
An Phunann Lánroghnach			
Infheistíochtaí Lánroghnacha	7	6,056	5,398
Sócmhainní Reatha	8(a)	18	60
Sócmhainní Neamhreatha	8(b)	24	-
Dliteanais Reatha	9(a)	(14)	(5)
Glansócmhainní - An Phunann Lánroghnach		6,084	5,453
Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha			
Infheistíochtaí Stiúrtha	10	8,600	7,962
Glansócmhainní - Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha		8,600	7,962
Glansócmhainní an Chiste amhail ag Deireadh na Bliana		14,684	13,415



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta (mar an
mBainisteoir)

An 27 Meitheamh 2013

An Cuntas Riaracháin

	Nótaí	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 €000	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 €000
Aistriú ón gCuntas Ciste	4.	10,435	17,192
Táillí agus Costais Riaracháin Ghinearálta	6(a)	(10,411)	(17,141)
Táillí agus Costais a bhaineann le hInfheistíochtaí Stiúrtha	6(b)	(24)	(51)
		-	-



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta (mar an
mBainisteoir)

An 27 Meitheamh 2013

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 €m	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 €m
Sreabhadh Airgid na nInfheistíochtaí Lánroghnacha		
Sreabhadh Airgid de thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Ceannach Infheistíochtaí	(1,580)	(7,895)
Fáltais ó Dhíol Infheistíochtaí	1,460	15,720
Ioncam Faighte	130	214
Ús agus Aisiocaíochtaí Cánach Faighte	8	45
Costais Oibriúcháin Íoctha	(10)	(21)
Glan-chomhthaobhacht Airgid Faighte	9	-
Glanairgead de thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	17	8,063
Sreabhadh Airgid de thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Aistriú ó Phunann na nInfheistíochtaí Stiúrtha	188	214
Aistriú go dtí Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha	-	(10,000)
Glanairgead de thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe	188	(9,786)
Glanmhéadú / (Glanlaghdú) ar Airgead	205	(1,723)
Airgead tirim ag tús na bliana	749	2,443
Gnóthachan Malairte ar Airgead	(83)	29
Glanmhéadú / (Glanlaghdú) ar Airgead	205	(1,723)
Airgead tirim ag deireadh na bliana	871	749

Leanann an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid thall →

→ Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar lean ón leathanach roimhe

	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 €m	Bliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 €m
Sreabhadh Airgid na nInfheistíochtaí Stiúrtha		
Sreabhadh Airgid de thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Ceannach Infheistíochtaí	-	(6,229)
Fáltais ó Dhíol Infheistíochtaí	-	1,051
Ranníocaíocht Chaipitiúil Bhainc-Aontas Éireann	-	(3,770)
Táillí Idirbheart Íoctha	-	(34)
Ioncam Faighte	188	214
Glanairgead de thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	188	(8,768)
Sreabhadh Airgid de thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Aistriú go dtí an Phunann Lánroghnach	(188)	(214)
Aistriú ón bPunann Lánroghnach	-	10,000
Aistarraingt ag an Státchiste	-	(1,018)
Glanairgead de thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe	(188)	8,768
Glanlaghdú ar Airgead Tirim	-	-
Airgead tirim ag deireadh na bliana	-	-

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

1. Ioncam ó Infheistíochtaí Lánroghnacha

	2012 €m	2011 €m
Ioncam ó Infheistíochtaí Lánroghnacha		
Gnáthscaireanna	77	93
Bannaí	19	29
Cothromas Príobháideach	17	7
Réadmhaoin	9	13
Taiscí	2	60
Ioncam Eile	2	1
	126	203

2. Cáin

Tá ioncam agus brabús an Chiste díolmhaithé ón gCáin Chorparáide Éireannach de réir Alt 30 d'Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000. D'fhéadfadh sé áfach, go mbeadh an Ciste faoi dhliteanas cánacha i ndlínsí thar lear, áiteanna nach bhfuil fáil aige ar dhíolúintí iomlána ón gcáin.

D'fhéadfadh sé chomh maith, go mbeadh dibhinní agus ús faoi réir cánacha siarchoinneálacha eachtracha arna bhforchur ag an tír ina bhfaightear an t-ioncam infheistíochta. D'fhéadfadh dáiltí ioncaim agus gnóthachan arna bhfáil ag an gCiste de thoradh ar a chuid infheistíochtaí i réadmhaoin agus i gcistí cothromais phríobháidigh bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha eachtracha freisin. D'fhéadfadh an Ciste bheith faoi réir cánacha eachtracha eile a bhíonn iníoctha ar infheistíochtaí áirithe réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh go bliantúil, bunaithe ar luach a sócmhainní ar an dáta tuairiscithe.

D'fhéadfadh cáin iarchurtha a eascairt as gnóthachain neamhréadaithe ó infheistíochtaí réadmhaoine nó cothromais phríobháidigh i gcásanna ina bhfuiltear ag súil go mbeadh cáin bhreise le híoc i leith na ngnóthachan seo tráth a ndiúscartha.

Tugtar anseo thíos cuntas ar na cánacha eachtracha a ndéantar foráil dóibh:

	2012 €m	2011 €m
Athshlánú cánach siarchoinneálaí	2	20
Cánacha Eachtracha ar Ioncam	(5)	(5)
Glancháin (Costas) / Ioncam	(3)	15

In 2012, fuair an Ciste €2.3m ó na húdaráis chánach san Ísiltír i ndáil le hathéileamh chánach a cuireadh isteach i leith na mblianta 2004, 2005 agus 2006. In 2011, fuair an Ciste €19.6m ó na húdaráis chánach sa Fhrainc tar éis rialú ina fhabhar i gCúirt Riaracháin na Fraince i ndáil le hathéileamh chánach a cuireadh isteach i leith na mblianta 2006, 2007 agus 2008.

3 Ioncam ó Infheistíochtaí Stiúrtha

	2012 €m	2011 €m
Ioncam ó Infheistíochtaí Stiúrtha		
Ioncam Faighte - Banc na hÉireann	188	214
Ioncam Faighte - Bainc-Aontas Éireann	28	289
	216	503

Íocadh in airgead tirim díbhinn de luach €188m in 2012 (2011: €214m) i leith na scaireanna tosaíochta de Bhanc na hÉireann, rud a aistríodh chuig an bPunann Lánroghnach dá éis sin.

De bhrí go bhfuil scaireanna tosaíochta de Bhainc-Aontas Éireann Cpt (AIB) ina sheilbh, tá CNP i dteideal díbhinn bhliantúil. I mBealtaine 2012, d'fhógair Bainc-Aontas Éireann go n-íocfadh sé díbhinn i leith scaireanna tosaíochta de luach €280m trí 3,624m gnáthscair a eisiúint mar chomaoin. De réir Airteagail Chomhlachais Bhainc-Aontas Éireann, bunaítear na gnáthscaireanna a eisítear ar an margadhphraghas luaite thar thréimhse ama fhorordaithe. Tar éis an insteallta caipitil a tugadh do Bhainc-Aontas Éireann in Iúil 2011, ní rabhthas in ann brath ar an margadhphraghas luaite chun luach gnóthais Bhainc-Aontas Éireann a fháil amach de bharr an íseal-leibhéil trádála i gcomparáid le líon na scaireanna atá eisithe. De thoradh air sin agus mar gheall ar mhéid suntasach na ngnáthscaireanna de Bhainc-Aontas Éireann atá i seilbh an Chiste, rinne CNP anailís ar chuideachtaí luaite cosúla chun luach de €28m a chur síos don díbhinn scaireanna tosaíochta a fuarthas in 2012 mar ghnáthscaireanna, bunaithe ar chomhairle neamhspleách maidir leis an luacháil.

4. Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin

Is ionann €10.4m (2011: €17.2m) agus an tsuim atá ag teastáil chun costais bhainistíochta agus riaracháin infheistíochtaí an Choimisiúin a chlúdach (Féach Nóta 6).

5. Ranníocaíochtaí / Aistarraingtí

(a) Ranníocaíochtaí leis an / Aistarraingtí ag an Státchiste

De réir Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000, éilíodh ar an Aire Airgeadais ranníocaíocht bhliantúil ba chomhionann le 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) a dhéanamh leis an gCiste.

Rinneadh Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 a leasú in 2010 leis an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010 chun foráil a dhéanamh gur féidir leis an ranníocaíocht bhliantúil bheith níos lú ná 1% de OTN.

Tugadh €3.0bn don Chiste i gcaitheamh 2009 chun críche Banc na hÉireann agus Bainc-Aontas Éireann a athchaipitliú. Faoin *Acht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009*, aistríodh sócmhainní cistí pinsean 16 ollscoil agus comhlacht neamhthráchtála stáit de luach iomlán €2.1bn chuig an gCiste idir 2009 agus 2012. Ba de thoradh ar na ranníocaíochtaí seo a bhí na ranníocaíochtaí bliantúla nach mór don Aire Airgeadais a dhéanamh leis an gCiste réamhíochta suas go dtí tús na bliana 2012. Faoi I.R. 584, *Ordú faoin Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 (Cur ar Fionraí Ranníocaíocht an Státchiste) 2012*, thug an tAire treoir nach ndéanfaí aon ranníocaíocht eile leis an gCiste in 2012 ná in 2013. (Féach Nóta 14 chomh maith).

5. Ranniocaíochtaí / Aistarraingtí (ar lean)

(a) Ranniocaíochtaí leis an / Aistarraingtí ag an Státchiste (ar lean)

Tugtar anseo thíos cuntas ar tharraingtí as an gCiste:

	2012 €m	2011 €m
Aistarraingt ag an Státchiste	-	(1,018)

(b) Sócmhainní Aistrithe chuig an gCiste

	2012 €m	2011 €m
Sócmhainní aistrithe	11	1

Aistríodh iarmhéideanna iarmharacha airgid de luach €11.1m (2011: €0.7m) ar an iomlán chuig an gCiste ó chuntais na n-ollscoileanna i rith 2012.

6. Costais

De réir Alt 26 (1) d'Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000, éilítear ar an gCoimisiún cuntas ar leith a thabhairt ar na costais riaracháin agus ar na costais eile a thabhaíonn sé agus an Ciste á fheidhmiú aige. Leagtar amach anseo thíos na costais sin:

(a) Táillí agus Costais Riaracháin Ghinearálta

	2012 €000	2011 €000
Táillí Bhainisteoirí na nInfheistíochtaí	7,342	11,981
Táillí an Taisceánaigh Dhomhanda	1,126	1,827
Córas agus Seirbhísí	991	1,875
Táillí Dlíthiúla agus Táillí Comhairle Cánach	484	843
Táillí an Choimisiúin	223	223
Táillí Sainchomhairliúcháin	125	259
Táillí Iniúcháireachta Inmheánaí	87	90
Táillí Iniúcháireachta Seachtraí	33	42
Costais an Choimisiúin	-	1
	10,411	17,141

(b) Táillí agus Costais a bhaineann le hInfheistíochtaí Stiúrtha

Táillí Comhairleacha	24	51
	24	51
Iomlán na gCostas	10,435	17,192

6. Caiteachais (ar lean)

(c) Luach Saothair agus Costais

Is é an tAire Airgeadais a shocraíonn luach saothair Chomhaltaí an Choimisiúin.

Luach saothair chomhaltaí an Choimisiúin:

Cathaoirleach: €51,424 in aghaidh na bliana

Comhaltaí Eile: €34,283 in aghaidh na bliana

Ní fhaigheann Príomhfheidhmeannach Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta aon luach saothair i leith a bhallraíochta sa Choimisiún.

Níor thabhaigh comhaltaí an Choimisiúin aon chostas le linn 2012 (2011: €834). Bhain na costais in 2011 le costais taistil agus lóistín a bhí tabhaithe ag comhaltaí a raibh cónaí orthu thar lear.

(d) I dteannta na gcostas thuasluaite, b'ionann na costais a thabhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ina cáil mar Bhainisteoir an Chiste agus €3.9m (2011: €3.7m). Gearrtar na costais seo ar an Lárchiste agus níl siad san áireamh sa tsuim thuas.

7. Sócmhainní na nInfheistíochtaí Lánroghnacha

(a) Achoimre ar na Sócmhainní

	2012 €m	2011 €m
Gnáthscaireanna Luaite	2,826	2,413
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh Neamhluaite	736	772
Taiscí agus Airgead Tirim	870	749
Infheistíochtaí Réadmhaoine Neamhluaite	454	507
Roghanna Cothromais	87	264
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	235	241
Bannaí Corparáide Neamhluaite	244	194
Airgeadraí agus Cistí Eile	244	170
Bannaí Corparáide Luaite	263	150
Infheistíochtaí Infreastruchtúir Éireannaigh Neamhluaite	46	-
Infheistíochtaí Foraoiseachta	35	32
Conarthaí Todhchaíochtaí Cothromais	(4)	(1)
Conarthaí in Airgeadraí Eachtracha	20	(93)
	6,056	5,398

7. Sócmhainní na nInfheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

b) Anailís de réir Catagóiríú Geografach

	2012 €m	2011 €m
An Eoraip	2,904	2,406
Meiriceá Thuaidh	2,230	2,208
Margaí Éiritheacha	507	392
Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise	415	392
	6,056	5,398

(c) Bhí Glansócmhainní an Chiste coinnithe mar seo a leanas amhail ag Deireadh na Bliana:

	2012 €m	2011 €m
Bainisteoirí Infheistíochtaí		
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	954	902
Blackrock Advisors (UK) Limited	967	857
State Street Global Advisors (UK) Limited	859	750
Deutsche Asset Management	263	149
Principal Global Investors	175	128
Schroders Investment Management Limited	155	123
Batterymarch Financial Management Inc	149	121
Goldman Sachs Asset Management International	122	103
Putnam Investment Limited	112	91
Oechsle International Advisors LLC	104	89
Acadian Asset Management Inc.	105	85
	3,965	3,398
Infheistíochtaí Eile		
Infheistíochtaí Cothromais Phriobháidigh Neamhluaithe	736	772
Infheistíochtaí Réadmhaoine Neamhluaithe	454	507
Infheistíochtaí i dTráchtarraí	235	241
Ciste Infreastruchtúir Éireannaigh Neamhluaithe	46	-
Bannaí Corparáide Neamhluaithe	244	194
Airgeadraí agus Cistí Eile Neamhluaithe	244	170
Generation Investment Managers	97	84
Infheistíochtaí Foraoiseachta	35	32
	2,091	2,000
Iomlán na Sócmhainní Infheistíochta	6,056	5,398

7. Sócmhainní na nInfheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

(d) Luacháil ar Infheistíochtaí

Déantar luacháil ar shócmhainní infheistíochtaí an Chiste ar a luachanna córa de réir mar a leagtar amach sa bheartas cuntasáiochta um luacháil a dhéanamh ar infheistíochtaí.

Déantar sa tábla seo a leanas anailísíú ar na sócmhainní infheistíochtaí a bhfuil a luachanna córa bunaithe ar:

- Leibhéal 1 - Praghsanna luaite ar mhargaí gníomhacha i leith sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2 - Teicnící luachála a úsáideann ionchuir shamhla atá inbhraite sa mhargadh.
- Leibhéal 3 - Teicnící luachála nach n-úsáideann ionchuir shamhla atá inbhraite sa mhargadh.

	2012 Leibhéal 1 €m	2012 Leibhéal 2 €m	2012 Leibhéal 3 €m	2012 Iomlán €m	2011 Iomlán €m
(i) Gnáthscaireanna agus Cistí Bainistithe Luaite					
Urrúis Chothromais Luaite	2,729	-	-	2,729	2,329
Ciste Cothromais Domhanda	-	97	-	97	84
Infheistíochtaí i dTráchtarraí	-	235	-	235	241
Airgeadraí agus Cistí Eile	-	244	-	244	170
Infheistíochtaí Foraoiseachta	-	-	35	35	32
(ii) Urrúis Fiachais					
Urrúis Fiachais Luaite	263	-	-	263	150
Urrúis Fiachais Neamhluaite	-	244	-	244	194
(iii) Comhpháirtíochtaí Teoranta/Iontaobhais					
Réadmhaoin	-	-	454	454	507
Cothromas Príobháideach	-	-	736	736	772
Infreastruchtúr	-	-	46	46	-
(iv) Sócmhainní Airgeadais Díorthacha					
Conarthaí Todhchaíochtaí	(4)	-	-	(4)	(1)
Roghanna Cothromais	-	87	-	87	264
Conarthaí in Airgeadraí Eachtracha	20	-	-	20	749
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	870	-	-	870	(93)
	3,878	907	1,271	6,056	5,398

I measc na sócmhainní infheistíochtaí a chuirtear san áireamh i Leibhéal 3, tá infheistíochtaí réadmhaoine, infheistíochtaí cothromais príobháidigh agus infheistíochtaí infreastruchtúir agus foraoiseachta; arb infheistíochtaí iad nach bhfuil aon mhargadh gníomhach ag baint leo. Braitheann an Ciste ar luachálacha a fhaigheann sé ó bhainisteoirí seachtracha chun luacháil a dhéanamh ar a leithéid d'infheistíochtaí mar a leagtar amach sa bheartas cuntasáiochta.

7. Sócmhainní na nInfheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

(d) Luacháil ar Infheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

Léirítear sa tábla seo a leanas réiteach na n-athruithe uile ar luachanna córa sócmhainní infheistíochtaí atá catagóirithe i Leibhéal 3 idir tús na bliana agus deireadh na bliana.

Sócmhainní Infheistíochtaí i Leibhéal 3

	2012 €m	2011 €m
Túsluacháil	1,279	1,435
Brabúis agus Caillteanais Iomlána Leibhéal 3 sa Chuntas Ciste.	55	77
Aistrithe isteach i Leibhéal 3 nó amach as	(63)	(233)
Luacháil Dheiridh	1,271	1,279

Cuimsíonn na haistrithe chuig nó ó Leibhéal 3 díolacháin de luach €286m (2011: €468m) ar an iomlán agus ceannacháin de luach €142m (2011: €235m) ar an iomlán i ndáil le hInfheistíochtaí Réadmhaoine agus Cothromais Phríobháidigh. Aistriodh Infheistíochtaí Infreastruchtúir agus Foraoiseachta chuig Leibhéal 3 le linn na tréimhse.

(e) Bhí an tAthrú ar Luach na nInfheistíochtaí Lánroghnacha atá i seilbh an Chiste mar seo a leanas i gcaitheamh na Bliana:

	2012 €m	2011 €m
Luach na nInfheistíochtaí ag Tús na Bliana	5,398	15,011
Athrú ar Luach na nInfheistíochtaí	319	(22)
Aistriú go dtí Ciste (Nóta 5)	11	1
Aistriú go dtí Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha	–	(10,000)
Aistriú ó Phunann na nInfheistíochtaí Stiúrtha	188	214
Gluaiseacht i Socruithe atá ar Feitheamh	36	(43)
Aistriú go dtí Infháltas Fadtéarmach	(24)	–
Gluaiseacht i gCúlbhannaí Airgid Thirim	9	–
Costais Ciste Íoctha	(11)	(21)
GLUAISEACHT GLANCHISTÍ	130	258
Iomlán na nInfheistíochtaí	6,056	5,398

7. Sócmhainní na nInfheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

(f) An Glanathrú Airgid arna réiteach leis an Ioncam ó Infheistíochtaí

	2012 €m	2011 €m
Ioncam glan ar Cháin Shiarchoinneálach Eachtrach	130	258
GLUAISEACHT GLANCHISTÍ	130	258
Fabhrú Ioncaim Tosaigh	(19)	(59)
Fabhrú Ioncaim Deiridh	12	19
Cáin Shiarchoinneálach Eachtrach ar Ioncam (Nóta 2)	3	(15)
Ioncam ó Infheistíochtaí (Nóta 1)	126	203

8(a) Sócmhainní Reatha

	2012 €000	2011 €000
Suimeanna Infhála le haghaidh Urrús a Díoladh	5,664	40,507
Ús Fabhraithe ar Urrúis Ioncaim Sheasta	6,072	6,018
Díbhinní Infhála	3,512	3,961
Athshlánú Cánach In-aisghabhála	2,412	7,664
Ioncam Infhála Eile	272	1,363
	17,932	59,513

8(b) Sócmhainní Neamhreatha

	2012 €000	2011 €000
Infháltais Fhadtréimhseacha	24,489	-
	24,489	-

Léiríonn na hInfháltais Fhadtréimhseacha luach reatha na sreafaí airgid conarthacha a bheidh infhaighte i gcaitheamh na tréimhse go dtí 2017 de thoradh ar infheistíochtaí cothromais phríobháidigh a dhíol.

9(a) Dliteanais Reatha

	2012 €000	2011 €000
Cúlbhannaí Airgid Thirim ag eascairt ó Idirbhearta Díorthacha (gb)	9,080	-
Suímeanna Iníoctha le haghaidh Urrús a Ceannaíodh	2,522	1,322
Táillí Bhainisteoir an Chiste is Iníoctha	1,568	2,143
Táillí Iníoctha an Taisceánaigh Dhomhanda	168	523
CBL is Iníoctha agus Caiteachais Fhabhráithe Eile	485	952
	13,823	4,940

9(b) Comhthaobhacht Airgid arna heascair as Idirbhearta Díorthach

	2012 €000	2011 €000
Iarmhéid Tosaigh	-	-
Cúlbhannaí Airgid Thirim a íocadh le Contrapháirtithe	(166,810)	-
Cúlbhannaí Airgid Thirim a fuarthas ó Chontrapháirtithe	175,890	-
Glan-Chomhthaobhacht Airgid ar Láimh	9,080	-

Is éard atá i gceist leis an gcomhthaobhacht airgid a eascraíonn as idirbhearta díorthach faoi Iarscríbhinní Tacaíocht Chreidmheasa ná taiscí airgid a bhfuil contrapháirteanna díorthach ag baint leo nó taiscí airgid a thagann ó chontrapháirteanna díorthach. Is minic go n-athraíonn na hiarmhéideanna seo ó lá go lá agus braitheann siad ar mhargadhluach na mbundhíorthach.

10. Infheistíochtaí Stiúrtha

Thug an tAcht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009 de chumhacht don Aire Airgeadais treoir a thabhairt don Choimisiún infheistiú in institiúidí airgeadais nó eisiúintí scaireanna arna ndéanamh ag na hinstiúidí seo a fhrithghealladh. Rinneadh na chéad Infheistíochtaí Stiúrtha in 2009. Leagtar amach anseo thíos luachálacha deireadh bliana, athruithe agus idirbhearta i leith na nInfheistíochtaí Stiúrtha le linn 2012.

(a) Luacháil ar na hInfheistíochtaí Stiúrtha

	Aonaid 2012 Milliún	Luacháil (€) San Aonad	2012 €m	2011 €m
Banc na hÉireann				
Gnáthscaireanna	4,512	0.1140	514	370
Scaireanna Tosaíochta (1)	1,837	0.9167	1,684	1,473
			2,198	1,843
Bainc-Aontas Éireann				
Gnáthscaireanna (1)	516,234	0.0079	4,078	3,896
Scaireanna Tosaíochta (1)	3,500	0.6638	2,324	2,223
			6,402	6,119
Iomlán na nInfheistíochtaí Stiúrtha			8,600	7,962

(1) Mar gheall ar gur infheistíochtaí neamhluaithe, neamhthrádálte iad na scaireanna tosaíochta i mBainc-Aontas Éireann (AIB) agus i mBanc na hÉireann, agus mar gheall ar shealúchas gnáthscaireanna an Chiste in AIB (99.8%), d'fhostaigh an Coimisiún Goodbody Corporate Finance ("Goodbody") chun luach cóir neamhspleách a chur ar na hinfheistíochtaí amhail ar an 31 Nollaig 2012.

Chuir Goodbody luach cóir neamhspleách ar na hinfheistíochtaí seo ag deireadh 2011 chomh maith.

Bhain Goodbody feidhm as teicníc luachála éagsúil chun luacháil a dhéanamh ar shealúchas scaireanna tosaíochta an Chiste in AIB in 2012 i gcomparáid leis an teicníc a úsáideadh in 2011. Dá mba rud é go n-úsáidfeadh Goodbody an teicníc luachála a d'úsáid sé in 2012 chun luacháil a dhéanamh ar na scaireanna tosaíochta in AIB in 2011, méadú de €226m (10%) ar luacháil 2011 a bheadh de thoradh air. Níl na luachálacha nua comhionann leis na luachálacha roimhe toisc gur úsáideadh boinn tuisceana athraithe i ndáil leis an uainiú agus leis an meicníocht a d'úsáidfeadh chun na scaireanna tosaíochta a fhuascailt.

10. Infheistíochtaí Stiúrtha (ar lean)**(b) Achoimre ar an Athrú ar an Luacháil ar na hInfheistíochtaí Stiúrtha**

	2012 €m	2011 €m
Banc na hÉireann		
Túsluacháil	1,843	2,171
Díbhinní Faighte	188	214
Infheistíocht i nGnáthscaireanna	–	1,230
Brabús/(Caillteanas) Infheistíochta i rith na Bliana	355	(506)
Táillí Idirbheart Íochta	–	(34)
Aistriú go dtí Infheistíochtaí Lánroghnacha	(188)	(214)
Aistarraingt ag an Státchiste	–	(1,018)
Luacháil Dheiridh	2,198	1,843
Bainc-Aontas Éireann		
Túsluacháil	6,119	5,456
Infheistíocht i gCaipiteal Bhainc-Aontas Éireann	–	8,771
Díbhinní Faighte	28	289
Brabús/(Caillteanas) Infheistíochta i rith na Bliana	255	(8,397)
Luacháil Dheiridh	6,402	6,119

(c) Achoimre ar na hInfheistíochtaí Stiúrtha

Ó 2009 i leith, rinneadh €16.0 billiún de shócmhainní an Chiste a infheistiú i mBainc-Aontas Éireann (AIB) agus €4.7bn i mBanc na hÉireann ar ordachán ón Aire Airgeadais trí mheascán de ghnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta agus trí ranníocaíocht chaipitil (i gcás AIB amháin).

Íocann na scaireanna tosaíochta díbhinn sheasta neamhchamach bhliantúil de 8% i gcás AIB agus de 10.25% i gcás Bhanc na hÉireann. Mura n-íoctar an díbhinn in airgead tirim, gheobhaidh an Ciste an díbhinn i bhfoirm gnáthscaireanna. Féadann na bainc na scaireanna tosaíochta a cheannach ar ais ar €1 in aghaidh na scaire laistigh de na chéad chúig bliana agus ar €1.25 in aghaidh na scaire d'éis na tréimhse sin.

Ó cuireadh scéim na n-infheistíochtaí stiúrtha ar bun, tá faighte €2bn in airgead tirim i bhfoirm díbhinní agus ioncaim eile (€1bn) agus de thoradh ar infheistíochtaí stiúrtha a dhíol (€1bn).

Amháil ar an 31 Nollaig 2012, bhí 99.8% de AIB agus 15.1% de Bhanc na hÉireann i seilbh an Chiste.

10. Infheistíochtaí Stiúrtha (ar lean)

(d) Idirbhearta Infheistíochtaí Stiúrtha i gcaitheamh 2012

Ní dhearnadh aon infheistíocht stiúrtha nua in 2012.

I bhFeabhra 2012, d'íoc Banc na hÉireann díbhinn i leith scaireanna tosaíochta de luach €188.3m in airgead tirim.

I mBealtaine 2012, d'íoc Boinc-Aontas Éireann an díbhinn dhlite i leith scaireanna tosaíochta de luach €280m i bhfoirm gnáthscaireanna. Fuair an Ciste 3,624m (2011: 1,247m) gnáthscair de AIB. Meastar gurb ionann luach cóir na ngnáthscaireanna a fuarthas agus €28m bunaithe ar chomhairle neamhspleách luachála.

(e) Forbairtí ó dheireadh na bliana

I bhFeabhra 2013, d'íoc Banc na hÉireann díbhinn i leith scaireanna tosaíochta de luach €188.3m in airgead tirim.

I mBealtaine 2013, d'íoc Boinc-Aontas Éireann an díbhinn dhlite i leith scaireanna tosaíochta de luach €280m i bhfoirm gnáthscaireanna. Fuair an Ciste 4,144m gnáthscair de AIB. Déanfaidh an Ciste luacháil ar na scaireanna seo ar an luach cóir.

11. Ceangaltais

(a) Ceangaltais Airgeadraí Eachtracha agus Todhchaíochtaí

Tugtar anseo thíos cuntas ar phríomhshuim bharúlach agus ar ghnóthachan / (chailteanas) na gconarthaí díorthach airgeadra a rinne an Bainisteoir agus na bainisteoirí infheistíochtaí thar ceann an Chiste:

	2012 Ainmniúil Príomhshuim €m	2012 Neamhréadaithe gnóthachan / (cailteanas) €m	2011 Ainmniúil Príomhshuim €m	2011 Neamhréadaithe gnóthachan / (cailteanas) €m
GBCN				
Réamhchonarthaí in Airgeadraí Eachtracha Conarthaí	1,413	15	1,488	(91)
Bainisteoirí Infheistíochtaí				
Réamhchonarthaí in Airgeadraí Eachtracha Conarthaí	413	5	318	(2)
Todhchaíochtaí Airgeadais	(577)	(4)	(279)	(1)
		16		(94)

Conarthaí in Airgeadraí Eachtracha

Tá de nós ag an gCiste rioscaí ó thaobh na n-airgeadraí eachtracha de a fháil trí leas a bhaint as réamhchonarthaí in airgeadraí eachtracha.

Níl cead ag bainisteoirí infheistíochtaí an Chiste conarthaí in airgeadraí eachtracha a dhéanamh chun a bpunanna a bhainistiú ach amháin nuair atá siad in oiriúint leis an Ráiteas maidir le Cuspóirí na nInfheistíochtaí agus leis na Sriantaí arna gcomhaontú leis an gCiste.

11. Ceangaltais (ar lean)

(a) Ceangaltais i ndáil le hAirgeadraí Eachtracha agus le Todhchaíochtaí (ar lean)

Is ionann an luach barúlach agus iomlán na gconarthaí in airgeadraí eachtracha atá neamhíoctha amhail ag deireadh na bliana. Tugann luach barúlach diúltach suíomh gearr le fios. Léiríonn an margadhluach an gnóthachan / (cailteanas) neamhréadaithe ar na conarthaí sin amhail ag deireadh na bliana.

Todhchaíochtaí Airgeadais

Níl cead ag bainisteoirí infheistíochtaí an Chiste conarthaí todhchaíochtaí a dhéanamh ach amháin nuair atá siad in oiriúint leis an Ráiteas maidir le Cuspóirí na nInfheistíochtaí agus leis na Sriantaí arna gcomhaontú leis an gCiste. Léiríonn an margadhluach an gnóthachan / (cailteanas) neamhréadaithe ar na conarthaí atá i seilbh amhail ag deireadh na bliana.

(b) Ceangaltais i ndáil le Réadmhaoín, le Cothromas Príobháideach, agus le Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide

Tá ceangaltais déanta ag an gCiste i leith infheistíochtaí áirithe i réadmhaoín, i gothromas príobháideach, i ngnóthais bheaga agus mheánmhéide agus in infreastruchtúr.

Tugtar anseo thíos cuntas ar na ceangaltais chaipitil neamhghlaoite i leith na n-infheistíochtaí seo:

	2012 €m	2011 €m
Infheistíochtaí Réadmhaoine	58	80
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh	267	414
Infheistíochtaí Infreastruchtúir	221	–
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh i nGnóthais Bheaga agus Mheánmhéide	125	–
	671	494

12. Dlíteanas Theagmhasacha

Is í tuairim an Choimisiúin nach bhfuil aon dlíteanas teagmhasach ábharach ag an gCiste amhail ar an 31 Nollaig 2012. (2011: Nialas).

13. Iasachtú Urrús

Trí chlár a ndéanann a Thaisceánach Domhanda bainistiú air, tugtar cuid de na hurrúis sa Chiste ar iasacht ó am go chéile.

Faigheann an Ciste ioncam ón Taisceánach Domhanda as urrúis a thugtar ar iasacht. Le linn 2012 thuil an Ciste €0.8 milliún trí urrúis a thabhairt ar iasacht (2011: €1 milliún).

Tugtar iasachtaí do chontrapháirtithe formheasta a chomhlíonann na mionchritéir chreidmheasa. Daingnítear na hiasachtaí le cúlbhannaí de bhannaí rialtais; bannaí eisitheoirí osnáisiúnta sonraithe; bascaeid innéacs cothromais shonraithe agus airgead tirim. Ní mór gurb ionann luach an chúlbhannaí arna choimeád ag an Taisceánach Domhanda agus 102% de luach margaidh na n-urrús a tugadh ar iasacht má tá an

13. Iasachtú Urrús (ar lean)

cúlbhannaí san airgeadra céanna is atá na hurrús a tugadh ar iasacht agus 105% de sin mura bhfuil an cúlbhannaí san airgeadra céanna is atá na hurrús a tugadh ar iasacht. Má thiteann luach an chúlbhannaí faoi na teorainneacha riachtanacha, iarann an Taisceánach Domhanda cúlbhannaí breise ar an gcontrapháirtí, agus athbhunaítear riachtanais chúlbhannaí an lá dár gcionn.

Ar 31 Nollaig 2012, bhí luach margaidh na n-urrús a tugadh ar iasacht cothrom le €298.2 mhilliún (2011: €531.2 mhilliún). Bhí cúlbhannaí 107.68% ag an gCiste (2011: 108.56%) de mhargadhluach na n-urrús a tugadh ar iasacht.

14. Páirtithe Bainteacha

(a) An tAire Airgeadais

Mar a leagtar amach i nóta 5, bhí ranníocaíochtaí le déanamh ag an Aire Airgeadais leis an gCiste trí mhuirear bliantúil ar an gCiste Lárnach a bhí cothrom le 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) faoi alt 18(2b) den Acht. *Leasaíodh Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* in 2010 leis an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010 chun foráil a dhéanamh go bhféadfadh an ranníocaíocht bhliantúil leis an gCiste bheith níos lú ná 1% den OTN. I.R. 584, *fán Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000* (Ranníocaí Cúlchiste a Fhionraí) 2012, rinneadh foráil nach n-íocfaí aon suim isteach sa Chiste sna blianta 2012 agus 2013.

Cheap an tAire Airgeadais Coimisinéirí an Chiste faoi Alt 7 den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000*.

(b) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 21 (2) den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*, ceapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar Bhainisteoir ar an gCiste ag an gCoimisiún ó 2 Aibreán 2001 ar feadh 10 mbliana. I ndiaidh éag an cheapacháin seo, athcheapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar Bhainisteoir ar feadh cúig bliana ó 2 Aibreán 2011 de réir alt 21 (3) den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*.

15. Bainistiú Riosca Airgeadais

I ngnáthchúrsa a chuid gníomhaíochtaí, déanann an Ciste bainistiú go gníomhach ar réimse rioscaí airgeadais lena n-áirítear riosca margaidh, riosca creidmheasa agus riosca leachtachta. Déanann an Ciste rioscaí a shainiú agus a thomhas agus déanann sé faireachán orthu trí shásraí rialála éagsúla mar a leagtar síos sna ranna atá le teacht. Tomhaiseann an Ciste fáltais agus déanann sé faireachán ar rioscaí punainne in Euro.

Tá an Coimisiún freagrach as an riosca sa Phunann Lánroghnach agus is é an tAire Airgeadais atá freagrach as na rioscaí a bhaineann le hInfheistíochtaí Stiúrtha. Ní thagraíonn an nóta seo ach do riosca airgeadais sa Phunann Lánroghnach.

(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis

Is é atá i riosca margaidh an riosca cailteanais fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an gCiste de thoradh athruithe diúltacha ar luach cóir ionstraimí airgeadais an Chiste.

Is gá plé le riosca margaidh d'fhonn toradh a ghiniúint.

15. Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)

(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis (ar lean)

Is í an phríomhfhoinsé riosca don Chiste an dearbhriosca margaidh atá i leithdháileadh straitéiseach acmhainní nó tagarmhairc an Chiste. Áirítear ar riosca margaidh luaineacht i gcothromas, praghas bannaí agus infheistíochtaí eile, rátaí airgeadra agus rátaí úis. Tá gach iarracht déanta ag an gCoimisiún chun an toradh féideartha a uasmhéadú ach chun an luaineacht a choinneáil laistigh de theorainneacha réasúnacha ag an am céanna trí infheistíochtaí an Chiste a éagsúlú sna haicmí éagsúla sócmhainne.

I bhfianaise na n-athruithe suntasacha atá déanta ar an gCiste ó 2009, na n-éileamh leachtachta atá i ndán don Choiste, agus na neamhchinnteachta i leith chuspóir agus sainordú an Chiste as seo amach,

chuir an Coimisiún tús le Straitéis um Chaomhnú Caipitil a chur i ngníomh in 2011 agus leanadh den chur i ngníomh seo in 2012, d'fhoill méid áirithe cosanta ar an taobh thíos a sholáthar i gcoinne aon mheatha a thiofadh ar an margadh cothromais agus chun roinnt rannpháirtíochta a éascú má éiríonn go maith leis na margáí.

Déanann an Bainisteoir faireachán laethúil ar dhearbhosca margaidh an Chiste (tomhas ex-ante) agus ar fheidhmíocht an Chiste (tomhas ex-post). Is é seo an rialú rithábhachtach i leith maoirsiú a dhéanamh ar an riosca iomlán a eascraíonn sa Chiste. Léirítear sna nósanna imeachta bainistíochta riosca, a ndéantar cur síos breise orthu sa nóta seo, anailís is mionsonraithe de na codanna de riosca margaidh an Chiste go príomha.

Eascraíonn an riosca margaidh coibhneasta as feidhmíocht bainisteoirí infheistíochtaí CNP i gcomparáid lena dtagarmharcanna, agus as aon chinneadh beartach a dhéantar maidir le leithdháileadh sócmhainní nach bhfuil in oiriúint le leithdháileadh straitéiseach sócmhainní an Chiste. Tomhaistear riosca diallais fháltas iarbhir an Chiste ón bhfáltas tagarmhairc a eascraíonn as riosca margaidh coibhneasta trí earráid rianaithe, an diall caighdeánach a bhfuiltear ag súil leis den difríocht idir feidhmíocht punainne nó fophunainne agus a punann tagarmhairc. Is é atá i ndiall caighdeánach coincheap staitistiúil a léiríonn athraitheacht fáltais. De thoradh na Straitése um Chaomhnú Caipitil, tá laghdú tagtha ar luaineacht an Chiste agus ar an dóchúlacht go dtitfidh luach an Chiste, ach toradh eile is ea go bhfuil riosca coibhneasta is airde agus, dá bhrí sin, earráid rianaithe is airde ag an gCiste.

Cuimsíonn riosca margaidh trí shaghas riosca: praghasriosca, riosca airgeadra agus riosca ráta úis

(i) Praghasriosca

Is é atá i bpraghasriosca an riosca go luaineodh luach sócmhainne ina hairgeadra áitiúil mar gheall ar athruithe ar an bpraghas margaidh, de bharr toasca a bhaineann go sonrach leis an ionstraim airgeadais aonair nó lena heisitheoir, nó toasca a bhfuil éifeacht acu ar na hionstraimí airgeadais chomhchosúla a thrádáiltear sa mhargadh.

Neamhchosaint Praghasriosca

Is é an t-uasluach sócmhainne atá neamhchosanta ó phraghasriosca ar 31 Nollaig 2012 luach na sócmhainní infheistíochta mar a shonraítear sa tábla seo a leanas iad:

15. Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)**(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis (ar lean)****(i) Praghasriosca (ar lean)**

	2012 €m	2011 €m
Neamhchosanta i leith Praghasriosca		
Infheistíochtaí Luaite (1)	3,655	3,238
Infheistíochtaí Neamhluaite	244	194
Réadmhaoin	454	507
An Fhoraoiseacht	35	32
Cothromas Príobháideach	736	772
Infreastruchtúr	46	-
Díorthaigh (Glan)	16	(94)
Iomlán	5,186	4,649
Cosanta i leith Praghasriosca		
Airgead Tirim	870	749
Iomlán Sócmhainní Infheistíochta an Chiste Lánroghnaigh	6,056	5,398

(1) Laghdaítear neamhchosaint an Chiste ó infheistíochtaí luaite le €553 mhilliún (2011: €279 milliún) trí úsáid a bhaint as conarthaí todhchaíochtaí (nach bhfuil san áireamh sa tábla thuas). Tá céadroghanna ar cheannach maidir le hinnéacs cothromais le luach ainmniúil €500 milliún (2011: Náid) agus céadroghanna ar dhíol maidir le hinnéacs cothromais le luach ainmniúil €1,300 milliún (2011: €1,415 mhilliún).

Bainistíocht Praghasriosca

Léirítear anailís gheografach ar phunann infheistíochta an Chiste i Nóta 7(b). Léiríonn sé seo go bhfuil éagsúlú ann de réir an mhargaidh. Déanann an Bainisteoir monatóireacht ar an bpraghasriosca atá de dhlúth agus d'ineach sa phunann infheistíochta trí rochtain iomlán, thráthúil ar fhaisnéis ábhartha a chinntiú ó bhainisteoirí infheistíochtaí an Chiste. Tionólann an Coimisiún go rialta agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht infheistíochta ag gach cruinniú.

(ii) Riosca Airgeadra

Is é atá i riosca airgeadra an riosca go luaineodh luach sócmhainne nó dliteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte airgeadra. Is é an Euro bunairgeadra an Chiste. Ach tá sócmhainní infheistíochta ag an gCiste atá ainmnithe in airgeadraí seachas an Euro agus, dá bhrí sin, tá éifeacht ag luaineacht i rátaí malairte airgeadra air.

Níl aon dliteanas airgeadais suntasach ag an gCiste atá ainmnithe in airgeadraí seachas an Euro. Ach tá ceangaltas gan íoc ag an gCiste i leith réadmhaoine agus infheistíochtaí cothromais phríobháidigh ar fiú \$244 mhilliún (dollar na Stát Aontaithe) agus 542 mhilliún Yen iad ar 31 Nollaig 2012.

Bainistíocht Riosca ó thaobh na nAirgeadraí de

Tá de nós ag an gCiste rioscaí ó thaobh na n-airgeadraí eachtracha de a fháil trí leas a bhaint as réamhchonarthaí in airgeadraí eachtracha. Maidir le cothromais fhorbartha luaite, úsáideann an Ciste réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun neamhchosaint airgeadra a choimeád ag 50% de neamhchosaint airgeadra eachtraigh shealúchas bunúsach

15. Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)**(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis (ar lean)***(ii) Riosca Airgeadra (ar lean)*

an Chiste. Maidir lena mhaoín agus lena infheistíochtaí cothromais phríobháidigh, fálaíonn an Ciste 50% dá chuid infheistíochtaí cothromais phríobháidigh nach n-ainmnítear in euro agus 100% dá chuid infheistíochtaí réadmhaoine nach n-ainmnítear in euro. Fritháiríonn an brabús/(caillteanas) ar na réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh seo an t-athrú ar luach infheistíochtaí an Chiste nach n-ainmnítear in euro de bharr gluaiseachtaí sa ráta malairte.

Neamhchosaint Riosca ó thaobh na nAirgeadraí de

Léiríonn an tábla seo a leanas na luachanna sócmhainní neamhchosanta ón riosca airgeadra ar 31 Nollaig 2012 roimh éifeacht an fhálaithe airgeadra agus ina dhiaidh:

Airgeadra na Sócmhainní Infheistíochta: 2012

	Airgeadra Áitiúil m	Bunairgeadra €m	Fálúneamhchosaint €m	Glan- Fálúneamhchosaint €m
Dollar na Stát Aontaithe	2,995	2,270	(1,141)	1,129
Yen na Seapáine	9,842	87	(48)	39
Punt Steirling	99	121	(63)	58
Dollar Hong Cong	1,636	160	(28)	132
Dollar na hAstráile	72	57	(28)	29
Dollar Cheanada	128	97	(47)	50
An Franc Eilvéiseach	22	18	(10)	8
Críoch Lochlann	Ilchineálach	23	(12)	11
Eile	Ilchineálach	364	(21)	343
Iomlán		3,197	(1,398)	1,799

Airgeadra na Sócmhainní Infheistíochta: 2011

	Airgeadra Áitiúil m	Bunairgeadra €m	Fálúneamhchosaint €m	Glan- Fálúneamhchosaint €m
Dollar na Stát Aontaithe	2,799	2,163	(1,139)	1,024
Yen na Seapáine	14,943	149	(77)	72
Punt Steirling	167	200	(111)	89
Dollar Hong Cong	1,039	103	(27)	76
Dollar na hAstráile	106	83	(44)	39
Dollar Cheanada	132	100	(52)	48
An Franc Eilvéiseach	53	44	(23)	21
Críoch Lochlann	Ilchineálach	28	(14)	14
Eile	Ilchineálach	284	(15)	269
Iomlán		3,154	(1,502)	1,652

15. Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)

(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis (ar lean)

(iii) Riosca Ráta Úis

Is é atá i riosca ráta úis an riosca go luaineodh sreabhaí airgid ionstraime airgeadais, agus luach ionstraime airgeadais, de bharr athruithe ar rátaí úis an mhargaidh. Tá infheistíochtaí ioncaim sheasta an Chiste soghabhálach i leith athruithe luacha de bharr luaineachta i rátaí úis an mhargaidh.

Neamhchosaint Ráta Úis

Léiríonn an tábla seo a leanas luach na n-urrús a bhfuil ús seasta acu agus atá neamhchosanta ó riosca ráta úis ar 31 Nollaig 2012.

Infheistíochtaí a bhfuil Ús Seasta ag gabháil leo

	2012 €m	2011 €m
Suimeanna a thioctaidh in aibíocht laistigh d'aon bhliain amháin	1	22
Suimeanna a thioctaidh in aibíocht idir 1 bhliain amháin agus 5 bliana	121	74
Suimeanna a thioctaidh in aibíocht tar éis 5 bliana (2)	278	194
Iomlán na nInfheistíochtaí a bhfuil Ús Seasta ag gabháil leo	400	290

(2) Tá laghdú de €24 mhilliún ar neamhchosaint an Chiste ó urrús a bhfuil ús seasta ag gabháil leo a aibíonn tar éis cúig bliana trí úsáid a bhaint as conarthaí todhcháiochtaí (nach n-áirítear sa tábla thuas). Léiríonn an tábla seo sciar na sócmhainní airgeadais atá neamhchosanta ó athruithe ar riosca ráta úis. Ar chúiseanna nochtaithe, áirítear sócmhainní a bhfuil ús seasta ag gabháil leo le neamhchosaintí ó phraghasriosca agus ó riosca ráta úis. Chomh maith leis na hurrús úsmhara a shonraítear sa tábla thuas, tá airgead infheistíochta ag an gCiste ar fiú €0.9 billiún (2011: €0.7 billiún). Is úsmhar na sócmhainní seo agus luaineoidh sreabhaí airgid ó na sócmhainní seo le hathruithe ar rátaí úis an mhargaidh sa todhcháí.

(iii) Bainistíocht Riosca Ráta Úis

Tá aird ag an gCiste ar na héifeachtaí féideartha a bheadh ag athrú ar rátaí úis ar luach cóir sócmhainní airgeadais úsmhara nuair a dhéantar cinntí maidir le hinfeistíocht.

(b) Riosca Creidmheasa

Is é atá i riosca creidmheasa an riosca go dtabhódh an Ciste caillteanas dá mainneodh contrapháirtí a oibleagáidí i leith an Chiste a chomhlíonadh.

Neamhchosaint Riosca Creidmheasa

Eascaíonn an príomhriosca creidmheasa a bhfuil an Ciste neamhchosanta uaidh as infheistíochtaí an Chiste in urrús airgid thirim agus fiachais. Luacháiltear sócmhainní an Chiste ar luach cóir, a léiríonn measúnú an mhargaidh ar dhóchúlacht agus éifeacht mheasta mainneachtana. Déantar bainistiú ar riosca creidmheasa, mar sin, trí thagairt do phraghasriosca an mhargaidh. Tá an Ciste faoi réir riosca creidmheasa contrapháirtí ar dhíorthaigh thrádála, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

15. Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)

(b) Riosca Creidmheasa (ar lean)

Is í an uas-neamhchosaint ó riosca creidmheasa ar 31 Nollaig 2012 an luach tugtha atá ar na sócmhainní airgeadais mar a leagtar síos thíos.

	2012 €m	2011 €m
Urrúis Fiachais Corparáideacha	507	344
Infháltais Fhadtréimhseacha	24	-
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim (1)	870	805
Ioncam Fabhráithe ó Infheistíochtaí	4.	5
Díorthaigh	4.	1
Iomlán	1,409	1,155

(1) Áirítear ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim 2011 airgead tirim a choimeádtar mar chuid de chlár cúlbhannaí airgid thirim iasachtaithe urrús.

Bainistíocht Riosca Creidmheasa

Is é is cuspóir le bainistiú a dhéanamh ar riosca creidmheasa an éifeacht atá ag mainneachtain contrapháirtí ar shócmhainní airgeadais an Chiste a íosmhéadú. Tríd an mbainisteoir tá d'aidhm ag an gCiste a neamhchosaint riosca creidmheasa contrapháirtí a mhaolú trí fhaireachán a dhéanamh ar mhéid a neamhchosanta creidmheasa ó chontrapháirtithe, agus ar acmhainneacht creidmheasa a chomhpháirtithe, lena n-áirítear teorainneacha cuí neamhchosanta a shocrú. Roghnaítear contrapháirtithe bunaithe ar a rátáil airgeadais, a dtimpeallachtaí rialála agus imthosca sainiúla riosca creidmheasa.

Mionsonraítear sa chuid seo a leanas na polasaithe bainistíochta riosca arna nglacadh i leith na sócmhainní airgeadais atá neamhchosanta ó riosca creidmheasa:

Maidir le hurrús úsmhara, féachtar do rátáil chreidmheasa an eisitheora chun riosca mainneachtana don Chiste a íosmhéadú. Déantar infheistíochtaí i réimse leathan eárnálacha tionsclaíochta agus eisitheoirí chun riosca creidmheasa a laghdú.

Eascraíonn ionstraimí airgeadais díorthacha a ghineann riosca creidmheasa as réamhchonarthaí airgeadra an Chiste agus as conarthaí babhtála airgeadraí. Ní dhéileáiltear réamhchonarthaí airgeadra ach le contrapháirtithe formheasta laistigh de theorainneacha sainithe. D'fhonn rioscaí creidmheasa a eascraíonn as idirbhearta díorthaigh a mhaolú, i gcásanna áirithe téann an Ciste isteach in Iarscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa (ITCanna) lena chontrapháirtithe margaidh. Teastaíonn ó ITCanna go bpostálann contrapháirtithe cúlbhannaí in imthosca sonraithe.

Socraítear réamhchonarthaí airgeadra trí Shocrú Ceangailte Leanúnach (SCL) ina réamh-chomhoiriúnaítear trádálacha roimh an dáta socraithe a theorannaíonn an riosca de mhainneachtain socraithe. Tá urrús an Chiste ag Taisceánach Domhanda an Chiste, Bank of New York Mellon, i gcuntais leithscartha, rud a íoslaghdaíonn an riosca de chaillteanas luacha na n-urrús arna gcoimeád ag an Taisceánach Domhanda. Má theipeann air, d'fhéadfadh go lagófaí cumas an Chiste na hurrús a aistriú go sealadach. Is ball Taisceánach Domhanda an Chiste de mhalartán mór urrús agus ar 31 Nollaig 2012 bhí rátáil chreidmheasa Moody's Aa1 aige (2011: Aa2). Déanann an Bainisteoir athbhreithniú rialta ar rátáil chreidmheasa an taisceánaigh dhomhanda.

15. Bainistiú Riosca Airgeadais (ar lean)

(b) Riosca Creidmheasa (ar lean)

Ar 31 Nollaig 2012 bhí airgead tirim coimeádta ag Banc Ceannais na hÉireann agus leis an Taisceánach Domhanda. Níor coimeádadh airgead tirim mar chúlbhannaí mar chuid den Chlár Iasachtaithe Urrús ar 31 Nollaig 2012 (2011: €56 mhilliún).

(c) Riosca Leachtachta

Is é atá i riosca leachtachta an riosca go mbeadh deacrachtaí ag an gCiste i leith a oibleagáidí a chomhlíonadh tráth a mbeadh siad dlite. Eascraíonn príomhfhoinsé an riosca seo don Chiste as luach cheangaltais an Chiste do chomhpháirtíochtaí teoranta maoiné agus cothromais phríobháidigh agus caiteachas oibríochtúil leanúnach.

Bainistíocht Riosca Leachtachta

Déanann an Ciste faireachán ar a neamhchosaint ó riosca leachtachta trí fhaireachán a dhéanamh ar leachtacht a phunainne infheistíochta agus leibhéil chúí sócmhainní leachtacha a choimeád. Bhí sócmhainní an-leachtach ar fiú €0.9 billiún iad ag an gCiste ar 31 Nollaig 2012 (2011: €0.7 billiún), a raibh ann airgead tirim agus sócmhainní cóibhéisí airgid thirim. Ina theannta sin maolaíonn an Ciste a neamhchosaint ó riosca leachtachta trí infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní ar féidir iad a réadú go réidh ag costais ísle bheartaíochta agus laistigh de chreat gairid ama. In 2012 bhí sócmhainní arbh fhéidir iad a réadú go réidh ar fiú €4.2 billiún iad ag an gCiste (2011: €3.7 billiún).

16. Imeachtaí dá éis sin

An 13 Meitheamh 2013, d'fhógair an Rialtas a chinneadh chun an Ciste Infheistíochta Straitéisí in Éirinn a chur ar bun, agus táthar ag súil leis go n-achtófar an reachtaíocht bhainteach i dtreo dheireadh 2013. Tar éis achtú na reachtaíochta nua, táthar ag súil go ndíscaoilfear Choimisiún CNP agus go gcuirfear struchtúr nua rialachais i bhfeidhm laistigh de GBCN. Tá an Coimisiún tiomanta do thrasdul ordúil a chinntiú ó CNP go dtí CISÉ, agus ón gCoimisiún go dtí na socrúithe nua rialachais laistigh de GBCN agus déanfaidh an Coimisiún ar féidir leis chun tacú leis an trasdul seo. Níl aon éifeacht ar luachanna tugtha na n-infheistíochtaí ag deireadh na bliana ag eascairt ón gcinneadh seo.

Seachas ar tharla i ndiaidh dheireadh na bliana mar a leagtar síos thuas agus i nóta 10, ní raibh aon teagmhas suntasach eile a raibh tionchar aige ar an gCiste ar 31 Nollaig 2012.

17. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Coimisiún na ráitis airgeadais ar an 19 Meitheamh 2013.

78
Urrúis Luaite
– Gnáthscaireanna

103
Urrúis Luaite
– Bannaí Corparáide

106
Urrúis Neamhluaite
– Bannaí Corparáide

107
Urrúis Neamhluaite
– Réadmhaoin

107
Urrúis Neamhluaite
– Cothromas
Príobháideach

108
Urrúis Neamhluaite
– Infreastruchtúr

108
Infheistíochtaí i
dTráchtearraí

108
Airgeadraí agus
Cistí Eile

108
Gnáth-scair-
roghanna
Díorthaigh

108
Cistí Foraoiseachta

108
Airgead Tirim, Taiscí
agus Gnóthachan
Neamhréadaithe
Gnóthachain /
Cailteanais

108
Infheistíochtaí
Stiúrtha

Urrúis Luaite – Gnáthscaireanna

An Eoraip			Sealúchas	Cur Síos ar an Urrús	Margadhluach €	Sealúchas	Cur Síos ar an Urrús	Margadhluach €
An Ostair								
764	AMS	62,021	3,815	Auriga Industries B	44,741	833	Boiron	21,800
6,458	Andritz	313,471	4,532	Carlsberg	336,514	401	Bollore	103,298
63,404	Erste Group Bank	1,523,281	5,545	Coloplast B	205,494	2,690	Bonduelle	192,335
564,273	Immoeast	0	57,979	Danske Bank	743,291	817	Bongrain	37,419
95,134	Immofinanz	302,146	7,804	DSV	152,398	98,510	Bouygues	2,206,624
491,815	Immofinanz	0	2,257	FLSmidth & Co	98,980	4,765	Bureau Veritas	403,357
46,574	Immofinanz Nachsprung	0	46,387	GN Store Nord	508,572	91	Burelle	16,744
2,200	Oesterreichische Post	68,640	2,173	Lundbeck H	24,144	40,107	Cap Gemini	1,317,916
14,417	OMV	394,377	44,038	Novo-Nordisk	5,409,573	154,898	Carrefour	2,996,502
9,173	Polytec	53,846	10,580	Novozymes	225,752	3,669	Casino Guichard Perrachon	264,535
